

An Chomhairle um Oideachas  
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



# Struchtúr Oideachais na Gaeltachta

Aibreán 2007

An Dr Peadar Ó Flatharta



# Clár

Brollach ..... 1

## **Caibidil 1**

Réamhrá agus Cur i Láthair ..... 2

## **Caibidil a 2**

Oideachas na Gaeltachta Cúlra Stairiúil ..... 7

## **Caibidil a 3**

Coimisiúin, Comhairlí agus Tuarascálacha ..... 13

## **Caibidil a 4**

Geallsealbhóirí an Oideachais Ghaeltachta ..... 43

## **Caibidil a 5**

Moltaí agus Tatal ..... 59

Tagairtí ..... 72

Aguisín 1 ..... 73

# Brollach

Nuair a d'iarr an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta orm taighde a dhéanamh ar mhaithe le struchtúr a mholadh d'oideachas na Gaeltachta, is ag filleadh ar réimse a raibh taithí mhaith agam air roimhe seo a bhí mé. D'oibrigh mé féin sa chóras sin mar mhúinteoir, mar phríomhoide agus mar eagraí i réimse an bhunoideachais.

Díol suntais is ea a laghad spéise atá curtha ag lucht taighde i gcóras oideachais na Gaeltachta go dtí seo. Tá eisceachtaí ann ar ndóigh; luaim ach go háirithe an tOllamh Séamas Ó Buachalla, an tOllamh John Coolahan, an Dr Aidan Kelly, agus an Dr Valerie Jones. Is léir dom go bhfuil an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) tar éis an-obair a dhéanamh sa réimse seo ó bunaíodh í. Tá mé buíoch go raibh deis agam cuidiú leis an gComhairle san obair sin.

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis na daoine uile a chuidigh liom an taighde seo a dhéanamh. Bhí Cathaoirleach COGG, Breandán Mac Cormaic, agus Príomhfheidhmeannach na Comhairle, Muireann Ní Mhóráin, tacúil agus spreagúil i gcónaí agus bhí tacaíocht ar fáil ó fhoireann eile na Comhairle. Tá mé buíoch de na daoine sna heagrais agus sna hinstiúidí éagsúla a bhí sásta a dtuairim phroifisiúnta a roinnt liom ar mhaithe le réiteach a fháil ar na ceisteanna struchtúir a casadh orm.

Tá buíochas ar leith ag dul do Adelaide Nic Chárthaigh BA, MBA, as ucht a saothair mar chúntóir taighde.

**Peadar Ó Flatharta 2007**

*Tá an Dr Peadar Ó Flatharta ina léachtóir sinsearach in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, DCU, agus is é stiúrthóir FIONTAR é*

## Réamhrá agus Cur i láthair

D'fhoilsigh an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) tuairisc ar staid reatha na scoileanna Gaeltachta .i. Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta (Mac Donnacha 2004) agus bhí sé mar cheann de príomh-mholtaí na tuarascála sin go n-aithneofaí na ceantair Ghaeltachta mar aonad ar leith oideachais. Ar iarratas ó COGG, déantar plé agus forbairt ar an moladh sin sa tuarascáil taighde seo. Dírítear ar ghnéithe den Oideachas Gaeltachta – ar an mbunoideachas agus ar an iar-bhunoideachas go príomha. Níl córas tríú ná ceathrú leibhéal oideachais san áireamh sa tuairisc seo.

Sa chaibidil seo, cuirtear i láthair comhthéacs agus modheolaíocht an taighde, chomh maith le príomhthorthaí na tuarascála seo.

I gCaibidil a 2, déantar cur síos ar an gcúlra stairiúil agus ar na tuiscintí agus na cleachtais a thagann ón tréimhse sin sa mhéid is go n-aithnítear a dtionchar ar chóras oideachais na Gaeltachta sa lá atá inniu ann.

I gCaibidil a 3, scrúdaítear tuarascálacha éagsúla a rinne coimisiúin agus comhairlí Stáit ó 1926 i leith, agus na moltaí maidir leis an Oideachas Gaeltachta atá le fáil iontu.

I gCaibidil a 4, scrúdaítear na roghanna éagsúla atá ann chun struchtúr a chur ar fáil don Ghaeltacht mar aonad oideachais.

Cuirtear príomhthorthaí agus moltaí na tuarascála seo i láthair i gCaibidil a 5.

## An Ghaeltacht Sainmhíniú agus Limistéir

Ní ceantar aonfhoirme í an Ghaeltacht. Rinneadh na ceantair Ghaeltachta a shainmhíniú go hoifigiúil i dTuarascáil Choimisiún na Gaeltachta 1926. Aithníodh ceantar Gaeltachta mar cheantar ina raibh breis is 80% den daonra ina gcainteoirí Gaeilge. Aithníodh ceantar ina Bhreac-Ghaeltacht sa chás go raibh idir 25% agus 79% den daonra ina gcainteoirí Gaeilge. Is ar thorthaí Dhaonáireamh na bliana 1911, go príomha, a bhunaigh an Coimisiún a chuid oibre. Leag an Coimisiún amach na ceantair Ghaeltachta is Bhreac-Ghaeltachta bunaithe ar eolas an daonáirimh agus de réir na dtoghcheantar atá i gceist. De réir leagan amach an Choimisiúin, bhí limistéir Fhíor-Ghaeltachta le fáil i gContaetha Dhún na nGall, Mhaigh Eo, na Gaillimhe, an Chláir, Chiarraí, Chorcaí agus Phort Láirge. Bhí limistéir Bhreac-Ghaeltachta le fáil freisin sna contaetha sin, mar aon le contaetha Shligigh agus Thiobraid Árann. D'aithin an Coimisiún 585 toghcheantar a bheith sa Ghaeltacht, agus ó 1929 anuas go dtí 1956, tá coimhlintí le feiceáil maidir le sainmhíniú na Gaeltachta i scéimeanna Stáit agus i bpíosaí éagsúla reachtaíochta. Mar shampla, glacadh le moltaí Choimisiún na Gaeltachta chun críche Rialacháin na nOifigeach Áitiúil (An Ghaeilge) 1944 ach níor cuireadh san áireamh ach contaetha Dhún na nGall, Chiarraí agus na Gaillimhe chun críche na scéime leis an nGaeilge a chur chun cinn in obair an Gharda Síochána (1934). Cuireadh contaetha Chorcaí agus Mhaigh Eo san áireamh chun críche Acht na mBéilí Scoile (Gaeltacht) 1930 agus reáchtáladh scéimeanna éagsúla de chuid na Roinne Oideachais de réir trialacha a bhí déanta ag Cigirí na Roinne féin chun an Fhíor-Ghaeltacht a rianú. Níor tugadh aitheantas reachtúil don dá choilíneacht Ghaeltachta a bunaíodh i gContae na Mí i 1935 agus i 1936, (Ráth Cairn agus Baile Ghib faoi seach), go dtí 1967 (Mac Donnacha 2004).

I 1956, ritheadh Acht na nAirí agus Rúnaithe (Leasú) lenar bunaíodh Roinn na Gaeltachta agus ina ndéantar foráil d'orduithe i dtaca le limistéir Ghaeltachta trínar féidir na limistéir

Ghaeltachta a shainiú agus a athrú más gá. Faoi ordú na Limistéar (Gaeltacht) 1956, aithníodh 84 toghroinn iomlána agus codanna de 58 toghroinn eile i gcontaetha Dhún na nGall, Mhaigh Eo, na Gaillimhe, Chiarraí, Chorcaí agus Phort Láirge a bheith sa Ghaeltacht (Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta 2004). Léiríonn an tábla seo a leanas cuid de na coimhlintí a bhain le sainmhíniú na Gaeltachta:

**Tábla 1.**  
Coimhlintí i  
sainmhíniú na  
Gaeltachta,  
1926-1956  
Bunaithe ar Ó Cinnéide et  
al. 2001; Ó Gadhra 1989.

Acht/Reachtaíocht/Scéim	Contaetha ina bhfuil ceantair Ghaeltachta san áireamh.
Local Offices and Employments (Gaeltacht) Order, 1928	Moltaí Choimisiún na Gaeltachta 1925-6 (585 toghcheantar).
Tithíocht Ghaeltachta (Gaeltacht) Act, 1929	De réir mholtaí Choimisiún na Gaeltachta chomh maith le ceantair i gcontaetha Luimnigh, Lú, Liatroma, Shligigh agus an Chabháin (660 toghcheantar).
Schools Meals (Gaeltacht) Act, 1930 Alt 103, Acht Oideachais Ghairme Beatha (Gaeltacht), 1930	Dún na nGall, Maigh Eo, Gaillimh, Chiarraí, agus Contae Chorcaí. Dún na nGall, Maigh Eo, Gaillimh, Contae an Chláir, Chiarraí, Corcaigh agus Port Láirge.
Ordú Oideachais Ghairme Beatha (Gaeltacht) 1933	578 toghcheantar san áireamh, beagnach combhionann le hOrdú 1928.
Scéim chun an Ghaeilge a chur chun cinn sa Gharda Síochána (1934)	Dún na nGall, Gaillimh agus Contae Chiarraí.
An Scéim um Labhairt na Gaeilge (1934)	Glacadh le moltaí Choimisiún na Gaeltachta 1926 ar dtús. Cuireadh ceantair Ghaeltachta na Mí san áireamh níos deireanaí in ainneoin nach bhfuair na ceantair seo aitheantas oifigiúil go dtí 1967.
Bunú coilíneacht Ghaeltachta i gContae na Mí faoi scéimeanna athlonnaithe, 1935-1940	Aitheantas Gaeltachta i 1967.
Scéimeanna eile na Roinne Oideachais breis pá do mhúinteoirí, scoláireachtaí ollscoile agus scoláireachtaí chuig coláistí	Rinneadh sainiú ar cheantair Fhíor-Ghaeltachta tar éis agallaimh le cigirí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta.
Local Officers' Regulations (Irish) 1944	De réir mholtaí Choimisiún na Gaeltachta 1926.

Cuireadh leis na teorainneacha sin trí huairé ó shin trí orduithe éagsúla, leis an réamhrá seo a leanas: "De bhrí gur limistéir ar Gaeilgeoirí mórchuid de na daoine iontu nó limistéir ina n-áice sin ar dóigh leis an Rialtas gur cheart iad a áireamh sa Ghaeltacht d'fhonn an Ghaeilge a chaomhnú agus a leathnú mar ghnáthurlabhra na limistéar a shonraítear (sa Sceideal a ghabhann leis an Ordú seo)."

### Tábla 2.

Orduithe a chuir leis an nGaeltacht ó 1967 i leith Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta 2004

Ordú	Limistéir a cuireadh san Áireamh
Ordú na Limistéar (Gaeltacht), 1967	Ráth Cairn agus Baile Ghib, Contae na Mí.
Ordú na Limistéar (Gaeltacht), 1974	Paróiste Chlochán Bhréanainn, Contae Chiarraí; An Seanphobal, Contae Phort Láirge.
Ordú na Limistéar (Gaeltacht), 1982	Cill na Martra, Contae Chorcaí; 4 bhaile fearainn eile i Ráth Cairn, Contae na Mí.

Tá staid reatha na Gaeltachta faoi scrúdú i láthair na huaire ach ag an bpointe seo, ní dhearnadh aon athrú ar na limistéir Ghaeltachta ó 1982, agus meastar anois gurb ionann an Ghaeltacht Oifigiúil agus tuairim is 7% de thalamh an Stáit (Commins 1988).

Tagann ceisteanna eile chun cinn chomh luath is a bhreathnaítear ar na ceantair Ghaeltachta ar léarscáil. Ar an gcéad dul síos, níl sé soiléir anois an bhfuil a leithéid de rud ann agus léarscáil chruinn de na ceantair Ghaeltachta (Feic Walsh et al. 2005). Mar bharr air seo, is léir nach bhfuil na ceantair leagtha amach ar bhealach a chuideodh leo feidhmiú mar cheantair ar leith, ná a chuideodh leis na ceantair sin struchtúir riaracháin a bhunú timpeall ar abhantrachtaí scoile, córais leighis, córas riaracháin na n-eaglaisí, struchtúir spóirt agus caitheamh aimsire &rl. Fágann seo go bhfuil sé thar a bheith deacair ag na ceantair sin féiniúlacht ar leith a chruthú dóibh féin.

Is mar seo a leanas a rinne Coimisiún na Gaeltachta 2000-2002 cur síos ar staid reatha na Gaeltachta: "Is teanga bheo an Ghaeilge sa Ghaeltacht. Is teanga teaghlaigh, oibre agus shóisialta í a bhfuil daoine in ann a ngnó ó mhaidín go faoithín a dhéanamh lena chéile inti i gceantair áirithe sa Ghaeltacht" (Coimisiún na Gaeltachta 2002). Mhol an Coimisiún céanna go ndéanfaí staidéar teangeolaíoch chun staid reatha na teanga a aimsiú go cruinn. Cuireadh tús leis an staidéar seo in 2004 agus cé go bhfuil an staidéar sin críochnaithe anois, níl na torthaí ar fáil agus an tuarascáil seo á réiteach.

Tá sé á dhearbhu ag údair éagsúla le tamall anuas nach í an Ghaeilge teanga an phobail i gcuid mhór den Ghaeltacht Oifigiúil (Hindley 1990; Ó Cinnéide et al. 2001; Coimisiún na Gaeltachta 2002; CSO 2004; Ó hÉallaithe 1999, 2003 agus 2004b).

## Daonra na Gaeltachta

De réir Dhaonáireamh na bliana 2006, bhí 89,260 duine os cionn 3 bliana d'aois ina gcónaí sna ceantair Ghaeltachta.

### Tábla 3.

Daonáireamh 2006

Contae	2006
Co. Chorcaí	3,660
Co. Dhún na nGall	22,877
Co. na Gaillimhe	40,583
Co. Chiarraí	8,446
Co. Mhaigh Eo	10,523
Co. na Mí	1,603
Co. Phort Láirge	1,569
<b>Iomlán</b>	<b>89,260</b>

De réir Dhaonáireamh na bliana 2006, bhí méadú 10% tagtha ar dhaonra na Gaeltachta in imeacht 10 mbliana. Baineann cuid mhór den mhéadú daonra seo le ceantair nach bhfuil an Ghaeilge láidir iontu, go háirithe ceantair ar imeall Chathair na Gaillimhe, agus is beag athrú atá tagtha ar dhaonra na gceantar láidir Gaeltachta (Ó hÉallaithe 2006).

## Staitisticí Oideachais na Gaeltachta

Léiríonn an tábla thíos líon na scoileanna, idir bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna, atá sa Ghaeltacht. Tá na scoileanna seo scaipthe idir seacht gcinn de chontaetha difriúla ar fud na gceithre chúige. Díol suntais is ea líon na mbunscoileanna beaga atá sa Ghaeltacht, gan i 69% de na bunscoileanna sin ach triúr oidí nó níos lú.

**Tábla 4.**  
Líon na Scoileanna sa Ghaeltacht de réir leibhéal agus de réir Contae  
Mac Donnacha 2004

Contae	Líon na mBunscoileanna	Líon na nIar-bhunscoileanna
Gaillimh	46	9
Ciarraí	14	4
Corcaigh	7	2
Maigh Eo	27	6
Port Láirge	3	1
An Mhí	4	1
Dún na nGall	42	7
Iomlán	143	30

Freastalaíonn timpeall 14,500 dalta ar bhunscoileanna agus ar iar-bhunscoileanna Gaeltachta (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta).

## Modheolaíocht an Taighde seo

Bhí fócas gearr san obair thaighde atá mar bhunús leis an tuarascáil seo. Ní hé a bhí i gceist ón tús tuarascáil eile le sraith eile moltaí a chur ar fáil ach díriú ar anailís a dhéanamh ar an nGaeltacht mar cheantar oideachais agus ar an mbealach ar léiríodh an ceantar sin i stair an oideachais in Éirinn. Bhí sé tábhachtach a theacht ar na riachtanais a bhain le forbairt an oideachais sa Ghaeltacht agus mar a tuigeadh na riachtanais seo. Chuige seo, scrúdaíodh na tuarascálacha a d'fhoilsigh an státchóras féin féachaint céard iad na moltaí éagsúla a rinne coimisiúin agus comhairlí Stáit ó thuarascáil Choimisiúin na Gaeltachta 1926 i leith. Mar sin, díritear ar an méid a bhí á mholadh ag an Stát féin i dtaca le córas oideachais na Gaeltachta. Is dócha go nglacfaí leis go coitianta nach í an raidiciúlacht an tréith is coitianta a cheanglófaí le moltaí tuarascálacha Stáit, agus mar sin, gur dócha gur ag plé leis an íosmhéid agus le moltaí coimeádacha atáimid. Is fiú sin a chur san áireamh nuair atá plé agus léirmheas ar siúl againn ar fheidhmiú na moltaí éagsúla sin. Dar ndóigh, tá go leor moltaí agus tuarascálacha eile curtha ar fáil ag eagrais phobail sa Ghaeltacht agus ag eagrais eile ar nós an Ghaeltacht. Níor cuireadh na tuarascálacha sin san áireamh sa taighde seo ar na cúiseanna atá luaite thuas.

Mar chuid den taighde, cuireadh agallamh ar fheidhmeannaigh shinsearacha sna heagrais seo a leanas: an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta, an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta is Gaelscolaíochta, Foras na Gaeilge, na Coistí Gairmoideachais. Rinneadh na hagallaimh seo ar mhaithe le (1) dearbhú a fháil ar eolas agus chun sonraí a chinntiú; (2) dearcadh oibrithe proifisiúnta a mheas, oibrithe atá ag feidhmiú in eagraíocht Stáit nó in eagraíocht a bhfuil ról nó páirt ar leith aici i gcóras oideachais na Gaeltachta. Is dearcadh aonair proifisiúnta murab ionann is dearcadh institiúideach a lorgaíodh maidir le moltaí éagsúla do struchtúr an oideachais sa Ghaeltacht.

## Sainmhíniú ar Theanga

Tugadh aitheantas don Ghaeltacht mar cheantar ar leith taobh istigh den tír mar gur cheantar í a raibh an Ghaeilge á húsáid ann mar ghnáth-theanga ag an bpobal, agus ar an ábhar go raibh an tír ag cur tábhacht ar leith leis an teanga seo i saol na tíre. Léireoidh aon staidéar teangeolaíochta nach ceantar aonfhoirme í Gaeltacht an lae inniu. Meabhraíonn Ó Murchú dúinn go bhfuil ar a laghad an dá bhrí leis an bhfocal Gaeltacht .i. an réigiún tíreolaíoch ina bhfuil an Ghaeilge beo mar theanga phobail, agus lucht labhartha na Gaeilge uile .i. lucht aon chultúir.

Meabhraíonn sé freisin gur minic a mheastar staid na Gaeilge i dtéarmaí an chéatadáin den mhórphobal a bhfuil sí acu mar theanga ‘dhúchais’. Is é a chiallaíonn ‘dúchas’ sa chás sin gur í réimsí an teaghlaigh agus na comharsanachta, seachas ar scoil nó i láthair na hoibre, a fuarthas cumas labhartha na teanga agus gur dócha go mbíonn an cumas sin ar fheabhas (Ó Murchú 1970).

Is minic a bhíonn plé agus díospóireacht ann faoina bhfuil i gceist le teanga sa chóras oideachais agus le teanga mar chuid den churaclam. Cuirtear an sainmhíniú seo a leanas i láthair anseo mar léiriú ar shainmhíniú amháin a dhéantar i gcás teanga sa chóras oideachais.

Mar seo a leanas a shainmhíniú tuairisc a rinne an Bord Staidéir ar Theangacha (*Report of the Board of Studies for Languages*) an catagóir ‘teanga’:

Is éard is teanga ann:

An príomhbhealach atá againn le smaoineamh a dhéanamh .i. is cleachtas sa smaointeoireacht gach gníomhaíocht teanga, cibé teanga a bhíonn i gceist.

An fheithicil trína bhfaightear agus a n-eagraítear eolas

An príomhbhealach do chumarsáid idirphearsanta

Fachtóir lárnach ó thaobh phearsantacht an fhoghlaim

Is ceann é teanga de na príomhbhealaí a ndéanann sochaí agus cultúr sainmhíniú orthu féin agus trína ndéantar eagrú orthu féin agus trína ndéantar cultúir a tharchur laistigh de shochaí agus de phobal, agus eatarthu (An Bord Curaclaim agus Scrúduithe, *Report of the Board of Studies for Languages* Dublin, 1987, 2).

## Príomh Mholtaí na Tuarascála seo

Níl córas oideachais neodrach in aon bhealach fad a bhaineann le hidé-eolaíocht a chur chun cinn sa tsochaí. Cuireann an córas luachanna áirithe chun cinn – luachanna sóisialta, morálta agus cultúir. Agus ar ndóigh, bíonn tionchar ag an gcóras oideachais ar an teanga sa tsochaí. Bíonn an córas oideachais ag tacú le teanga agus ag cuidiú léi forbairt agus leathnú i measc an phobail, uaireanta chun aimhleas teanga eile.

Bhí tionchar mór ag córas na mbunscoileanna ar an nGaeilge sna Gaeltachtaí ó bunaíodh an córas sin in 1831. Ina dhiaidh sin, tháinig córas oideachais na Gaeltachta faoi thionchar láidir polasaithe athbheochana Gaeilge an Stáit. Bhí an Ghaeilge le tabhairt ar ais mar theanga labhartha na ndaoine ar fud na tíre agus bhí páirt lárnach le bheith ag an nGaeltacht sa chur chuige seo .i. cainteoirí dúchais a chur ar fáil, agus timpeallacht Ghaelach a chur ar fáil ina bhféadfadh an pobal an teanga a fhoghlaim.

In aon phlé ar chóras oideachais na Gaeltachta, is annamh a chuirtear san áireamh ceist chearta teanga ná ceart an phobail ar oideachas a fháil ina dteanga féin. Léiríonn an taighde seo go ndearnadh neamhaird ar fad go minic de na moltaí a mhol an státchóras féin ar chóras oideachais na Gaeltachta agus go háirithe go ndearnadh neamhaird de na moltaí ba thábhachtaí agus



ba shubstantiúla. Léirítear freisin gur i bhfolús institiúideach a rinneadh na moltaí agus nár cuireadh aon struchtúr i bhfearas a d'fhéadfadh na moltaí a chur i bhfeidhm. Ní raibh aon chóras monatóireachta ná measúnachta i gceist ach oiread.

### Molann an tuarascáil seo:

**Moladh 1A:** Go mbunófaí Bord Oideachais Gaeltachta feidhmeach ar a leagfaí cúram iomlán an Oideachais Ghaeltachta, agus go dtabharfaí don Bhord sin na cumhachtaí reachtúla agus na hacmhainní cuí a chuirfeadh ar a chumas na cúraimí sin a chur i bhfeidhm.

**Moladh 1B:** Go gcuirfí cúram an Oideachais Ghaeltachta agus lán-Ghaeilge ar Aire Stáit de chuid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta

## Oideachas na Gaeltachta Cúlra Stairiúil Réamhrá

Níos minice ná a mhalairt, ní dhéantar mórán tagartha do chúrsaí teanga nuair a dhéantar athbhreithniú ar stair an oideachais sa tír seo. Is léiriú maith ar an easpa ceangail seo a laghad atá foilsithe ar an ábhar agus a laghad taighde atá déanta sa réimse seo. Dar ndóigh, bhí tionchar ollmhór ag an gcóras oideachais ar phatrún teanga na tíre ó tugadh isteach an córas foirmiúil bunscolaíochta in 1831. Sa chaibidil seo, caithfidimid súil ar an gceangal atá idir an córas oideachais agus cúrsaí teanga go ginearálta. Ansin, díreofar ar na príomhghnéithe a raibh tionchar acu ar oideachas na Gaeltachta. Déantar an léiriú seo ar mhaithe le tuiscint bhreise a fháil ar staid reatha an oideachais i nGaeltachtaí an lae inniu agus ar áit an oideachais sin sa chóras náisiúnta oideachais. De bharr nádúr an taighde seo, go háirithe ó thaobh an fhócais chinnte ar struchtúr an oideachais, ní féidir ach léiriú ginearálta a thabhairt ar an ábhar atá faoi chaibidil, agus níor cheart glacadh leis seo mar léiriú iomlán ar stair chóras oideachais na tíre ná ar áit na Gaeilge sa chóras sin. Ní chuirtear i láthair anseo ach roinnt cloch mhíle a cheaptar a bheith tábhachtach d'ábhar an taighde seo.

### An tréimhse ó 1830 go dtí tús an chéid seo caite

Nuair a bunaíodh córas na scoileanna náisiúnta in 1831, cuireadh cúram an chórais sin ar sheachtar coimisinéir, seachtar a roghnaíodh agus cothromaíocht creidimh agus ionadaíocht tuata á chur san áireamh, faoi cheannas Diúic Laighean. D'éirigh leis an rialtas an córas bunscoileanna a leathnú ar fud na tíre go sciobtha agus ba mhór an tionchar a bhí ag na scoileanna náisiúnta ar ghnáthphobal na hÉireann. Faoi dheireadh an chéid, bhí ardú mór tagtha ar an leibhéal litearthachta i measc an phobail agus bhí 8600 bunscoil bunaithe agus ag feidhmiú ar fud na tíre. Le linn an ama seo freisin, tháinig athrú mór ar phatrún teanga na tíre.

Sa chéad dhá scór bliain d'obair na gCoimisinéirí, ní dhéantar tagairt ar bith do chúrsaí Gaeilge ina gcuid tuairiscí. In 1870, d'iarr fear darbh ainm Thadeus Conlon cead na gCoimisinéirí go bhfostófaí ina mhúinteoir Gaeilge é. Diúltaíodh sin dó ar an ábhar "*that such an arrangement does not come within the plan of Education as contemplated by the Commissioners.*" (Tuarascáil Bhliantúil na gCoimisinéirí Oideachais 1871)

An bhliain chéanna, diúltaíodh freisin d'iarratas ó shagart paróiste Ghaoth Dobhair, An tAthair H. McFadden, cead an Ghaeilge a mhúineadh in am scoile taobh amuigh den am a bhí curtha ar leataobh don Teagasc Críostaí. Dhiúltaigh na Coimisinéirí "*as it forms no part of the objects they have been appointed to accomplish.*" (ibid)

Caibidil

2

07

Is léir nár tugadh aon áit don Ghaeilge sna rialacha a bhí á gcur i bhfeidhm don chóras bunscolaíochta go ginearálta ná sa chóras oiliúna múinteoirí ná sa chóras cigireachta ach go háirithe. Níor tugadh aon aird ar an nGaeilge fad a bhain le teagasc, soláthar ábhar curaclaim ná soláthar seirbhísí tacaíochta oideachais ar an gcuid sin de pháistí na tíre nár labhair ach Gaeilge amháin. In 1851, ba chainteoirí dúchais aonteangacha Gaeilge 319,602 duine sa tír agus bhí pobal mór de 1.5 milliún dátheangach, Béarla agus Gaeilge (Ó Buachalla 1984)

Léiríonn an comhfhreagras oifigiúil idir na Coimisinéirí agus an Príomh-Rúnaí sa bhliain 1884, go raibh níos mó i gceist ná neamhaird a dhéanamh don Ghaeilge agus go raibh aidhmeanna teanga ag tiomáint an chórais oideachais bunscoileanna: *"The anxiety of the promoters of the National System was to encourage the cultivation of the English language and to make English the language of the schools"* (Ó Buachalla 1984).

Is cosúil gur ar an mbonn sin a bhí bac iomlán ar an nGaeilge sa chóras bunscolaíochta. Sa bhliain 1878, ritheadh an tAcht Oideachais don Mheánscolaíocht (Intermediate Education Act) agus bunaíodh ciste chun cabhrú le bunú iar-bhunscoileanna. Leathnaigh sé seo go mór an teacht a bhí ag muintir na hÉireann ar chóras foirmiúil oideachais, agus faoi dheireadh an chéid, bhí 490 iar-bhunscoil bunaithe ar fud na tíre – rud a d'fhág go raibh breis is trí ceathrú milliún páiste ag freastal ar chóras foirmiúil oideachais idir bhunoideachas- agus iar-bhunoideachas. (Ó Buachalla 1984).

Bhí Patrick Keenan ar dhuine de na cigirí sinsearach agus ar dhuine den bheagán a tharraing ceist na Gaeilge anuas. Cheap Keenan nach raibh mórán céille ag baint le polasaí a rinne an teanga dúchais a chosc ag an am gurbh í an Ghaeilge teanga dhúchais 23% de phobal na tíre. Mhol Keenan in 1855, 1856 agus in 1858 go dtabharfaí áit don Ghaeilge sa chóras oideachais ach ní bhfuair sé aon aird. Tá a raibh le rá ag Keenan i dTuairisc an Choimisiúin 1856 thar a bheith spéisiúil agus ní bréag a rá go bhfuil go leor macallaí ann atá tráthúil fós san aois seo. Bhí Keenan ag tuairisciú go raibh an Ghaeilge ag dul chun deiridh i dTír Chonaill, agus tá an sliocht seo a leanas le fáil sa 23ú tuairisc de chuid Choimisinéirí an Bhunoideachais Náisiúnta (1856, Aguisín B). Is ag tagairt don aistriú teanga a bhí ag tarlú i measc an phobail ó Ghaeilge go Béarla a bhí sé:

*"It is the utilitarian, not the abstract, idea of education which influences them ... their passion for education may be traced to one pre-dominant desire-to speak English ... the keystone of fortune is the power of speaking English, and to possess this power there is a burning longing in their breasts, that never varies, never moderates."* (Tuarascáil na gCoimisinéirí Oideachais 1856)

Bhí Cumann Buan-Choimeáda na Gaeilge ar na chéad dreamanna a rinne éileamh ar na Coimisinéirí go mbeadh an Ghaeilge ina hábhar aitheanta ag an gcóras oideachais. I dtús na bliana 1878, thosaigh an Cumann ar a bhfeachtas chun aitheantas a bhaint amach don Ghaeilge mar ábhar breise sna Scoileanna Náisiúnta. Thagair an Cumann don mhéid a bhí le rá ag P. J. Kennan, Coimisinéir Oideachais sa 22ú tuairisc bhliantúil a d'fhoilsigh na Coimisinéirí Oideachais:

*"The census returns show that upwards of a million and a half, or 23.3 per cent of the population, spoke Irish in the year 1851. The National system is every year diminishing this number. Even in places where all social communication is carried on in Irish, and where in short, few or none of the adult population know a word of English, the language of the National Schools, the books, the teachings, &c., are entirely English. The children of parents who at present speak Irish only, will, through the course of Education pursued in the National Schools and the experience of home, speak English and Irish when they grow up; but their children will, in nine cases out of every ten, speak English only"* (Ó Murchú 2001).

Lean an Cumann ag áiteamh ar na Coimisinéirí Oideachais go raibh sé riachtanach aitheantas a thabhairt don Ghaeilge agus go raibh sé de cheart ag Éireannaigh go mbeadh oideachas ar fáil dá gcuid páistí ina dteanga dhúchais féin:

*"Any system of national education must be regarded as incomplete that does not provide for the teaching of the nation's language; therefore an opportunity should be afforded all Irishmen of having their children taught their native tongue"* (Ó Buachalla 1984).

Mar thoradh ar fheachtas láidir an Chumainn, glacadh leis in 1878 go mbeadh cead an Ghaeilge a mhúineadh mar ábhar breise taobh amuigh de ghnáthuaireanta teagaisc na scoile do pháistí i rang 5 agus 6.

Nuair a bunaíodh Conradh na Gaeilge in 1893, dhírigh sé a aird ar stádas a bhaint amach don teanga sa chóras oideachais ón mbunscoil suas go dtí an córas ollscolaíochta. D'éiligh an Conradh gur i nGaeilge a dhéanfaí an teagasc sa chás gurbh í an Ghaeilge teanga dhúchais na bpáistí agus go mbeadh cead an Ghaeilge a theagasc mar ábhar sna scoileanna eile.

Sa Chlár Athbheithnithe a foilsíodh i 1900, ní dearnadh aon soláthar do mhúineadh na Gaeilge ach amháin gur ceadaíodh an teanga a mhúineadh fad is nár chuir an teagasc sin isteach ar theagasc ábhar eile, agus i gcás na Gaeltachta, bhí cead an teanga a úsáid ar mhaithe le sealbhú an Bhéarla.

Sa bhliain 1904, tugadh isteach clár teagaisc sna bunscoileanna a thug aitheantas don dátheangachas – a bhuíochas do shíorbhrú ón gConradh. Mar chuid den chlár seo, cuireadh siollabas Gaeilge agus Béarla ar fáil do gach rang sa bhunscoil. Ach bhí sé deacair soláthar múinteoirí cáilithe a fháil a raibh sé ar a gcumas an teagasc a dhéanamh go dátheangach – rud a spreag an Conradh le dul i mbun feachtais chun a chuid múinteoirí féin a oiliúint (rud a rinne sé).

## An Tréimhse 1900 1930aidí

Is tréimhse an-chinniúnach í an tréimhse seo i stair na tíre. Fad a bhaineann sé le ceist na teanga, bhí Conradh na Gaeilge lárnach don tréimhse agus é ag cur na fealsúnachta chun cinn a cheangail an náisiúnachas cultúrtha agus athbheochan na Gaeilge. Bhí an Ghaeilge ag déanamh dul chun cinn, más beag féin é, agus faoi dheireadh na tréimhse, bhí neamhspleáchas polaitíochta bainte amach agus an teanga fite fuaite in imeachtaí Dháil Éireann.

Foilsíodh tuairisc Belmore in 1898, agus mar thoradh ar an tuairisc, cuireadh tús le hathbheithniú ar churaclam na mbunscoileanna. Dhírigh an Conradh a fheachtas ar an gcóras oideachais agus é ag éileamh

Go mbeadh an Ghaeilge mar theanga teagaisc sa chás gurbh í an Ghaeilge teanga an teaghlai

Go mbeadh sé dleathach an Ghaeilge a mhúineadh i scoileanna eile mar ghnáthábhar scoile

Chuir bainisteoirí na scoileanna Gaeltachta meamram chuig chuig Bord na gCoimisinéirí ag iarraidh go gcuirfí athruithe ar an gcóras oideachais Gaeltachta agus go mbeadh clár oideachais dátheangach ar fáil sna scoileanna Gaeltachta, agus iad ag áiteamh go raibh an suíomh sa Ghaeltacht 'unnatural and irrational'.

Nuair a foilsíodh curaclam nua na mbunscoileanna i 1900, bhí soláthar ann do theagasc na Gaeilge. Bhí sé ceadaithe an teanga a mhúineadh le linn uaireanta scoile fad is nár chuir sé sin isteach ar obair na scoile. Bhí cead an Ghaeilge a úsáid sna ceantair Ghaeltachta go háirithe ar mhaithe le tuiscint ar an mBéarla a leathnú.

Tar éis an fheachtais phoiblí seo, ghéill na Coimisinéirí Oideachais i 1904 agus cheadaigh siad clár teagaisc Gaeilge agus Béarla mar ghnáthchleachtais sna bunscoileanna, agus bhí cead an clár teanga seo a thabhairt isteach sna scoileanna Gaeltachta.

I 1907, ceadaíodh cúrsa Gaeilge a bhí ar fáil mar ghnáthábhar ó rang 3 suas, agus bhí an clár seo inghlactha faoi rialacha na mbunscoileanna. Faoin am seo, bhí glactha níos fearr le clár teagaisc dátheangach.

Tharraing na hathruithe seo aird ar oiliúint múinteoirí de bharr nach raibh múinteoirí ar fáil a bhí in ann an Ghaeilge a mhúineadh. Lean an Conradh ag éileamh athruithe ar riachtanas Gaeilge chun iontráil chuig na coláistí oiliúna. Idir an dá linn, shocraigh an Conradh a chuid múinteoirí féin a chur faoi oiliúint, agus chuige sin, bhunaigh sé coláistí dá chuid féin. Sna deich mbliana ó 1905 ar aghaidh, chuir an Conradh oiliúint mar mhúinteoirí Gaeilge ar 3100 duine. De réir mar a lean an Conradh leis an bhfeachtas seo, bhí an-bhrú á chur ar an gcóras foirmiúil oideachais. Ag an am céanna, lean an feachtas polaitiúil – rud a chinntigh nach aon ábhar iontais é go raibh tosaíocht le tabhairt do chúrsaí oideachais sa rialtas nua. (Ó Buachalla, 1984)

Tar éis Éirí Amach 1916 agus dul chun cinn Sinn Féin i 1918, tháinig cúrsaí oideachais chun cinn go mór. Sa phlean a d'fhoilsigh an Conradh i 1919, rinneadh idirdhealú idir na ceantair Ghaeltachta, na ceantair dhátheangacha agus na ceantair arbh é an Béarla teanga an phobail. Cuireadh clár oideachais ar leith chun tosaigh do na ceantair seo. Moladh go mbeadh an Ghaeilge mar theanga teagaisc agus mar theanga riaracháin sa Ghaeltacht agus go mbeadh an teanga á mhúineadh ag múinteoir cáilithe ar feadh uair an chloig chuile lá.

Ceapadh Seán Ó Ceallaigh (Sceilg) mar Aire na Gaeilge sa Chéad Dáil i nDeireadh Fómhair 1920. Níor ceapadh aon Aire Oideachais sa Chéad Dáil. Is dócha go léiríonn an ceapachán seo claonadh áirithe fad a bhaineann le tábhacht na Gaeilge ach is ceart a rá go raibh deacrachtaí móra ag na páirtneirí éagsúla a theacht ar chomhaontú do thodhchaí an oideachais. Bhí teannas láidir ag teacht ó mholtaí McPherson as an Irish Education Bill 1919 a mhol córas riaracháin náisiúnta agus áitiúil. Dá gcuirfí na moltaí seo i bhfeidhm, bheadh Roinn Oideachais lárnach in áit na seanbhard oideachais, bhunófaí coiste comhairleach agus bheadh coistí oideachais i ngach contae a mbeadh cumhachtaí bainistíochta agus ioncam acu.

Thit cúram fheidhmiú pholasaí na Gaeilge ar Eoin Mac Néill i ndiaidh 1922. Le teacht chun cinn Earnáin de Blaghad sa rialtas nua dúchasach, cuireadh borradh nua faoi chur chun cinn na Gaeilge i réimsí de shaol na tíre go háirithe riarachán poiblí, oiliúint, na healaíona, an córas dlí. Bhí aird ar leith aige ar chás na Gaeilge sa Ghaeltacht agus ar fhorbairt eacnamaíochta agus sóisialta na Gaeltachta. Bhí seisean lárnach i mbunú Choimisiún na Gaeltachta i 1925.

Tá na tuiscintí a bhí ag an mBlaghdach tábhachtach don phlé atá againn sa tuarascáil seo ar chóras oideachas na Gaeltachta. Is mar seo a chuir sé a thuairimí in iúl don Ollamh Liam Ó Briain:

*"In dealing with the preservation and revival of the language we have to remember that there are two problems involved and neither can be solved alone. Irish cannot be revived in*

*the Galltacht (English-speaking area) if the Gaeltacht disappears. In my view it is equally certain that the language cannot be preserved in the Gaeltacht if we fail to revive it in the Galltacht. The inhabitants of the present Irish-speaking districts will not consent to be made a sort of 'peculiar people' in their own land. In our policy therefore we have to consider the Gaeltacht and the Galltacht"* (Litir dar dáta 16 Deireadh Fómhair 1931 chuig an Ollamh Liam Ó Briain, Ollscoil na Gaillimhe. Blythe Papers, P24/304, An Chartlann, An Coláiste Ollscoile Baile Átha Cliath, luaite in Ó Buachalla 1988).

Tar éis na tábhachta a leagadh ar an teanga sa Stát nua, is deacair a mheas an ndearnadh an dul chun cinn a mbeadh duine ag súil leis. Deir Seán Ó Riain gur ar éigean a bhí an Rialtas Sealadach coicís ar bun nuair a reachtaigh sé go múinfí an Ghaeilge ar feadh uair an chloig, nó go n-úsáidfí mar mheán teagaisc í, gach lá i ngach scoil (Ó Riain 1994). Cuireadh athruithe ar an gcuraclam (mar atá léirithe thuas) ach is féidir a rá go raibh na hathruithe dírithe go príomha ar athruithe curaclaim amháin (Coolahan 1981; Ó Buachalla 1988). Ní léir go ndearnadh mórán athruithe ar na struchtúir agus gur lean na cumhachtaí céanna ag feidmiú faoi mar a bhí roimhe sin. Chuir an Rialtas a mhuintín as an gcóras oideachais agus as an Roinn Oideachais chun an Ghaeilge a thabhairt ar ais mar theanga labhartha. Cé gur tugadh stádas an-ard di mar theanga náisiúnta agus mar chéad teanga oifigiúil sa Bhunreacht, níor tugadh aghaidh ar chur chun cinn na teanga mar theanga labhartha ag leibhéal an phobail. Bunaíodh an Roinn Oideachais i 1924, roinn a bhí lárnaíthe faoi Aire, agus go bunúsach, lean na leibhéil éagsúla den chóras oideachais ar aghaidh mar a bhí faoin seanreacht.

Cé go mbeadh an réamhscolaíocht thar a bheith tábhachtach i gcur chun cinn na teanga, níor bhunaigh an Rialtas aon chóras réamhscolaíochta. Faoin Acht um Thinreamh Scoile 1926, níor ghá do pháiste freastal ar an gcóras oideachais go raibh sé bliana slánaithe aige, agus ina dhiaidh sin nó go raibh sé 14.

Maidir leis an iar-bhunscolaíocht, cuireadh níos mó béime ar an Stair agus ar an nGaeilge sna hiar-bhunscoileanna tar éis an neamhspleáchais. Mar sin féin, níor cuireadh i bhfeidhm cuid de na moltaí ba shubstantiúla a bhain leis an nGaeilge. Mhol comhdháil a reachtáladh faoi choimirce na Dála i 1921 go gcuirfí gach páipéar scrúdaithe, i gcomhair gach ábhar (seachas an Béarla, an Mhatamaitic agus an Eolaíocht), ar fáil go dátheangach agus go mbeadh an Ghaeilge agus an Béarla éigeantach i réimse na Nualitríochta. Ag tógáil ar na moltaí seo, moladh go mbeadh scrúdú cainte Gaeilge mar chuid den chóras scrúdaithe ach diúltaíodh dó seo i 1924. Sa chóras iar-bhunoideachais, bhí an Ghaeilge agus an Béarla sa churaclam riachtanach chun aitheantas agus deontais Stáit ó 1924-1927, agus ó 1927 ar aghaidh, bhí an Béarla agus an Ghaeilge éigeantach. Faoin mbliain 1924-1925, ní raibh ach iar-bhunscoil amháin sna ceantair Ghaeltachta uile – ba shin í Scoil an Daingin. Scoil den aicme C a bhí inti – rud a chiallaíonn nach raibh an Ghaeilge á teagasc ach amháin mar ábhar. Léirigh tuairisc Choimisiún na Gaeltachta 1926 a laghad freastail a bhí á dhéanamh ar an nGaeltacht agus chomh mór agus a bhí an pobal faoi leatrom cheal córas iar-bhunscolaíochta. Mhol an Coimisiún go mbunófaí meánscoileanna lae a chuirfeadh seirbhís oideachais iar-bhunscolaíochta ar fáil saor in aisce don phobal i gcúig cinn fhichead d'ionaid ar fud na Gaeltachta (Coimisiún na Gaeltachta 1926). Ní raibh aon ghlacadh ag an Roinn Oideachais leis an moladh seo ach mhol sé go mbunófaí ceann is fiche de bhunscoileanna ardleibhéil nó scoileanna sinsearach. Is cosúil gur ceapadh nach raibh mórán i ndán d'aos óg na Gaeltachta, agus dá réir sin, nach raibh mórán céille a bheith ag cur meánscoileanna ar fáil dóibh. Mhol an Roinn "*a number of higher primary schools or senior schools which will not tend to direct the pupils towards black coat occupations but will rather*

*train them for the life to which ordinarily the most of them will be called*" (Meamram ón Roinn Oideachais don Roinn Airgeadais 30 Nollaig 1933 (D.F., S20/1/34)) (Ó Buachalla 1988). Chuirfeadh na scoileanna nua seo a bhí á mbeartú oideachas teicniúil ar fáil, chuile scoil ag clúdach ceantar 200 míle cearnach. Chuirfí rothair agus éadaí báistí ar fáil chomh maith. Níor glacadh leis an scéim nuair a chuir an eaglais ina coinne de bharr gurb amhlaidh a bheadh an Stát ag leathnú a chuid cumhachta, go mbeadh contúirt mhorálta ar bhuachaillí agus cailíní a bheadh ag taisteal chomh fada sin gan aon mhaoirseacht agus nach facthas go raibh aon ghá lena leithéid de chóras ó tharla go raibh córas Coistí Gairmoideachais á fhorbairt (Ó Buachalla 1988).

Go gairid ina dhiaidh seo, i 1938, cuireadh tús le coláistí gairmoideachais ar an gCnoc i gContae na Gaillimhe, sa Daingean i gContae Chiarraí agus i gCill Rónáin in Inis Mór i gContae na Gaillimhe.

Sa bhliain 1926, bunaíodh An Gúm chun leabhair i nGaeilge a sholáthar, go háirithe téacsleabhair don iar-bhunoideachas.

Sa bhliain 1928, rinneadh ábhar éigeantach den Ghaeilge don scrúdú Idirmheánach.

Sa bhliain 1929, leagadh cúraimí Gaeilge ar Ollscoil na Gaillimhe.

Sa bhliain 1930, cuireadh tús leis na Coistí Gairmoideachais leis an mBille Oideachais Ghairme a bhunaigh coistí statúideacha ag an leibhéal áitiúil. Bhí maoiniú le fáil acu as na rátaí go háitiúil agus bhí de chúram orthu oideachas teicniúil agus córas printíseachta a chur ar fáil.

Sa bhliain 1934, rinneadh ábhar éigeantach den Ghaeilge don Ardeistiméireacht.

## Na Coláistí Ullmhúcháin

Bhí 12,000 múinteoirí tuata fostaithe sna bunscoileanna i 1922. Bhí cáilíocht sa dátheangachas ag an tríú cuid díobh ach ní raibh aon cháilíocht sa teanga ag an dá thrian eile. Maidir leis na hiar-bhunscoileanna, ba é tuairim na múinteoirí féin nach raibh aon eolas ar an nGaeilge ag aon trian den 2000 múinteoirí iar-bhunscoile.

I 1926, shocraigh an Roinn Oideachais seacht gcinn de Choláistí Ullmhúcháin a bhunú – coláistí a chuirfeadh iarrthóirí maithe (a bheadh cumasach i labhairt na Gaeilge) ar fáil le hoiliúint níos deireanaí mar mhúinteoirí bunscoile sna coláistí traenála. Bhí súil go mbeadh mar thoradh ar an mbeart seo go mbeadh múinteoirí á gcur ar fáil a bheadh inniúil ar mhúineadh na Gaeilge agus ar mhúineadh trí Ghaeilge. Bhí súil freisin go gcuirfeadh an beartas le seasamh na Gaeilge sna coláistí oiliúna go ginearálta. Cuireadh seacht gcoláiste ar bun; trí cinn do bhuachaillí Caitliceacha, trí cinn do chailíní Caitliceacha agus ceann amháin measctha do Phrotastúnaigh. Ní raibh i gceist i dtosach ach cúig duine fhichead de mhic léinn i ngach coláiste, ach tar éis deich mbliana, bhí iomlán de 600 mac léinn sna coláistí. Thit na huimhreacha i mblianta an chogaidh ach tháinig borradh arís díreach ina dhiaidh sin. Osclaíodh Coláiste Chaoimhín i nGlas Naíon, Coláiste Íde i gCorca Dhuibhne agus Coláiste Mhoibhí i nGlas Naíon do Phrotastúnaigh i 1927. I 1928, bunaíodh Coláiste Éinne i mBóthar na Trá, Gaillimh. I 1929, bunaíodh Coláiste na Mumhan i Mala agus aistríodh na mic léinn go Coláiste Íosagáin i mBaile Bhuirne i 1940. I 1930, bunaíodh Coláiste Mhuire, Tuar Mhic Éadaigh agus Coláiste Bhríde ar an bhFál Carrach. Bhí ar na mic léinn ceithre bliana a chaitheamh sna coláistí ullmhúcháin agus ansin dhá bhliain eile a chaitheamh sa choláiste traenála le cáiliú mar bhunmhúinteoir.

D'éirigh leis an mbeartas seo go leor múinteoirí a chur ar fáil a bhí inniúil ar an nGaeilge ach cáineadh na coláistí mar gur cuireadh i leith an chórais go raibh ag teip ar mhic léinn chumasacha nach raibh sách oilte sa Ghaeilge ach a bhí sáraithe i ngach ábhar eile áit a fháil sna coláistí traenála. Tuairiscíonn Kelly (2002) go raibh múinteoirí a bhí sa chóras cheana féin

agus ceardchumann na múinteoirí, Cumann Múinteoirí Éireann, míshásta leis an gcóras. Faoi lár na dtríochaidí, bhí an daonra ag titim agus ní raibh an gá leis an méid céanna bunmhúinteoirí, agus thosaigh an Roinn Oideachais ag déanamh athbhreithnithe ar an scéim. Níor ghlac na coláistí traenála le haon mhic léinn ón mbliain 1939 go dtí 1943. D'athraigh Seán Ó Loinsigh, Aire Oideachais, na rialacha iontrála do na coláistí traenála i 1958. As sin amach, bheadh an iontráil ag brath ar thorthaí na hArdeistiméireachta, agus ina dhiaidh sin, ar scrúdú cainte Gaeilge agus Béarla agus agallamh. Fágadh faoi Phádraig Ó hIorghile, Aire Oideachais, deireadh a chur leis na coláistí ullmhúcháin i 1960.

## Coimisiúin, Comhairlí agus Tuarascálacha Réamhrá

Sa chaibidil seo, déantar léiriú ar na príomh-mholtaí a chuir coistí, coimisiúin agus comhairlí de chuid an Stáit féin ar fáil, agus a bhaineann le ceist seo an Oideachais Ghaeltachta. Ní chuirtear san áireamh ach na tuarascálacha Stáit ar an gcúis go dtugann siad léargas ar dhearcadh an Stáit, agus ar na beartais éagsúla a bhí le cur i gcrích ag an am. Tá dearcadh i bhfad níos radacaí le fáil i moltaí a chuireann eagraíochtaí pobail Gaeilge agus Gaeltachta ar fáil le linn na tréimhse céanna ach níor bacadh leo siúd anseo. Mar sin, is i dtreo an choimeádachais agus na híosmhéide atá na moltaí seo ag dul de réir nádúr na dtuarascálacha féin. Ní dhéantar coimriú ar na tuarascálacha éagsúla atá i gceist ach déantar iarracht léiriú a thabhairt ar na moltaí a bhaineann le hábhar, agus cuirtear i láthair na moltaí sin go croineolaíoch .i. de réir dháta a bhfoilsithe.

Sa chás nach léir gurb ionann foilseachán agus polasaí na hinstitiúide a d'fhoilsigh é, luaitear ainm an údair leis an tuarascáil sin. Scrúdaítear na tuarascálacha seo a leanas: Coimisiún na Gaeltachta 1926; An Coimisiún um Athbheochan na Gaeilge 1964; Urlabhra agus Pobal, Comhairle na Gaeilge (Ó Murchú 1970); Meabhráin don Údarás um Ardoideachas, Comhairle na Gaeilge 1971; Institiúidí Rialtais Áitiúil agus Forbraíochta don Ghaeltacht, Comhairle na Gaeilge 1971; I dtreo Polasaí Teanga, Comhairle na Gaeilge 1972; Institiúidí Rialtais Áitiúil agus Forbraíochta don Ghaeltacht, Comhairle na Gaeilge 1971; Feidhmiú Polasaí Teanga, Comhairle na Gaeilge 1972; I dtreo Polasaí Gaeilge san Oideachas, Comhairle na Gaeilge 1973; Plean Gníomhaíochta don Ghaeilge 1983-1985, Bord na Gaeilge; Tuarascáil an Chomhchoiste um Oideachas sa Ghaeltacht 1986; Coimisiún na Gaeltachta 2002; Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta, An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (Mac Donnacha 2004).

Sa chuid deiridh den chaibidil seo, déantar scagadh, ar bhonn téama, ar na moltaí.

## Coimisiún na Gaeltachta 1926

Bunaíodh Coimisiún na Gaeltachta chun staidéar a dhéanamh ar na ceantair Ghaeltachta, tráth a raibh an Stát ag tabhairt faoi pholasaí athréimnithe na Gaeilge mar theanga an phobail. Is iad na téarmaí tagartha a bhí ag Coimisiún na Gaeltachta:

1. *"To inquire and report to the Executive Council as to the percentage of Irish speakers in a district which would warrant its being regarded as:*

*An Irish speaking district*

*Or*

*A partly Irish speaking district*

*And the present extent and location of such districts"*

Caibidil

3

13

<sup>1</sup> Is i mBéarla a rinne an Coimisiún a chuid oibre agus is i mBéarla a foilsíodh an tuairisc dheiridh.

2. "to inquire and make recommendations as to the use of Irish in the administration of such districts, the educational facilities: therein, and any steps that should be taken to improve the economic condition of the inhabitants"<sup>1</sup>

Agus an Coimisiún ag iarraidh dul i ngleic le fadhbanna an chórais oideachais sa Ghaeltacht, léirítear tuiscint ar an tábhacht a bhain leis an gcomhionannas caighdeáin maidir le soláthar oideachais trí Ghaeilge sa Ghaeltacht:

*"The intrinsic value of the education at present given has to be considered, and the value of it compared with the education available in the country generally through the medium of English."*

Seo a leanas na príomhlochtanna a mheas an Coimisiún a bhí ar chóras scolaíochta Gaeltachta na linne, agus na moltaí a rinne siad ina leith. Lochtaítear an córas maidir leis na nithe seo a leanas: cumas Gaeilge na múinteoirí, easpa téacsleabhar i nGaeilge, an Chigireacht, staid na bhfoirgneamh scoile, easpa soláthair iar-bhunscoile, agus an córas riaracháin poiblí sa Ghaeltacht. Rinne an Coimisiún moltaí chun na heasnaimh sin a leigheas. Foilsíodh an tuairisc deiridh sa bhliain 1926. (Féach Walsh John, 2002)

## Easpa Múinteoirí le Gaeilge agus gur trí Bhéarla a fuair na múinteoirí a gcuid oideachais agus a gcuid oiliúna féin

*"The only type of education available to the Irish Speaking Child is primary education. Intrinsically, this primary education is defective; either the child gets it in English, which is not his natural language, or he gets it in Irish through teachers who, for the most part, have received their own education through the medium of English, and who have been trained entirely in English Speaking Institutions."*

### Moltaí an Choimisiúin:

Go ndéanfaí cúrsaí oiliúna trí mheán na Gaeilge a sholáthar d'ábhair mhúinteoirí

Go n-íocfaí liúntas speisialta le múinteoirí a bheadh ag teagasc i nGaeilge sa Ghaeltacht

### Easpa téacsleabhar agus áiseanna teagaisc i nGaeilge

*"Furthermore in the latter case the child is instructed by means of unsuitable books, and with school equipment which has not pertinence to his language, with the result that in the child's mind his own language is given the brand of inferiority".*

### Moladh an Choimisiúin:

Go ndéanfaí athbhreithniú iomlán ar sholáthar téacsleabhar do chóras oideachais trí mheán na Gaeilge

### An Chigireacht

*"At present the areas covered by the Divisional Inspectors who deal with the Irish speaking Districts are mixed areas in that they contain Irish Speaking Districts, Partly Irish Speaking Districts and Non-Irish Speaking Districts. The Commission considers this inadvisable and that it is a source of weakness. A separate inspectorate should be set up for the Gaeltacht so that the separate problem of these districts may be adequately supervised and the opportunities for progress hastened and taken full advantage of."*



## Moladh an Choimisiúin:

Go mbunófaí Cigireacht don Ghaeltacht

## Staid na bhFoirgneamh Scoile

"Gaeltacht schools are small, depressing, in bad repair and poorly equipped ..."

## Iar bhunoideachas

Ní raibh aon chóras iar-bhunoideachais Stáit ar fáil do mhuintir na Gaeltachta ag an am seo.

## Moltaí an Choimisiúin:

Go mbunófaí 25 scoil lae sa Ghaeltacht a chuirfeadh clár oideachais go leibhéal na Meánteistiméireachta ar fáil agus a bheadh ag teagasc go hiomlán trí mheán na Gaeilge, agus an Béarla á theagasc mar dhara teanga.

Go gcuirfí scoláireachtaí ar fáil dóibh, ar chostas an Stáit, le freastal ar A-Scoileanna ina raibh clár iomlán ar an dara leibhéal á theagasc trí Ghaeilge

## An Riarachán Poiblí sa Ghaeltacht

Thagair an Coimisiún don stádás a bhí tugtha don teanga mar theanga náisiúnta agus don bhearna a bhí idir an stádás seo agus feidhmiú polasaí. Ba léir go raibh an córas riaracháin ag leanúint le húsáid an Bhéarla mar theanga oibre agus go raibh neamhaird á déanamh den stádás a bhí bronnta ar an nGaeilge. Cuireann tuairisc an Choimisiúin síos ar an staid mar seo a leanas:

*"Whilst Irish has been declared the national language, detailed instruction as to its use in administration, either in Irish speaking districts or elsewhere have not been issued. No Department is charged with the duty of seeing the National Language is given any preference in use to the English language ..."*

*"... As long as the inability of officials in the Gaeltacht to do their business in Irish continues so long will continue unchecked the tendency among Irish Speaking parents to speak English to their children."*

## Moltaí an Choimisiúin:

Go n-íocfaí liúntas le státseirbhísigh a bheadh ag obair trí Ghaeilge sa Ghaeltacht

Go mbunófaí Coimisiún chun an Ghaeltacht a chaomhnú .i. *"... that a special Commission responsible for the preservation of the Gaeltacht is necessary. This Commission should be charged with the duty of seeing that all Departments carry out in detail the Government's policy with regard to the language in the Gaeltacht. It should be appointed and be directly responsible to the President. It should be vested with authority from the Executive Council to enter into direct communication in an advisory and co-ordinating capacity with the various Departments in so far as their administration affects the Gaeltacht."*

Polasaí Stáit i leith Athbheochan na Gaeilge sa Ghaeltacht .i. *"Given a State policy which, in the spirit of the President's ... takes practical steps embodying a clear hope of the restoration of Irish as the language of education and administration in the Gaeltacht ... will give the Irish speaking populations to understand that, in preserving the language under the disabilities under which they have done so in the past and under which, to a*

large extent, they do so at present, they are performing a national and patriotic work of which the nation as a whole is conscious ..."

## An Coimisiún um Athbheochan na Gaeilge 1964

I mí Iúil 1958, bhunaigh an Rialtas an Coimisiún um Athbheochan na Gaeilge agus thug na téarmaí tagartha seo a leanas dó: "Ag féachaint don chéim atá sroichte faoi láthair leis an iarracht chun an Ghaeilge a athbheochan, breithniú a dhéanamh agus comhairle a thabhairt faoi na bearta ba cheart don phobal is don stát a dhéanamh anois d'fhonn go rachfar ar aghaidh níos tapúla chun an chuspóra sin."

Sa tuarascáil a foilsíodh sa bhliain 1964, dhírigh an Coimisiún ar bhealaí chun an Ghaeilge a thabhairt ar ais mar ghnáthmheán cumarsáide ar fud na tíre. I gcás na Gaeltachta, mhol sé go neartófaí an saol sóisialta agus eacnamaíoch ar an mbonn gur sa Ghaeltacht "atá foinse thraidisiúnta na teanga labhartha; téann an foghlaimeoir ann chun slacht a chur ar a chuid Gaeilge, agus mórán díobh a leathfaidh eolas maith ar an nGaeilge ar fud an chuid eile den tír caithfidh siad teacht ón nGaeltacht."

Is iad seo a leanas na príomh-mholtaí a rinne an Coimisiún i leith réimse an Oideachais agus na Gaeltachta. Pléann na moltaí le curaclam, téacsleabhair, soláthar meánscolaíochta, Coistí Gairmoideachais, Oilíúint Múinteoirí, Scéimeanna Roinn na Gaeltachta, agus an Riarachán Poiblí sa Ghaeltacht.

### Curaclam

Go ndéanfaí cúram breise de scríobh na Gaeilge i mbunscoileanna na Gaeltachta thar mar a dhéanfaí i mbunscoileanna na Galltachta, agus go dtosófaí níos luaithe ar a theagasc.

Gur chóir beagán eolais a thabhairt do na páistí sna ranganna arda ar chanúintí taobh amuigh dá gcanúintí dúchais, agus chuige sin go bhféadfaí feidhm a bhaint as ceirníní Gaeilge agus as cuid de na hirísí Gaeilge.

### Téacsleabhair

Gur chóir Bord Náisiúnta Foilsitheoireachta a bhunú agus gur chóir don Bhord i dtosach ar gach ní eile, féachaint i ndiaidh foilsíú téacsleabhar Gaeilge sna hábhair, agus ar na leibhéil nach bhfreastalaíonn foilsitheoirí príobháideacha dóibh.

Ós rud é gurb é is aidhm do na leabhair léitheoireachta i nGaeilge a úsáidtear sna scoileanna i gcoitinne labhairt na teanga a mhúineadh do na páistí, rud atá ag páistí na Gaeltachta cheana féin, gur chóir sraith ar leith de leabhair léitheoireachta – agus orthu sin leabhair le húdair áitiúla – a úsáid i scoileanna na Gaeltachta.

Gur chóir beart a dhéanamh láithreach chun leordhóthain téacsleabhar Gaeilge a chur ar fáil do na meánscoileanna.

### Soláthar na Meánscolaíochta

Gur chóir d'údarais oideachais i limistéir Ghaeltachta nach bhfuil meánscoil iontu cheana féin tairbhe iomlán a bhaint as an scéim atá á riaradh ag Roinn na Gaeltachta.

Go ndéanfaí scéim Roinn na Gaeltachta, faoina dtugtar deontais chun meánscoileanna

a thógáil, a leasú i gcás an choinníll a leagann síos nach dtabharfar an dara deontas d'aon scoil laistigh de thréimhse cúig bliana ionas go gceadófar an dara deontas nuair is gá sin toisc méadú a bheith tagtha ar líon na mac léinn.

Gurb áthas leis an gCoimisiún méadú a bheith á dhéanamh ar líon na scoláireachtaí meánscoile do pháistí ón Ghaeltacht, ach gur cheart don Roinn Oideachais an scéal a bhreithniú, go rialta, agus a líon a mhéadú tuilleadh de réir mar a bheid meánscoileanna nua á gcur ar bun sa Ghaeltacht.

## Na Coistí Gairmoideachais

Ós rud é go bhfuil sé an-deacair Gaeilgeoirí a fháil a bhfuil an t-eolas cruinn ar scríobh na Gaeilge acu a bheadh ag teastáil le haghaidh post cléireachais agus rúnaíochta, gur ceart do gach gairmscoil sa Ghaeltacht a mbíonn cailíní ag freastal uirthi cúrsa maith a thionscnamh chun iad a theagasc le haghaidh post den sórt sin i gcomhlachtaí Stát-urraithe agus i ngnólachtaí príobháideacha. Ba chabhair mhór dóibh freisin eolas éigin a bheith acu ar cheann de theangacha na Mór-Roinne.

Gur chóir do cheann de na Coistí Gairmoideachais a bhfuil limistéar Gaeltachta faoina chúram cúrsa a chur ar bun chun cailíní ón Ghaeltacht a oiliúint le bheith ina mbuimí; bheadh teagasc sna hábhair seo le tabhairt sa chúrsa sin; tógáil leanaí, easláintí leanaí agus céadchabhair, cócaireacht agus tíos, síceolaíocht i leith leanaí agus buneolas ar mhúineadh na Gaeilge do leanaí. Ba cheart teastas gairme a bheith ag gabháil leis.

Gur cheart do na Gairmscoileanna sa Ghaeltacht a bhíonn ag freastal ar bhuachaillí, tuilleadh cúrsaí a sholáthar a d'ullmhódh na buachaillí le haghaidh na gcúrsaí printiseachta atá ag comhlachtaí Stát-urraithe agus ag gnólachtaí eile.

Gur cheart do Choistí Gairmoideachais a bhfuil limistéar Gaeltachta faoina gcúram féachaint le lárionad cultúir agus oideachais do phobal na comharsanachta a dhéanamh de gach gairmscoil i limistéar tuaithe, agus chuige sin cúrsaí oideachais d'aosaithe a chur ar fáil sa cheol, sa drámaíocht, sa litríocht.

Gur chóir don Aire Oideachais an chumhacht a thugtar dó le halt 103 den Acht Oideachais Ghairme Beatha, 1930, a oibriú chun na moltaí sin thuas a chur i gcrích, agus deontas a íoc i leith a gcostas.

## Oiliúint Múinteoirí

Go n-éileofaí caighdeán ard sa Ghaeilge, agus go háirithe i labhairt na Gaeilge, ar mhic léinn a bheadh ag dul isteach sna Coláistí Oiliúna do Bhunmhúinteoirí.

Go bhfostófaí teagascóirí speisialta de bhunadh na Gaeltachta i ngach coláiste oiliúna chun dianchúrsa ar fhoghraíocht agus ar dhul na teanga a thabhairt d'ábhair mhúinteoirí nach de bhunadh na Gaeltachta iad.

Go ndéanfaí an tréimhse oiliúna atá ann faoi láthair a shíneadh, dá mba ghá sin, chun go bhféadfaí an teagasc breise sin thuas a chur leis an gclár oibre.

Go ndéanfaí múinteoirí a spreagadh, le deontais nó le scéim scoláireachtaí, chun freastal ar athchúrsaí sa Ghaeilge, agus ar chúrsaí i modhanna múinte teanga agus in úsáid áiseanna teagaisc.

Gur chóir don Roinn Oideachais rannóg taighde a bhunú chun scrúdú eolaíoch a dhéanamh ar an Ghaeilge mar theanga labhartha, mar atá déanta thar lear i gcás

teangacha eile, chun a fháil amach cad iad na gréasáin bhunaidh, na foirmeacha gramadaí agus an stór focal is bunúsaí sa teanga labhartha agus go n-ullmhófaí sraith de théacsleabhair chéimnithe mar threoir do na múinteoirí chun eolas cruinn iomlán a thabhairt ar éirim bhunúsach na teanga.

## Scéimeanna/Deontais Roinn na Gaeltachta

Go ndéanfaí an deontas bliantúil £5, is infóicta i leith páistí na Gaeltachta, a ardú go dtí £10.

Go ndéanfaí coinníollacha na scéime a leasú chun gur féidir an deontas a íoc i leith ógánach os cionn 16 bliana, fad a bheidh siad ag freastal ar chúrsa lánaimseartha oideachais nó ar chúrsa lánaimseartha oiliúna le haghaidh fostaíochta.

## An Riarachán Poiblí sa Ghaeltacht

Go ndéanfaidh an Stát deimhin de go mbeidh gach seirbhíseach poiblí, idir sheirbhísigh an rialtais láir agus seirbhísigh an rialtais áitiúil, a bheidh ag fónamh sa Ghaeltacht, inniúil ar a ngnóthaí le pobal na háite a dhéanamh i nGaeilge go saoráideach agus gan stró.

Go mbainfeadh údaráis áitiúla breis feidhmeas (sic) as an Ghaeilge sna scríbhinní a eisíonn siad. Sna contaetha a bhfuil limistéar Gaeltachta iontu, ba ceart leagan Gaeilge de na scríbhinní sin a chur ar fáil agus an leagan sin amháin a úsáid sna limistéir sin.

Go ndéanfaí Orduithe na nOifigí Áitiúla (Gaeltacht) 1928-1963, a chúlghairm agus Rialacháin na nOifigeach Áitiúil (An Ghaeilge), 1944-1964, a chur i bhfeidhm go hiomlán, rud a leanfadh cruatan as toisc go mbeadh oifigigh áirithe (a bhfuil seirbhís fhada ag a bhformhór) le cur as oifig; tá sé beartaithe ag na hAirí lena mbaineann dul i muinín greasachtaí (sic) oiriúnacha. Tá sé beartaithe acu freisin na Rialacháin a leasú ar dhá dhóigh, i.e., (i) glacfar iontu leis an limistéar a cinneadh le hOrdú 1956 don Ghaeltacht, agus (ii) in ionad na forála faoina gcuirfí as a phost aon oifigeach a dteipfeadh air leordhóthain Gaeilge a fhoghlaim chun go bhféadfadh sé a dhualgais a déanamh sa teanga sin, cuirfear ar bun scéim liúntas de barr eolais inniúil ar an nGaeilge agus de bharr a húsáide, faoi mar a luaitear i moladh 58. Ba ceart go ngríosódh na liúntais sin oifigigh áitiúla a bhíonn ag gabháil dá ndualgais sa Ghaeltacht chun eolas mar is cuí a chur ar an teanga.

Go ndéanfaí liúntas speisialta mar a íoctar le múinteoirí agus Gardaí atá ag fónamh i gceantair áirithe sa Ghaeltacht, a íoc le hoifigigh a bhfuil poist bhuana acu faoi údaráis áitiúla agus a mbíonn a gcuid dualgas á ndéanamh acu sa Ghaeltacht, mar a cinneadh amhlaidh í.

I gcás aon phoist faoi údarás áitiúil ar sa Ghaeltacht nó i ndáil leis an Ghaeltacht a bheidh dualgais an phoist sin le comhlíonadh, más rud é nach mbeadh duine le heolas inniúil ar an Ghaeilge ar fáil nach ndéanfaí ach ceapachin sealadach go ceann bliana agus go ndéanfaí an post a athfhógairt ansin.

## Comhairle na Gaeilge 1969

Sa bhliain 1965, cheap an Rialtas Comhairle na Gaeilge chun cabhrú leis athbheithniú a dhéanamh ar an mbeartas i leith athbheochan na Gaeilge, agus chun comhairle a thabhairt i dtaobh chur chun cinn an bheartais sin feasta. Bhí ionadaithe ó eagraíochtaí poiblí agus príobháideacha ar an gComhairle.

San aitheasc a thug sé uaidh ag cruinniú tionscnaimh na Comhairle ar 18 Iúil 1969, dúirt Cathal Ó hEochaidh, T.D., an tAire Airgeadais a bhí ann san am:

"Ba mór an chabhair é dá dtabharfadh an Chomhairle seo léargas leathan lánbhreithnithe don Rialtas agus don phobal ar cheist seo an dátheangachais" (Urlabhra agus Pobal 1970).

Ba í an príomhobair a bhí le déanamh ag an gComhairle moltaí agus tuarascálacha a ullmhú don Rialtas faoi ghnóthaí ginearálta, faoi pholasaí, agus faoi na bearta ba chearta a dhéanamh chun úsáid na Gaeilge mar ghnáthmheán cumarsáide a leathnú.

Is iad seo a leanas tuarascálacha na Comhairle agus na moltaí a bhí iontu a bhaineann le córas oideachais don Ghaeltacht: Urlabhra agus Pobal, Comhairle na Gaeilge, (Ó Murchú 1970); Meabhráin don Údarás um Ardoideachas, Comhairle na Gaeilge 1971; Institiúidí Rialtais Áitiúil agus Forbraíochta don Ghaeltacht, Comhairle na Gaeilge 1971; I dTreo Polasaí Teanga, Comhairle na Gaeilge; Feidhmiú Polasaí Teanga, Comhairle na Gaeilge 1972; I dTreo Polasaí Gaeilge san Oideachas, Comhairle na Gaeilge 1973; agus An Ghaeilge sa Chóras Oideachais, Comhairle na Gaeilge 1974.

## Urlabhra agus Pobal Ó Murchú Comhairle na Gaeilge, 1970

Tugtar léargas sa tuarascáil seo ar choincheapa ginearálta na teangeolaíochta, go háirithe ó thaobh an dátheangachais, ar na patrúin úsáide teanga a bhaineann leis an dátheangachas, agus ar an débhéascna.

Déantar sainmhíniú mar seo a leanas ar an rud is débhéascna ann: Cleachtadh mar atá ag pobal dátheangach chun úsáid a bhaint as teanga amháin i réimsí sóisialta áirithe a aithnítear a bheag nó a mhór, agus an teanga eile a úsáid i réimsí eile.

Foilseachán thar a bheith tábhachtach é Urlabhra agus Pobal agus cuirtear na sleachta seo a leanas as i láthair mar léiriú ar an tábhacht sin agus mar léiriú ar an léargas a chaitear ar na ceisteanna atá á bplé againne beagnach dhá scór bhliain i ndiaidh a fhoilsithe:

"Is cinnte go bhfuil réimsí an teaghlaigh agus na comharsanachta chomh bunúsach agus chomh hígair i bpatrún urlabhra ár sochaí-ne agus atá i sochaithe eile. Tá liomaráistí na Gaeltachta thar a bheith tábhachtach mar sin ó thaobh sainphatrún náisiúnta urlabhra a chur chun cinn ar fud na tíre, mar go bhfuil an Ghaeilge in uachtar sna príomhréimsí sin iontu agus dá thoradh sin, is lárionad na teanga agus samhail dá beoúlacht iad. Mar gheall air sin fanfaidh an Ghaeltacht san am atá romhainn amach ina bunfhoinsé dá mbeidh de dhátheangachas i measc codanna eile den phobal. Dá bhrí sin, tá sé riachtanach go ndéanfaí gach iarracht chun na liomaráistí sin a neartú ó thaobh shocheolaíochta na hurlabhra de trí program a chur i ngníomh a bheadh dírithe ar dhíograis teanga a chothú iontu ....

Tá príomhthábhacht réimsí an teaghlaigh agus na comharsanachta le haithint ach níor chearta, ar a shon sin, beagní a dhéanamh de na réimsí fuaimintiúla sóisialta eile ina mbíonn an Ghaeilge á foghlaim agus á labhairt.

Lasmuigh de réimsí an teaghlaigh agus na comharsanachta, is iad na réimsí is mó a mbíonn an Ghaeilge in úsáid iontu faoi láthair agus ar cuid dá raon sochaíoch iad, mar sin, an t-oideachas agus an riarachán.

Cé go bhfuil múineadh teanga mar ábhar scoile tábhachtach mar fhoinsé don dátheangachas, ní thugtear go mbíonn sé le háireamh nuair a bhíonn staid réimsiúil teanga á meas. Is é a

d'áireofaí ar réimse an oideachais ná a bhfuil de choibhnis rólanna, d'ionaid agus d'amanna sóisialta ag baint leis an teagasc, le himeachtaí scoile go ginearálta agus le riaradh an oideachais ag údaráis scoile agus ag Údaráis Stáit.

Is féidir a rá mar sin go bhfuil ionad ag teanga i réimse an oideachais má úsáidtear í i láithreacha a bhaineann de ghnáth leis an réimse sin e.g. cigire-múinteoir sa seomra ranga, le linn scoile. Mar an gcéanna, is é a chiallaíonn riarachán poiblí a bhfuil de choibhnis rólanna, d'ionaid agus d'amanna ag baint le riarachán poiblí go ginearálta, agus is féidir a rá go bhfuil ionad ag teanga sa réimse sin más gnáth í a úsáid i roinnt láithreacha coitianta ann.

Tar éis neamhspleáchas polaitiúil a bheith bainte amach, cuireadh an Ghaeilge chun cinn sna réimsí sin, mar gurbh é aidhm shuite an rialtais aitheantas cuí agus gradam a thabhairt don teanga

### **Conclúid:**

Débhéascna Ghaeilge agus Bhéarla a chur ar bun a mbeadh páirt fhiúntach ag an nGaeilge inti, páirt a bheadh ag teacht le feidhm na teanga náisiúnta a bheith aici.

### **Meabhráin don Údarás um Ardoideachas, Comhairle na Gaeilge 1971**

Tuigeadh don Chomhairle go raibh breithniú speisialta á dhéanamh ag an Údarás um Ardoideachas ar na socruithe le haghaidh oiliúint múinteoirí mar chuid den staidéar ginearálta a bhí á dhéanamh aige ar an soláthar a bhí le déanamh le haghaidh an Ardoideachais. Chinn an Chomhairle mar sin ar an mbreithniú ar ionad na Gaeilge sa chóras oideachais a thosú chun an meabhrán seo a leanas faoi oiliúint múinteoirí agus faoin nGaeilge sna hollscoileanna a ullmhú le cur faoi bhráid an Údaráis um Oideachas. Seo a leanas moltaí na Comhairle i leith oiliúint múinteoirí:

#### **Scoileanna Naíolainne**

Go n-eagrófaí cúrsa trialach chun múinteoirí a oiliúint i gcomhair scoileanna naíolainne lán-Ghaelacha agus go ndéanfaí iarracht ar leith ábhar múinteoirí de bhunadh na Gaeltachta a mhealladh chucu.

Go dtabharfaí oiliúint do na hábhair mhúinteoirí sna hinstiúidí Froebel agus Montessori ar úsáid na Gaeilge mar mheán teagaisc agus cumarsáide.

#### **Earcaíocht Múinteoirí do na Bunscoileanna**

Go ndéanfaí iarracht faoi leith mic léinn le Gaeilge mhaith a mhealladh go dtí na Coláistí Oiliúna.

#### **Foireann sna Coláistí Oiliúna**

Go bhfostófaí teagascóirí speisialta – cainteoirí dúchais, dá mb'fhéidir – sna Coláistí Oiliúna, mura raibh a leithéid cheana acu, chun dianchúrsa ar mhúineadh na foghraíochta agus ar labhairt na teanga a thabhairt d'ábhair mhúinteoirí.

Nach gceapfaí le haghaidh riaracháin ná teagaisc, sna Coláistí Oiliúna, ach daoine a bhfuil déanamh a ngnó sa Ghaeilge acu.

Go mbeadh an tuarastal agus na coinníollacha oibre sách maith chun daoine ardoilte, le Gaeilge mhaith, a fháil.

Go bhféachfaí le timpeallacht Ghaeilge a chothú sna Coláistí Oiliúna más féidir.

Gurb í an Ghaeilge is mó a úsáidfear mar mheán teagaisc, scrúdaithe, riaracháin agus cumarsáide sna coláistí oiliúna agus go mbunófaí coistí bainistíochta speisialta chun na críche sin.

### **Cúrsa Oiliúna agus Curaclam**

Go ndéanfaí staidéar agus cleachtadh ar leith ar an teagasc tríd an dara teanga le linn an chúrsa.

Go ndéanfaí, sna coláistí oiliúna, staidéar ar leith ar an nGaeilge i gcomhthéacs an chultúir, an phobail, agus na staire, agus ar litríocht, ar bhéaloideas, agus ar fhealsúnacht na hathbheochana.

Go socrófaí go bhféadfadh mic léinn atá ag freastal ar chúrsa ollscoile a n-oiliúint phroifisiúnta, agus teagasc na Gaeilge san áireamh, a shaothrú fad atá siad san ollscoil, agus go mbeadh cuid dá gcúrsa ollscoile á dhéanamh trí Ghaeilge.

Go mbeadh an scrúdú céad bhliana agus an scrúdú cinn chúrsa ar bhunús teipe, pas agus onóracha, arna reáchtáil ag scrúdaitheoirí seachtracha, agus scrúdú béil Gaeilge ina chuid bhunúsach díobh.

### **Iarchúrsaí agus Athchúrsaí**

Go gcuirfí ar fáil do chúrsaí iarchéime agus athnuachana scannáin agus taifid ar leith faoi na modhanna is fearr le teangacha a theagasc, agus faoi theagasc trí Ghaeilge.

Go mbeadh deontais agus scoláireachtaí le fáil ag múinteoirí chun freastal ar chúrsaí mar seo, agus go mbeadh freastal ar na cúrsaí seo riachtanach tar éis dóibh bheith ag múineadh ar feadh tréimhsí áirithe.

### **Iar bhunmhúinteoirí Gaeilge**

Go reáchtálfar cúrsaí ar leith sa Ghaeltacht do mhúinteoirí iar-bhunoideachais Gaeilge agus go mbeadh cúnamh tarraingteach ar fáil acu chuige sin.

Gurb í an Ghaeilge is mó a úsáidfear mar mheán teagaisc, riaracháin agus cumarsáide in aon fhorais nua oiliúna do mhúinteoirí a bhunófar faoi choimirce an Stáit, go dtabharfaí aird ar leith ar an teagasc trí Ghaeilge agus go dtabharfaí do na mic léinn tuiscint ar an mbaint atá ag a n-ábhair féin leis an gcultúr náisiúnta.

### **Ard Dioplóma san Oideachas**

Go ndéanfaí ar an gcúrsa seo staidéar, oiliúint agus cleachtadh sna modhanna is fearr chun teangacha a theagasc, agus chun teagasc tríd an dara teanga.

Go mbeadh deis ag an mic léinn cúrsa an Ard-Dioplóma, nó mórchuid de, a dhéanamh trí Ghaeilge sna hollscoileanna.

## Scoláireachtaí

Go gcuirfí leis na scéimeanna scoláireachtaí atá ann d'fhonn go meallfar níos mó daoine ón nGaeltacht chun na hiar-bhunmhúinteoireachta, d'fhonn go dtabharfaidh breis daoine a bhfuil ardchaighdeán Gaeilge acu faoin nGaeilge a mhúineadh agus a theagasc trí Ghaeilge, d'fhonn go meallfar níos mó de mhuintir na Gaeltachta chun cáiliú mar mhúinteoirí ábhar atá lasmuigh de churaclaim na n-ollscoileanna, agus d'fhonn go dtabharfaidh níos mó múinteoirí de bhunadh na Gaeltachta faoi staidéar iarchéime.

## Iarchúrsaí agus Athchúrsaí

Go n-eagrófaí cúrsaí agus seimineáir phraiticiúla i dtaca le modhanna freacnaireacha teagaisc teanga agus teagaisc tríd an dara teanga.

Go spreagfaí múinteoirí chun freastal ar chúrsaí dá leithéid agus go mbeadh a bhfreastal riachtanach tar éis tréimhsí áirithe seirbhíse.

## Téacsleabhair

Go gceapfaí daoine cáilithe, go lánaimseartha agus go speisialta, chun téacsleabhair i nGaeilge a chur ar fáil do na cúrsaí uile a luaitear sna moltaí.

## Institiúidí Rialtais Áitiúil agus Forbraíochta don Ghaeltacht, Comhairle na Gaeilge 1971

Ba léir do Chomhairle na Gaeilge go raibh caomhnú agus neartú na Gaeltachta thar a bheith riachtanach d'aon chlár chun úsáid na Gaeilge a leathnú. Sa tuarascáil seo, díródh ar dhá bhuncheist don Ghaeltacht, córas leasaithe riaracháin áitiúil agus gníomhú cuimsitheach chun deiseanna nua fostaíochta a chur ar fáil. Seo a leanas cuid de na moltaí a rinneadh:

## Oideachas

Go gceapfaí Coiste Oideachais a mbeadh feidhmeanna aige mar atá ag Coistí Gairmoideachais faoi láthair, móide feidhmeanna breise maidir le scoileanna eile de réir mar a chomhdhlúthófaí an córas oideachais fré chéile amach anseo.

## Riarachán Poiblí

Go rithfí Acht nua ag cumasú Coiste Ceantar Gaeltachta ar an mbeadh ionadaithe ó na toghcheantair áitiúla (na ceantair Ghaeltachta) agus go n-aistreofaí feidhmeanna na gComhairlí Contae chun na gCoistí Ceantar Gaeltachta (ar bhonn feidhmiúcháin) i leith a gceantar féin.

Go mbunódh an tAire Rialtais Áitiúil, i gcomhairle le hAire na Gaeltachta, Lár-Chomhairle de na Coistí Gaeltachta agus de na Comhairlí, ar a mbeadh ionadaithe tofa mar aon le saineolaithe, agus go mbeadh mar phríomhfheidhmeanna ag an Lár-Chomhairle guth daonlathach a thabhairt don Ghaeltacht, cás na Gaeltachta a chur ar aghaidh in aon teagmháil leis an Stát, nó le comhlachtaí eile, go háirithe na comhlachtaí forbraíochta, agus moltaí a dhéanamh faoi na fadhanna a bhaineann leis an nGaeltacht i gcoitinne.

Go mbunófaí Meitheal Oibre chun córas forbraíochta a chur i bhfeidhm sa Ghaeltacht, chun an fostaíocht sna ceantair a mhéadú, gan dochar do riachtanais na Gaeilge ach ar bhealach a chuirfeadh na cuspóirí teanga chun cinn.



## I dTreo Polasaí Teanga, Comhairle na Gaeilge

Sa tuarascáil seo, díróidh aird ar an bpleanáil chuimsitheach a bheadh riachtanach chun dul chun cinn suntasach a dhéanamh maidir leis an nGaeilge a chur á húsáid athuir mar ghnáthmheán cumarsáide.

Moladh don Stát "freagracht a ghlacadh as eagrais comhordaithe a mbeadh sé d'acmhainn aige dul i mbun na pleanála agus an taighde."

## Feidhmiú Polasaí Teanga, Comhairle na Gaeilge 1972

Tugann an Tuarascáil seo moltaí na Comhairle maidir le na socruithe institiúideacha pleanála a bheadh de dhíth chun na moltaí a rinne an Chomhairle sa tuarascáil I dTreo Polasaí Teanga a chur i bhfeidhm. Ó thaobh gníomhaíochta de, ghlac an Chomhairle leis gur leis na limistéir Ghaeltachta go príomha a bhain feidhmeanna Roinn na Gaeltachta.

Maidir le ról na Roinne Oideachais, chreid an Chomhairle go raibh dualgais fhíorthábhachtacha ar an Roinn maidir le teagasc éifeachtach agus úsáid na Gaeilge ag gach leibhéal den chóras oideachais. Bhí baint ag an Roinn le hoiliúint múinteoirí, le taighde teangeolaíochta, le soláthar foclóirí caighdeánacha agus le foilsiú téacsleabhar agus ábhair ghinearálta léitheoireachta i nGaeilge.

Ach rinneadh pointe sa tuarascáil seo .i. nach raibh aon oifigeach in eite riaracháin na Roinne ag an am ag déileáil go lánaimeartha le polasaí na Gaeilge sa chóras oideachais.

Agus an Chomhairle ag díriú ar an dá phríomhfheidhm dár bhain leis an nGaeilge .i. athbheochan na Gaeilge ar fud na tíre agus forbairt na Gaeltachta, rinneadh na moltaí seo thíos maidir le struchtúir chun an polasaí Gaeilge a chur i bhfeidhm:

- Feidhm ghinearálta na hathbheochana i gcoitinne a shannadh do bhord reachtúil.
- Feidhmeanna uile fhorbairt na Gaeltachta a shannadh do bhord reachtúil ar leith.
- Dhá mhórfheidhm na Gaeilge a chur i roinn nua – Roinn na Gaeilge.

Moladh gur cheart Institiúid Teangeolaíochta Éireann agus Bord na Leabhar Gaeilge a aistriú ón Roinn Oideachais go dtí Roinn na Gaeilge de bhrí go raibh ceangal acu leis an nGaeilge ar bhonn ba leithne ná an t-oideachas amháin.

Moladh go mbeadh an Roinn nua freagrach as na rudaí seo a leanas:

- An bord a bheidh freagrach as feidhmeanna ginearálta na Gaeilge.
- An bord a bheidh freagrach as forbairt na Gaeltachta.
- Institiúid Teangeolaíochta Éireann.
- An t-eagrais nó na heagrais a bheidh freagrach as foilseacháin ghinearálta i nGaeilge.

Maidir le forbairt na Gaeltachta, thacaigh an Chomhairle le moladh Gaeltarra- SFADCo go gcuirfí feidhmeanna forbartha Roinn na Gaeltachta (ar a n-áirítear íocaíocht deontas) agus Gaeltarra Éireann le chéile faoi scáth aonaid iolaidhmigh a bheadh ag déileáil le forbairt agus a dtabharfaí Údarás na Gaeltachta air.

Moladh gurb é an aidhm ghinearálta ba cheart a bheith ag Bord an Gaeilge "leathnú na Gaeilge mar ghnáthmheán cumarsáide a chur chun cinn."

I measc a chuid feidhmeanna, moladh go dtabharfadh Bord na Gaeilge comhairle don Roinn Oideachais maidir le polasaithe i leith na Gaeilge sa chóras oideachais.

## I dTreó Polasaí Gaeilge san Oideachas, Comhairle na Gaeilge 1973

Bhí Caibidil a 1 den tuarascáil *An Ghaeilge sa Chóras Oideachais* réidh faoi Earrach na bliana 1973 nuair a chinn an Rialtas nach mbeadh sé riachtanach do dhaltaí feasta pas sa Ghaeilge a fháil chun bheith i dteideal scrúdú na hArdeistiméireachta, na Meánteistiméireachta ná an Ghrúpa-theastais a ghnóthú. Ós rud é go raibh an cheist chomh mór sin i mbéal an phobail ag an am, cuireadh an chaibidil sin faoi bhráid an Aire Airgeadais láithreach agus foilsíodh í, faoin teideal thuasluaite.

Ní dhearnadh aon staidéar faoi leith, le haghaidh na tuarascála sin, ar riachtanais an Oideachais i limistéar na Gaeltachta. Ghlac an Chomhairle leis go mbeadh moltaí mionchruinne ag brath go mór ar chlár cuimsitheach i gcomhair chúrsaí sóisialta agus eacnamaíochta na limistéar sin, agus ghlac an Chomhairle leis go mbeadh sé mar phríomhdhualgas ar Údarás na Gaeltachta, ach a mbunófaí é, clár den sórt sin a chur le chéile.

I measc na moltaí a rinneadh sa tuarascáil faoin Oideachas Gaeltachta, bhí:

Plean oideachais don Ghaeltacht a dheimhneodh go bhféadfadh páistí uile na Gaeltachta a gcuid oideachais a fháil trí Ghaeilge.

Go dtabharfaí aird sa phlean sin ar riachtanais shóisialta agus eacnamaíochta mhuintir na Gaeltachta agus go gcuideodh sé le saol phobal na Gaeltachta a neartú agus a shaibhriú.

Socruithe speisialta a dhéanamh chun cóimheas múinteoirí/daltaí níos fearr agus níos solúbtha a cheadú do scoileanna beaga na Gaeltachta, ag an dá leibhéal.

Go gcuirfí ar chumas daltaí ó limistéir na Gaeltachta traenáil ag an tríú leibhéal a shaothrú trí Ghaeilge sna coláistí teicneolaíochta, ar chúrsaí oiliúna faoi choimirce CERT agus AnCo, agus ar chúrsaí a bhaineann le mairnéalach, le hiascaireacht agus le talmhaíocht. (Tugadh chun suntais anseo nach raibh aon deontais ná scoláireachtaí faoi leith ar fáil do dhaltaí ón nGaeltacht sna coláistí teicneolaíochta, agus go raibh deireadh le scéim na scoláireachtaí Gaeltachta a thugtaí do dhaltaí meánscoile, agus a hionad gafa ag an scéim don "saoroideachas" iar-bhunscoile).

Teagasc na Gaeilge agus cúrsaí Gaeilge a shaothraítear sa Ghaeltacht a léirmheas ar an mbonn go raibh na cúrsaí sin ar aon dul leis na cúrsaí i limistéir Bhéarla agus nár thug siad cothrom ceart do na daltaí a raibh an Ghaeilge acu cheana féin.

Téacsleabhair oiriúnacha do scoileanna Gaeltachta a chur ar fáil gan mhoill.

Múinteoirí oiriúnacha a chur ar fáil do na hiar-bhunscoileanna sa Ghaeltacht ar an mbonn go raibh ag teip ar chuid de na scoileanna sin múinteoirí a fháil atá inniúil ar mhúineadh trí Ghaeilge.

Gan a thuilleadh scoileanna a dhúnadh sa Ghaeltacht ná ina gcomharsanacht go ceann dhá bhliain ar a laghad.

Oifigeach sinsearach a cheapadh sa Roinn Oideachais a mbeadh sé de chúram air, thar ceann Rúnaí na Roinne, polasaí oideachais don Ghaeilge a chomhordú agus a chur chun cinn.

Go mbeadh Bord na Gaeilge, ach a mbunófaí é, freagrach as measúnú a dhéanamh ar an bplean.

Go mbeadh Bord na Gaeilge, ach a mbunófaí é, freagrach as clár taighde a thionscnamh, agus a choimeád ar siúl, i dtaobh buanna agus teipeanna gach gné de pholasaí Gaeilge an chórais oideachais.

## An Ghaeilge sa Chóras Oideachais, Comhairle na Gaeilge 1974

Bhí an-áthas ar an gComhairle, nuair a foilsíodh an tuarascáil seo, go raibh cinneadh oifigiúil déanta i dtaobh bhunú Bhord na Gaeilge. I réamhrá na tuarascála seo, deirtear go mbaineann mórán de mholtaí na tuarascála le Bord na Gaeilge agus go léiríonn an tuarascáil an dlúth-chomhoibriú a chaithfí a chruthú idir an Roinn Oideachais agus Bord na Gaeilge, toisc nach féidir polasaí i dtaobh na teanga a fhorbairt gan eolas uirthi a bheith á chur ar fáil go forleathan tríd an gcóras oideachais.

Ar mholtaí na tuarascála seo, tá:

Bord na Gaeilge ag gníomhú mar phríomh-chomhlacht comhairleach ag an Roinn Oideachais maidir le modhanna a mholadh a spreagfadh daoine chun an Ghaeilge a fhoghlaim agus a úsáid.

Socrú idir Bord na Gaeilge agus Údarás na Gaeltachta chun staid na gColáistí Samhraidh a scrúdú go mion d'fhonn cuidiú leo na gnéithe éagsúla dá gcuid gníomhaíochta a thabhairt chun foirfeachta.

Oifigeach sinsearach a cheapadh sa Roinn Oideachais a mbeadh sé de chúram air, thar ceann Rúnaí na Roinne, polasaí oideachais don Ghaeilge a chomhordú agus a chur chun cinn.

Go mbeadh Bord na Gaeilge, ach a mbunófaí é, freagrach as measúnú a dhéanamh ar an bplean.

Go mbeadh Bord na Gaeilge, ach a mbunófaí é, freagrach as clár taighde a thionscnamh, agus a choimeád ar siúl, i dtaobh buanna agus teipeanna gach gné de pholasaí Gaeilge an chórais oideachais.

## Múineadh trí Ghaeilge

Na saoráidí agus na fearais uile is nua-aoisí a chur ar fáil do mhúineadh na Gaeilge agus don mhúineadh trí Ghaeilge.

## Oiliúint Múinteoirí

Na moltaí a rinne Comhairle na Gaeilge cheana féin i dtaobh oiliúint múinteoirí in 'Meabhráin don Údarás um Ardoideachas' a chur i bhfeidhm.

Cibé fairsingiú is gá a dhéanamh ar Dhámh an Oideachais sna Coláistí Ollscoile, d'fhonn múinteoirí a chur ar fáil a mbeadh a gcúrsaí déanta acu trí Ghaeilge.

Cumas na n-oidí iar-bhunoideachais a cháileofar in institiúidí oiliúna ar nós an Choláiste Corpoideachais, na hábhair speisialta a theagasc trí Ghaeilge.

Lárionad acmhainní a bhunú chun freastal do gach gné den mhúineadh trí Ghaeilge.

## An Náiscolaíocht

Acmhainní airgeadais a chur ar fáil d'fhonn córas náisiúnta náiscolaíochta trí Ghaeilge a bhunú agus a chur i bhfeidhm.

## Foilsitheoireacht

Dhá chuideachta theoranta a cur in áit Bhord na Leabhar Gaeilge agus an Ghúm d'fhonn eagar níos fearr a bheith ar an bhfoilsitheoireacht i nGaeilge.

Ó mholtaí Chomhairle na Gaeilge a tháinig Tuarascáil CLÁR 1975, "an chéad suirbhé cuimsitheach rianúil sochtheangeolaíochta ar dhearcadh an phobail i dtaobh na Gaeilge" (Ó Riain 1994). Nuair a bunaíodh Bord na Gaeilge i 1975, tugadh an ról a bhí ag Comhairle na Gaeilge don fhoras nua agus tháinig deireadh leis an gComhairle.

## Plean Gníomhaíochta don Ghaeilge 1983 1985 Bord na Gaeilge

Bunaíodh Bord na Gaeilge i 1975 agus cuireadh bonn reachtúil faoi i 1978. D'fhoilsigh an Rialtas Páipéar Bán ar Oideachas i 1980 agus dearbhaíodh go raibh sé mar aidhm "an Ghaeilge a thabhairt ar ais mar mheán cumarsáide ionas go mbeidh pobal fíor dá-theangach sa tír ..." Aithníodh chomh maith go bhféadfaí caighdeán níos fearr a bhaint amach sa Ghaeilge i gcuid mhaith de na scoileanna. I 1982, d'iarr an Rialtas ar Bhord na Gaeilge plean don Ghaeilge a chur ar fáil. I 1983, foilsíodh Plean Gníomhaíochta don Ghaeilge 1983-1986.

Tuairiscítear sa phlean seo go raibh úsáid an Bhéarla éirithe coitianta de réir a chéile sa Ghaeltacht ina lán cúrsaí sóisialta, tráchtála agus oideachais agus le blianta beaga anuas i réimse an teaghlaigh féin.

Ar na tosca ba chúis leis seo, bhí:

Brú an Bhéarla

Easpa tacaíochta ó institiúidí Stáit

Tionchar na forbartha tionsclaíochta

Daoine gan Ghaeilge a bheith ag teacht chun cónaithe sa Ghaeltacht

Easnaimh sa chóras oideachais sa Ghaeltacht

Daoine óga sa Ghaeltacht a bheith ag brath an oiread sin ar shiamsaíocht Bhéarla

I réimse an Oideachais, moladh:

Go mbunófaí sna mórcheantair Ghaeltachta lárchoistí oideachais ar a mbeadh ionadaithe ó bhoird bhainistíochta na scoileanna sna Gaeltachtaí sin, mar aon le hionadaithe ón Roinn Oideachais, ó Roinn na Gaeltachta, ó Údarás na Gaeltachta agus ó Bhord na Gaeilge.

Go mbunófaí Grúpa Comhordaithe ar a mbeadh ionadaíocht ardleibhéil ó Roinn na Gaeltachta, ó Údarás na Gaeltachta, ó Bhord na Gaeilge agus ón Roinn Oideachais. Bheadh an Grúpa Comhordaithe seo freagrach as:

Athbheithníú a dhéanamh ar scéimeanna uile na Gaeltachta sa réimse seo.

A dheimhniú go bhfeidhmítear agus go gcomhordaítear na beartais atá sa phlean.

A dheimhniú go mbeadh moltaí ar fáil maidir le seirbhís teilifíse a sholáthar.

A dheimhniú go dtugtar faoi aon bheartas eile is gá, chun go gcoinneodh an Ghaeilge a hionad mar ghnáthurlabhra sa Ghaeltacht.

## Tuarascáil an Chomhchoiste um Oideachas sa Ghaeltacht, 1986

I dtús na bliana 1980, tharla comhchainteanna idir an Roinn Oideachais agus Údarás na Gaeltachta faoi fhadhbanna oideachais na Gaeltachta. Níos déanaí sa bhliain, foilsíodh an Páipéar Bán ar Fhorbairt Oideachasúil agus mar thoradh air sin agus ar na comhchainteanna úd, d'aontaigh an tAire Oideachais coiste a bhunú ar a mbeadh ionadaithe ón Roinn Oideachais, Roinn na Gaeltachta agus Údarás na Gaeltachta, chun cúrsaí oideachais na Gaeltachta a phlé. Ba iad téarmaí tagartha an choiste seo:

Scrúdú a dhéanamh ar an bPáipéar Bán chun a impleachtaí don Ghaeltacht a mheas.

Polasaí i scríbhinn, bunaithe ar a bhfuil ann cheana féin mar chleachtadh maidir le hoideachas sa Ghaeltacht, a leagan amach go mion.

É seo agus aon mholtaí breise ag éirí as a chur faoi bhráid an Aire.

Comhairle a chur ar fáil don Aire maidir le himeachtaí agus feachtais oideachais sna ceantair Ghaeltachta de réir mar is cuí.

Tar éis don Choiste a raibh d'fhianaise i gcló, agus gach fianaise eile a bhí ar fáil, a mheá, ba é a thuairim go raibh taoide na Gaeilge sa Ghaeltacht ag trá go mear agus go raibh an Béarla ag teacht chun cinn go tréan mar ghnáth-theanga sna ceantair sin. Moladh go dtabharfaí tús áite d'fhaidhmiú na moltaí sin maille leosan ar aidhm dóibh treisiú an bhunoideachais sa Ghaeltacht i ngeall ar a ghátaraí a bhí an scéal ar fad agus a phráinní a bhí sé gníomh a dhéanamh gan mhoill.

I measc phríomh-mholtaí an Chomhchoiste, bhí:

### Oideachas Bunscoile

Go bhféachfaí ar an nGaeltacht mar aonad oideachasúil ar leith le deacrachtaí oideachasúla ar leith ag baint léi, agus dá bharr sin, go gceapfaí cigire scoileanna lánaimseartha amháin do gach ceann de na Gaeltachtaí móra. Bheadh sé de chúram ar na cigirí seo comhairle speisialta agus tacaíocht chúí a thabhairt do mhúinteoirí i scoileanna Gaeltachta.

Maidir le ceapadh agus coinneáil oidí i scoileanna Gaeltachta go n-áireofaí na meánrollacháin chéanna is a dhéantar i gcás scoileanna lán-Ghaelacha taobh amuigh den Ghaeltacht.

Maidir le dáileadh cúntóirí le haghaidh an oideachais feabhais i scoileanna Gaeltachta, go gcuirfí socruithe ar leith i bhfeidhm ag cur méid na scoileanna san áireamh.

Go gcuirfí dianchúrsaí inseirbhíse ar fáil d'oidí Gaeltachta sna teicneolaíochtaí is nua-aimseartha.

Go ndéanfaí sraith leabhar léitheoireachta Gaeilge a ullmhú a bheadh oiriúnach do bhunscoileanna Gaeltachta.

Go rachadh Údarás na Gaeltachta, i gcomhar le Roinn na Gaeltachta, i mbun feachtais d'fhonn tábhacht na Gaeilge ó thaobh oidhreachta, cultúir agus fealsúnachta de a chur ina luí ar thuismitheoirí agus ar phobal na Gaeltachta i gcoitinne.

Go n-iarrfadh an Roinn Oideachais ar Bhoird Bhainistíochta na mbunscoileanna Gaeltachta seimineáir a reáchtáil d'oidí agus do thuismitheoirí d'fhonn an Ghaeilge a chur chun cinn mar ghnáth-theanga sa teaghlach agus ar scoil. Bheadh sé de chuspóir

ag na seimineáir seo, chomh maith, tuismitheoirí a chur ar a suaimhneas maidir le cumas na scoileanna an Béarla a theagasc go leibhéal cuí agus iad a spreagadh chun cloí leis an nGaeilge mar theanga an teaghlaigh.

Go n-iarrfaí ar na Coistí Gairmoideachais cúrsaí léinn a chur ar fáil do thuismitheoirí Gaeltachta trí mheán na Gaeilge.

I gcás go mbeadh cónascadh bunscoileanna Gaeltachta á phlé go rachfaí i gcomhairle roimh ré le Roinn na Gaeltachta agus le hÚdarás na Gaeltachta i dtaobh an scéil.

Go dtabharfaí teagasc ar leith lasmuigh de ghnáthuaireanta scoile do dhaltaí a chuirfeadh fúthu sa Ghaeltacht agus gan Gaeilge acu.

Go ndéanfadh an Roinn Oideachais a shocrú go mbeadh téacsleabhair oiriúnacha ar fáil trí Ghaeilge do réimse uile Churaclam na Bunscoile.

Go n-iarrfaí ar an Rannóg Oideachais Speisialta sa Roinn Oideachais fadhb na ndaltaí arb í an Ghaeilge an mháthairtheanga acu agus atá éislinneach nó mall-intinneach ar aon slí a iniúchadh agus socruithe cuí oideachais a mholadh ina leith.

Go mbreithneofaí go báúil iarratais ó dhaltaí i gceantair laga Ghaeltachta nár thuill an deontas £10 d'fhonn glacadh leo mar fhoghlaimoírí Gaeilge (coláistí samhraidh).

Go ndéanfaí cúrsa speisialta (teastais) iarchéime do bhunmhúinteoirí a thionscnamh.

Go mbunófaí grúpa oideachasóirí, a mbeadh múinteoirí ó bhunscoileanna Gaeltachta agus cigirí scoileanna ina measc, a d'ullmhódh curaclam nua le haghaidh scoileanna na Gaeltachta, curaclam a bheadh solúbtha go leor chun freastal go cruinn ar na gnéithe uile.

## Oideachas Iar bhunscoile

Go n-ainmneofaí cigire a mbeadh cúram ar leith air/uirthi i leith iar-bhunscolaíochta sa Ghaeltacht.

Go leathnófaí aon bhuntáiste speisialta chóras an n-aicmí atá i bhfeidhm faoi láthair sna meánscoileanna, agus dátheangacha a thabhairt isteach sa Ghaeltacht – sna gairmscoileanna, sna scoileanna cuimsitheacha agus sna pobalscoileanna.

Rang-ghrúpa amháin, ar a laghad, a mhúiní trí mheán na Gaeilge a bhunú i ngach ceantar scolaíochta Gaeltachta.

Go mbeadh an cigire freagrach as socruithe a mholadh maidir le raon feiliúnach ábhar a bheith ar fáil ag daltaí Gaeltachta laistigh de na tuiscintí seo:

Ag an leibhéal sóisearach go gcuirfí réimse leathan ábhar ar fáil agus go mbeadh béim á cur ar ábhair theicniúla agus thráchtála.

Go gcuirfí san áireamh tosca an cheantair ó thaobh fhorbairt eacnamaíochta agus an réimse ábhar á mholadh.

Ag an ardleibhéal iar-bhunscoile go gcuirfí béim ar na deiseanna fostaíochta sa cheantar trí scéimeanna réamhfhostaíochta agus taithí oibre a chur ar fáil agus maidir le scoláirí ar mhian leo leanúint le hardoideachas go mbeadh réimse ábhar ar fáil dóibh a chuirfeadh ar a gcumas dul san iomaíocht le scoláirí Galltachta maidir le hionad a fháil i gcúrsaí gairmiúla agus i ndámha léinn.

Seirbhís ghairmthreorach oiriúnach a chur ar fáil do dhaltáí Gaeltachta agus go gcuirfí treis ar thábhacht na fostaíochta tionsclaí don Ghaeltacht sa chúrsa sin.

Comhoibriú breise a chothú idir Údarás na Gaeltachta agus an Roinn Oideachais maidir le cúrsaí réamhfhostaíochta a eagrú do dhaltáí Gaeltachta.

Go dtabharfaí buntáiste ar leith do scoileanna lán-Ghaelacha sa Ghaeltacht maidir le cuóta fabhrach múinteoirí a cheadú iontu, agus, chomh maith leis sin, go bhféachfadh an Roinn Oideachais leis an fadhbanna a eascraíonn as laghad na n-aonad scolaíochta a réiteach trí:

Na scoileanna a chónascadh, nó comhoibriú agus comhordú a bhunú eatarthu d'fhonn curaclam níos cuimsithí a chur ar fáil.

Timirí nó oidí taistil a fhostú a rachadh ó scoil go scoil agus a dhéanfadh ábhar áirithe a theagasc.

I gcás nach mbeadh curaclam cuimsitheach indéanta, féachaint chuige go mbeadh ar a laghad bunchuraclam réalaíoch ar fáil.

Poiblíocht fhorleathan a thabhairt don choinníoll sa Scéim Saoriompair Iar-bhunscoile faoinar féidir le páistí lasmuigh de theorainn na Gaeltachta taisteal chuig scoileanna Gaeltachta le hoideachas trí mheán na Gaeilge a fháil.

An liúntas speisialta do mhúinteoirí atá fostaithe i scoileanna lán-Ghaelacha na nGaeltachtaí a mhéadú chuig leibhéal a mheallfadh oidí ardcháilithe le folúntais sna scoileanna seo a líonadh.

Coistí speisialta a bhunú faoi threoir an Bhoird Churaclaim agus Scrúdaithe d'fhonn freastal cuí a dhéanamh ar dheacrachtaí agus ar riachtanais lucht foghlama sa Ghaeltacht.

Liosta a ullmhú, go rialta, de na téacsanna, cúrsaí foghlama agus áiseanna teagaisc atá ar fáil agus moltaí a dhéanamh ar na heasnaimh a bhraithfear ar an liosta seo.

Deontais speisialta a bheith ar fáil do scoileanna a ghlacann orthu féin aistriúcháin agus leaganacha Gaeilge d'ábhair staidéir oiriúnacha a chur ar fáil.

Ranganna feabhais Gaeilge a cheadú d'fhonn freastal a dhéanamh ar dhaltáí i scoileanna lán-Ghaelacha sa Ghaeltacht nach bhfuil an Ghaeilge go líofa acu.

Réimse cóir de théacsanna oiriúnacha agus d'ábhair theagaisc as Gaeilge a chur ar fáil tríd an nGúm.

Go rachadh an Roinn Oideachais i gcomhairle leis na heagrais a chuireann réamhoiliúint ar ábhair mhúinteoirí.

Cúrsaí inseirbhíse ar theagasc na n-ábhar éagsúil a chur ar fáil d'oidí atá ag fónamh cheana.

Triail cháilithe speisialta sa Ghaeilge a thionscnamh do mhúinteoirí ar mhian leo dul ag múineadh trí Ghaeilge sa Ghaeltacht.

Comhairleoirí teagaisc a cheapadh a thabharfadh comhairle do na múinteoirí go rialta agus a sholáthródh cúrsaí oiliúna breise dóibh sna scoileanna sin.

## Oideachas Iarscoile/Oideachas Printíseachta agus Ceirde

Go gcuirfí na cúrsaí printíseachta agus ceirde cuí trí mheán na Gaeilge ar fáil le freastal ar riachtanais na dtionscal Gaeltachta.

Go mbeadh an Ceardcholáiste Réigiúnach i nGaillimh freagrach as reáchtáil na gcúrsaí seo i gcomhairle le hÚdarás na Gaeltachta.

Go ndéanfaí, in aon chás ar féidir é, na cúrsaí seo a chur ar fáil i gceantair Ghaeltachta chuí agus úsáid a bhaint as na háiseanna atá ar fáil in iar-bhunscoileanna na háite.

Nuair a bheifí ag pleanáil na gcúrsaí sin go gcuirfí san áireamh na nua-mhodhanna cianfhoghlama lenarbh fhéidir gnéithe áirithe de na cúrsaí a leanúint ar bhealach struchtúrtha ar láithreán oibre na scoláirí.

## Oiliúint Múinteoirí

Go leanfaí leis an gcuóta 10% de na háiteanna sna Coláistí Oideachais a choimeád d'iarrthóirí ón nGaeltacht arb í an Ghaeilge a dteanga dhúchais agus a cháilíonn le haghaidh iontrála agus go ndéanfaí gach iarracht chun an cuóta sin a líonadh.

Go mbunófaí cúrsa teastais iarchéime do bhunmhúinteoirí a bheadh oscailte do bhunmhúinteoirí a shroich ardchéim sa Ghaeilge cheana féin lena n-oiliúint, go sainiúil, chun múineadh i mbunscoileanna na Gaeltachta.

Go mbeadh an cúrsa don Ardteastas Oideachais ar fáil go hiomlán trí Ghaeilge i gColáiste na hOllscoile, Gaillimh.

Go gcuirfí líon áirithe áiteanna in áirithe do chainteoirí dúchais Gaeilge i gColáiste Thuamhumhan agus sna Coláistí Eacnamaíochta Baile faoi mar a dhéantar sna Coláistí Oideachais do Bhunmhúinteoirí faoi láthair.

## Cúnamh do Scoláirí

Go mbreathnófaí ar luach na scoláireachtaí chun cúrsaí ollscoile a dhéanamh trí Ghaeilge le hintinn iad a dhéanamh níos tarraingtí do scoláirí.

Go méadófaí ar líon na scoláireachtaí Gaeltachta agus go gceadófaí do scoláirí leas a bhaint astu ag aon institiúid oideachais tríú leibhéal aitheanta.

Go leathnófaí an coinníoll faoi leith i leith na Gaeilge, agus é athraithe mar is cuí, atá i Scéim na nDeontas Ardoideachais chuig scéim na Scoláireachtaí Gairmoideachais.

## Coimisiún na Gaeltachta 2000 2002

Bhunaigh an Rialtas Coimisiún na Gaeltachta i mbliain an 2000 le moltaí a dhéanamh maidir leis an nGaeilge a neartú mar ghnáthurlabhra phobal na Gaeltachta. Foilsíodh Tuarascáil an Choimisiúin in 2002. Ag tagairt don chóras oideachais sa Ghaeltacht, bhí an méid seo le rá ag an gCoimisiún:

"Tá riachtanais oideachais ar leith ag an nGaeltacht ach níl aon pholasaí ar leith don Ghaeltacht. Níl áiseanna ná acmhainní ar fáil don oideachas trí Ghaeilge sa Ghaeltacht ar comhchaighdeán leis na háiseanna agus na hacmhainní atá ar fáil don oideachas trí Bhéarla. Níl an curaclam curtha in oiriúint do pháistí Gaeltachta arb í an Ghaeilge a gcéad teanga. Níl dóthain béime ar chanúintí ná ar shaibhreas na teanga. Tá an pobal míshásta le caighdeán Gaeilge chuid de na múinteoirí bunscoile atá ag teacht amach as na Coláistí Oiliúna. Tá go leor múinteoirí iar-



bhunscoile sa Ghaeltacht ag teagasc trí Bhéarla. Tá géarghá le córas oideachais tríú leibhéal trí Ghaeilge a chabhródh le buanú na Gaeilge sa Ghaeltacht."

Bunaithe ar na fadhbanna seo, mhol an Choimisiún go mbeadh:

Córas iomlán oideachais is oiliúna ar fáil i ngach réimse – cúram leanaí, réamhscolaíocht, bunscolaíocht, iar-bhunscolaíocht, oideachas tríú leibhéal, oideachas gairmiúil agus fadsaoil – a thabharfaidh tús áite don Ghaeilge sa Ghaeltacht mar chéad teanga.

Ghlac an Coimisiún leis go raibh an móreasnamh sa phleanáil teanga ar na laigí ba mhó a bhí ann agus iad i mbun oibre. Chuige sin, moladh:

Go mbunófaí córas don Phleanáil Teanga chun Plean Náisiúnta don teanga a ullmhú agus a fheidhmiú ina mbeidh spriocanna cinnte sainithe agus a léireodh ról phobal na Gaeltachta san iarracht náisiúnta.

Moladh chomh maith go mbunófaí Struchtúr Feidhmithe chun an plean a chur i bhfeidhm:

Bord Coimisinéirí neamhspleách (cúigear ar a mhéid) le tacaíocht reachtaíochta agus údarás aige aon chéim is gá a ghlacadh lena chinntiú go bhfeidhmítear Plean an Stáit don Ghaeilge agus don Ghaeltacht.

## Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta 2004

Bunaíodh An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta in 2002 faoi Alt 31 den Acht Oideachais (1998) agus áiríodh cúrsaí taighde ar fheidhmeanna na Comhairle. Braitheadh go raibh gá ann tabhairt faoi réiteach a aimsiú ar na dúshláin agus na deacrachtaí a bhaineann leis an Oideachas Gaeltachta, ach chuige sin, nár mhór don Chomhairle eolas cruinn a bheith ar fáil faoi staid reatha na mbunscoileanna agus na n-iar-bhunscoileanna Gaeltachta.

Foilsíodh Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta (Mac Donnacha et al 2004) ina ndearnadh na moltaí seo a leanas:

Go ndéanfar athbhreithniú ar an sainiú atá againn ar 'scoil Ghaeltachta' agus go mbunófar an sainiú amach anseo ar an múnla oideachais atá in úsáid i scoileanna, ag cur san áireamh go bhfuil na roghanna seo a leanas ar fáil do scoileanna:

1. Oideachas trí mheán na chéad teanga agus an Ghaeilge mar mheán.
2. Córas tumoideachais agus an Ghaeilge mar mheán.
3. Oideachas trí mheán na chéad teanga agus an Béarla mar mheán.

Gurb é an sainmhíniú sin a bheidh mar bhunús d'fhorbairt gach straitéise agus seirbhíse tacaíochta a bheidh á bhforbairt d'oideachas Gaeltachta as seo amach.

Go leagfar amach treoir, critéir agus slata tomhais soiléire a léireoidh na dea-chleachtais oideachais, teanga agus riaracháin a bhaineann leis na múnlaí oideachais thuas, agus go n-úsáidfear iad sin feasta mar bhunús do:

- Measúnú a dhéanfar ar na scoileanna.
- Réamhoiliúint agus oiliúint ionghairme múinteoirí a bheidh ag obair i scoileanna Gaeltachta.
- Dearadh agus cur i bhfeidhm churaclam na bunscoile agus na hiar-bhunscoile sa Ghaeltacht.
- An bealach ina ndéantar seachadadh ar sheirbhísí tacaíochta oideachais i scoileanna Gaeltachta.

Moltar go mbreathnófar feasta ar an nGaeltacht mar aonad oideachais faoi leith atá comhdhéanta de na scoileanna bunleibhéil agus dara leibhéal atá ag feidhmiú trí Ghaeilge sa Ghaeltacht agus na seirbhísí tacaíochta agus comhairleacha atá ag freastal orthu.

Go mbunófar sain-chigireacht Ghaeltachta, eadhon, aonad ar leith den Chigireacht a bheidh ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge, a chuimseoidh cigirí bunleibhéil agus cigirí dara leibhéal agus ar a mbeidh an phríomhfhreagracht maidir le comhairle agus tacaíocht a chur ar scoileanna Gaeltachta maidir leis na dea-chleachtais a thacaíonn le múineadh trí mheán na Gaeilge agus trí mheán an dara teanga a threisiú.

Moltar go mbeidh an t-aonad cigireachta seo ag feidhmiú faoi scáth na Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta chomh maith le bheith ag obair i gcomhar leis an gCigireacht agus ag tuairisciú di.

Go mbunófar aonad ar leith de gach seirbhís eile atá ag cur tacaíochta ar fáil do scoileanna Gaeltachta agus go mbeidh na haonaid sin tiomanta do staidéar a dhéanamh ar riachtanais scoileanna Gaeltachta agus na seirbhísí cuí tacaíochta a sholáthar dóibh trí mheán na Gaeilge.

Go mbeidh na haonaid seo ag feidhmiú faoi scáth na Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, chomh maith le bheith ag tuairisciú agus ag obair i gcomhar leis an bpríomhsheirbhís lena mbaineann siad.

Go mbunófar Ionad Réigiúnach de chuid na Comhairle i ngach mórcheantar Gaeltachta (le fo-ionaid i gceantair Ghaeltachta eile de réir mar is gá), as a mbeidh na seirbhísí seo agus an tSain-Chigireacht Ghaeltachta ag feidhmiú.

I gcás cláir thacaíochta agus scéimeanna níos lú moltar go ndéanfar na cúraimí a bhaineann leo a tharmligean leis an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta agus go mbunóidh an Chomhairle aonad ar leith le cúram a dhéanamh dá leithéid.

Moltar go dtabharfaidh an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta i gcomhar le príomhoidí agus boird bhainistíochta na mbunscoileanna faoi phróiseas athbheithnithe ar thodhchaí na scoileanna ag an leibhéal áitiúil.

Moltar go mbreathnófaí ar na roghanna ar leith atá molta ag Líonra Phríomhoidí Bunscoile Éireann (2004) sa chomhthéacs seo, agus go háirithe ar an moladh atá déanta acu maidir le grúpaí scoileanna.

## Áiseanna Teagaisc

Go bhféachfar i gcomhar leis na múinteoirí/scoileanna ar na riachtanais atá ann i ngach ábhar agus tosaíochtaí a leagan amach dá réir, ag cur san áireamh go bhféadfadh riachtanais agus tosaíochtaí difriúla a bheith ag scoileanna.

Go dtabharfar san áireamh sna riachtanais thuas an raon iomlán áiseanna teagaisc a bhíonn in úsáid sna scoileanna, mar shampla: téacsleabhair, leabhair shaothair, cláir ríomhaireachta, físeáin, dlúthdhioscaí, cluichí, póstaeir, ábhar gearrsholach, ábhar léitheoireachta breise, scéimeanna scoilbhunaithe agus nótaí múinteora.

Go rachfar i dtreo teacht ar chomhthuiscint idir na múinteoirí agus na foilsitheoirí leabhar ar céard atá i gceist le 'téacsleabhar oiriúnach' agus faoin leibhéal teanga atá

oiriúnach do na haoisghrúpaí éagsúla, ag cur san áireamh nach ionann an leibhéal cumais sa Ghaeilge atá ag na daltaí sna catagóirí éagsúla scoile.

Go bhféachfar le struchtúir agus próiseas a bhunú a thabharfaidh ról gairmiúil do na múinteoirí i bhforbairt áiseanna teagaisc agus ranga.

Go bhfiosrófar cé mhéad den ábhar atá de dhíth ar na scoileanna, go háirithe an t-ábhar gearrshaolach, a d'fhéadfaí a chur ar fáil ar an idirlíon, agus na costais a bhainfeadh leis seo a dhéanamh, ag cur san áireamh an trealamh ríomhaireachta agus clódóireachta agus an oiliúint a bheadh de dhíth ó na scoileanna le lántairbhe a bhaint as a leithéid de chur chuige.

Go bhféachfar le seirbhís ar leith a bhunú le seirbhís eolais, mhargaíochta agus dáileacháin a chur ar fáil don ábhar scoile atá ar fáil i nGaeilge.

Go n-iarrfar ar scoileanna atá ag teagasc trí Ghaeilge tiomantas a léiriú ina bplean scoile agus ina bpolasaí Gaeilge d'úsáid áiseanna teagaisc Gaeilge mar chéad rogha, nuair atá áiseanna teagaisc oiriúnacha ar fáil, agus go gcuirfear an polasaí sin in iúl do gach múinteoir atá ag múineadh sa scoil.

### Oiliúint Múinteoirí

Go bhféachfar arís ar na córais atá ann le múinteoirí a oiliúint don bhunleibhéal agus don dara leibhéal agus go ndéanfar socruithe ar leith le sruth leanúnach múinteoirí a chur ar fáil a bhfuil a gcuid oideachais tríd leibhéal i ngach ábhar faighte acu trí mheán na Gaeilge agus i dtimpeallacht lán-Ghaeilge;

agus go bhfuil soláthar déanta ina gcuid oideachais do na réimsí saineolais ar leith atá de dhíth le múineadh go héifeachtach i scoileanna Gaeltachta.

### Comhtháthú le Gnéithe eile den Phleanáil Teanga

Go mbunófar struchtúr cuimsitheach de sheirbhísí óige a chuirfidh leis na deiseanna spraoi, caithimh aimsire, ceoil, spóirt, agus forbartha cultúrtha atá ar fáil trí Ghaeilge d'óige na Gaeltachta.

Go ndéanfadh an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta taighde ar an gcineál struchtúir a bheadh de dhíth chun a leithéid de sheirbhís óige a chur ar fáil sa Ghaeltacht agus go rachaidís i bpáirt leis na páirtithe eile a bheadh sásta a bheith páirteach ina leithéid de sheirbhís.

# Rangú na moltaí

Tá patrún le feiceáil maidir leis na moltaí uile atá curtha ar fáil ag coimisiúin, comhairlí agus tuarascálacha Stáit ó 1926 anuas. Sa chuid seo den chaibidil, rangáítear na moltaí éagsúla faoi na teidil áiseanna teagaisc, curaclam, soláthar agus oiliúint múinteoirí, comhthathú le gnéithe eile den phleanáil teanga agus stiúradh agus struchtúr riaracháin. Cuirtear na moltaí i láthair mar tháblaí faoi na teidil éagsúla.

## Áiseanna Teagaisc & Téacsleabhair

Ainm na Tuarascála	Moladh/ Moltaí
Coimisiún na Gaeltachta 1926	Athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar sholáthar téacsleabhar do chóras oideachais trí mheán na Gaeilge.
An Coimisiún um Athbheochan na Gaeilge 1964	Gur chóir Bord Náisiúnta Foilsitheoireachta a bhunú chun féachaint i ndiaidh foilsíú téacsleabhar Gaeilge sna hábhair, agus ar na leibhéil nach bhfreastalaíonn foilsitheoirí príobháideacha dóibh.
An Coimisiún um Athbheochan na Gaeilge 1964	Ós rud é gurb é is aidhm do na leabhair léitheoireachta i nGaeilge a úsáidtear sna scoileanna i gcoitinne labhairt na teanga a mhúineadh do na páistí, rud atá ag páistí na Gaeltachta cheana féin, gur chóir sraith ar leith de leabhair léitheoireachta – agus orthu sin leabhair le húdair áitiúla – a úsáid i scoileanna na Gaeltachta.
An Coimisiún um Athbheochan na Gaeilge 1964	Gur chóir beart a dhéanamh láithreach chun leordhóthain téacsleabhar Gaeilge a chur ar fáil do na meánscoileanna.
I dTreo Polasaí Gaeilge san Oideachas 1973	Téacsleabhair oiriúnacha do scoileanna Gaeltachta a chur ar fáil gan mhoill.
An Ghaeilge sa Chóras Oideachais 1974	Na saoráidí agus na fearais uile is nua-aoisí a chur ar fáil do mhúineadh na Gaeilge agus don mhúineadh trí Ghaeilge.
An Ghaeilge sa Chóras Oideachais 1974	Dhá chuideachta theoranta a chur in áit Bhord na Leabhar Gaeilge agus an Ghúm d'fhonn eagar níos fearr a bheith ar an bhfoilsitheoireacht i nGaeilge.
Tuarascáil an Chomhchoiste um Oideachas sa Ghaeltacht 1986	Go ndéanfaí sraith leabhar léitheoireachta Gaeilge a ullmhú a bheadh oiriúnach do bhunscoileanna Gaeltachta.
Tuarascáil an Chomhchoiste um Oideachas sa Ghaeltacht 1986	Go ndéanadh an Roinn Oideachais a shocrú go mbeadh téacsleabhair oiriúnacha ar fáil trí Ghaeilge do réimse uile Churaclam na Bunscoile.
Tuarascáil an Chomhchoiste um Oideachas sa Ghaeltacht 1986	Liosta a ullmhú go rialta, de na téacsanna, cúrsaí foghlama agus áiseanna teagaisc atá fáil agus moltaí a dhéanamh ar na heasnamh a bhraithfe ar an liosta seo.

## Curaclam

Ainm na Tuarascála	Moladh/ Moltaí
An Ghaeilge sa Chóras Oideachais 1974	<b>An Náiscolaíocht</b> Acmhainní airgeadais a chur ar fáil d'fhonn córas náisiúnta naíoscolaíochta trí Ghaeilge a bhunú agus a chur i bhfeidhm.
An Coimisiún um Athbheochan na Gaeilge 1964	<b>An Bhunscolaíocht</b> Go ndéanfaí cúram breise de scríobh na Gaeilge i mbunscoileanna na Gaeltachta thar mar a dhéanfaí i mbunscoileanna na Galltachta, agus go dtosófaí níos luaithe ar a theagasc.
I dTreo Polasaí Gaeilge san Oideachas 1973	Teagasc na Gaeilge agus cúrsaí Gaeilge a shaothraítear sa Ghaeltacht a léirmheas ar an mbonn go raibh na cúrsaí sin ar aon dul leis na cúrsaí i limistéir Bhéarla agus nár thug siad cothrom ceart do na daltaí a bhfuil an Ghaeilge acu cheana féin.

Tuarascáil an Chomhchoiste um Oideachas sa Ghaeltacht 1986	Go dtabharfaí teagasc ar leith lasmuigh de ghnáthamanna scoile do dhaltaí a chuirfeadh fúthu sa Ghaeltacht agus gan Gaeilge acu.
Tuarascáil an Chomhchoiste um Oideachas sa Ghaeltacht 1986	Go mbunófaí grúpa oideachasóirí, a mbeadh múinteoirí ó bhunscoileanna Gaeltachta agus cigirí scoileanna ina measc, a d'ullmhódh curaclam nua le haghaidh scoileanna na Gaeltachta, curaclam a bheadh solúbtha go leor chun freastal go cruinn ar na gnéithe uile.
An Coimisiún um Athbheochan na Gaeilge 1964	<b>An Mheánscolaíocht</b> Gur chóir beagán eolais a thabhairt do na páistí sna ranganna arda ar chanúintí taobh amuigh dá gcanúintí dúchais, agus chuige sin, go bhféadfaí feidhm a bhaint as ceimíní Gaeilge agus as cuid de na hirísí Gaeilge.
An Coimisiún um Athbheochan na Gaeilge 1964	Gur cheart do gach gairmscoil sa Ghaeltacht a mbíonn cailíní ag freastal uirthi cúrsa maith a thionscnamh chun iad a theagasc le haghaidh postanna cléireachais agus rúnaíochta i gcomhlachtaí Stát-urraithe agus i ngnólachtaí príobháideacha.
An Coimisiún um Athbheochan na Gaeilge 1964	Gur chóir do cheann de na Coistí Gairmoideachais a bhfuil limistéar Gaeltachta faoina chúram cúrsa a chur ar bhun chun cailíní ón nGaeltacht a oiliúint le bheith ina mbuimí.
An Coimisiún um Athbheochan na Gaeilge 1964	Gur cheart do na gairmscoileanna sa Ghaeltacht a bhíonn ag freastal ar bhuaicailí tuilleadh cúrsaí a sholáthar a d'ullmhódh na buaicailí le haghaidh na gcúrsaí printíseachta atá ag comhlachtaí Stát-urraithe agus ag gnólachtaí eile.  Rang-ghrúpa amháin, ar a laghad, a mhúiní trí mheán na Gaeilge a bhunú i ngach ceantar scolaíochta Gaeltachta.
An Coimisiún um Athbheochan na Gaeilge 1964	Seirbhís ghairmthreorach oiriúnach a chur ar fáil do dhaltaí Gaeltachta agus go gcuirfí treis ar thábhacht na fostaíochta tionsclaí don Ghaeltacht sa chúrsa sin.
I dTreo Polasaí Gaeilge san Oideachas 1973	Ranganna feabhais Gaeilge a cheadú d'fhonn freastal a déanamh ar dhaltaí i scoileanna lán-Ghaelacha sa Ghaeltacht nach bhfuil an Ghaeilge go líofa acu.
Tuarascáil an Chomhchoiste um Oideachas sa Ghaeltacht 1986	<b>An Iarscolaíocht</b> Gur cheart do Choistí Gairmoideachais a bhfuil limistéar Gaeltachta faoina gcúram féachaint le lárionad cultúir agus oideachais do phobal na comharsanachta a dhéanamh de gach gairmscoil i limistéar tuaithe, agus chuige sin, cúrsaí oideachais d'aoisithe a chur ar fáil sa cheol, sa drámaíocht, agus sa litríocht.
Tuarascáil an Chomhchoiste um Oideachas sa Ghaeltacht 1986	Go gcuirfí ar chumas daltaí ó limistéir na Gaeltachta traenáil ar an tríú leibhéal a shaothrú trí Ghaeilge sna coláistí teicneolaíochta, ar chúrsaí oiliúna faoi choimirce CERT agus AnCo, agus ar chúrsaí a bhaineann le mairnéalach, le hiascaireacht agus le talmhaíocht.
Tuarascáil an Chomhchoiste um Oideachas sa Ghaeltacht 1986	Comhoibriú breise a chothú idir Údarás na Gaeltachta agus an Roinn Oideachais maidir le cúrsaí réamhfhostaíochta a eagrú do dhaltaí Gaeltachta.
Tuarascáil an Chomhchoiste um Oideachas sa Ghaeltacht 1986	Go gcuirfí na cúrsaí printíseachta agus ceirde cuí trí mheán na Gaeilge ar fáil le freastal ar riachtanais na dtionscal Gaeltachta.
Tuarascáil an Chomhchoiste um Oideachas sa Ghaeltacht 1986	Go mbeadh an Ceardcholáiste Réigiúnach i nGaillimh freagrach as réachtáil na gcúrsaí seo i gcomhairle le hÚdarás na Gaeltachta.
Tuarascáil an Chomhchoiste um Oideachas sa Ghaeltacht 1986	Go ndéanfaí, in aon chás ar féidir é, na cúrsaí seo a chur ar fáil i gceantair Gaeltachta chúí agus úsáid a bhaint as na háiseanna atá ar fáil in iar-bhunscoileanna na háite.
Tuarascáil an Chomhchoiste um Oideachas sa Ghaeltacht 1986	Nuair a bheifí ag pleanáil na gcúrsaí sin go gcuirfí san áireamh na nua-mhodhanna cianfhoghlama lenarb fhéidir gnéithe áirithe de na cúrsaí a leanúint ar bhealach struchtúrtha ar láithreán oibre na scoláirí.

## Soláthar agus Oiliúint Múinteoirí

Ainm na Tuarascála	Moladh/ Moltaí
Coimisiún na Gaeltachta 1926	<b>Oiliúint Múinteoirí</b> Cúrsaí Oiliúna trí mheán na Gaeilge a sholáthar d'ábhair mhúinteoirí.
An Coimisiún um Athbheochan na Gaeilge 1964	Go n-éileofaí caighdeán ard sa Ghaeilge, agus go háirithe i labhairt na Gaeilge, ar mhic léinn a bheadh ag dul isteach sna Coláistí Oiliúna do Bhunmhúinteoirí.
An Coimisiún um Athbheochan na Gaeilge 1964	Go bhfostófaí teagascóirí speisialta de bhunadh na Gaeltachta i ngach coláiste oiliúna chun dianchúrsa ar fhoghraíocht agus ar dhul na teanga a thabhairt d'ábhair mhúinteoirí nach de bhunadh na Gaeltachta.
An Coimisiún um Athbheochan na Gaeilge 1964	Go ndéanfaí an tréimhse oiliúna atá ann faoi láthair a shíneadh, dá mba ghá sin, chun go bhféadfaí an teagasc breise sin thuas a chur leis an gclár oibre.
Meabhráin don Údarás um Ardoideachas 1971	Go n-eagrófaí cúrsa trialach chun múinteoirí a oiliúint i gcomhair scoileanna náiolainne lán-Ghaelacha agus go ndéanfaí iarracht ar leith ábhair mhúinteoirí de bhunadh na Gaeltachta a mhealladh chucu.
Meabhráin don Údarás um Ardoideachas 1971	Go dtabharfaí oiliúint d'ábhair mhúinteoirí sna hinstiitíúidí Froebel agus Montessorí ar úsáid na Gaeilge mar mheán teagaisc agus cumarsáide.
Meabhráin don Údarás um Ardoideachas 1971	Go ndéanfaí iarracht faoi leith mic léinn le Gaeilge mhaith a mhealladh go dtí na Coláistí Oiliúna.
An Ghaeilge sa Chóras Oideachais 1974	Na moltaí a chur i bhfeidhm a rinne Comhairle na Gaeilge cheana féin i dtaobh oiliúint múinteoirí i Meabhrán don Údarás um Ardoideachas.
Tuarascáil an Chomhchoiste um Oideachas sa Ghaeltacht 1986	Go leanfaí leis an gcuóta 10% de na háiteanna sna Coláistí Oideachais a choimeád d'iarrthóirí ón nGaeltacht arb í an Ghaeilge a dteanga dhúchais agus a cháilíonn le haghaidh iontrála, agus go ndéanfaí gach iarracht chun an cuóta sin a líonadh.
Tuarascáil an Chomhchoiste um Oideachas sa Ghaeltacht 1986	Go mbunófaí cúrsa teastais iarchéime do bhunmhúinteoirí a bheadh oscailte do bhunmhúinteoirí a shroich ardchéim sa Ghaeilge cheana féin lena n-oiliúint, go sainiúil, chun múineadh i mbunscoileanna na Gaeltachta.
Staid na Scoileanna Gaeltachta 2004	Go bhféachfar arís ar na córais atá ann le múinteoirí a oiliúint don bhunleibhéal agus don dara leibhéal agus go ndéanfar socrúithe ar leith le sruth leanúnach múinteoirí a chur ar fáil a bhfuil a gcuid oideachais tríú leibhéal i ngach ábhar faighte acu trí mheán na Gaeilge agus i dtimpeallacht lán-Ghaeilge; agus go bhfuil soláthar déanta ina gcuid oideachais do na réimsí saineolais ar leith atá de dhíth le múineadh go héifeachtach i scoileanna Gaeltachta.
Tuarascáil an Chomhchoiste um Oideachas sa Ghaeltacht 1986	<b>An Bhunmhúinteoireacht</b> Maidir le ceapadh agus coinneáil oidí i scoileanna Gaeltachta go n-áireofaí na meánrollacháin chéanna is a dhéantar i gcás scoileanna lán-Ghaelacha taobh amuigh den Ghaeltacht.
Tuarascáil an Chomhchoiste um Oideachas sa Ghaeltacht 1986	Go ndéanfaí cúrsa speisialta (teastais) iarchéime do bhunmhúinteoirí a thionscnamh.
An Coimisiún um Athbheochan na Gaeilge 1964	<b>Athchúrsaí/Inseirbhísí</b> Go ndéanfaí múinteoirí a spreagadh, le deontais nó le scéim scoláireachtaí, chun freastal ar athchúrsaí sa Ghaeilge, agus ar chúrsaí i modhanna múinte teanga agus in úsáid áiseanna teagaisc.
Meabhráin don Údarás um Ardoideachas 1971	Go gcuirí ar fáil do chúrsaí iarchéime agus athnuachana scannáin agus taidí ar leith faoi na modhanna is fearr le teangacha a theagasc, agus faoi theagasc trí Ghaeilge.
Meabhráin don Údarás um Ardoideachas 1971	Go mbeadh deontais agus scoláireachtaí le fáil ag múinteoirí chun freastal ar chúrsaí mar seo, agus go mbeadh freastal ar na cúrsaí seo riachtanach tar éis dóibh bheith ag múineadh ar feadh tréimhsí áirithe.

Meabhráin don Údarás um Ardoideachas 1971

Go n-eagrófaí cúrsaí agus seimineáir phraiticiúla i dtaca le modhanna freacnaireacha teagaisc teanga agus teagaisc tríd an dara teanga.

Meabhráin don Údarás um Ardoideachas 1971

Go spreagfaí múinteoirí chun freastal ar chúrsaí dá leithéid agus go mbeadh a bhfreastal riachtanach tar éis tréimhsí áirithe seirbhíse.

Tuarascáil an Chomhchoiste um Oideachas sa Ghaeltacht 1986  
Tuarascáil an Chomhchoiste um Oideachas sa Ghaeltacht 1986

Go gcuirfí dianchúrsaí inseirbhíse ar fáil d'oidí Gaeltachta sna teicneolaíochtaí is nua-aimseartha.

Meabhráin don Údarás um Ardoideachas 1971

Cúrsaí inseirbhíse ar theagasc na n-ábhar éagsúil a chur ar fáil d'oidí atá ag fónamh cheana.

Meabhráin don Údarás um Ardoideachas 1971

**Coláistí Oiliúna**  
Go bhfostófaí teagascóirí speisialta – cainteoirí dúchais, más féidir – sna Coláistí Oiliúna, mura bhfuil a leithéid cheana acu, chun dianchúrsa ar mhúineadh na foghraíochta agus ar labhairt na teanga a thabhairt d'ábhair mhúinteoirí.

Meabhráin don Údarás um Ardoideachas 1971

Nach gceapfaí le haghaidh riaracháin ná teagaisc, sna Coláistí Oiliúna, ach daoine a bhfuil déanamh a ngnó sa Ghaeilge acu.

Meabhráin don Údarás um Ardoideachas 1971

Go mbeadh an tuarastal agus na coinníollacha oibre sách maith chun daoine ardoilte, le Gaeilge mhaith, a fháil.

Meabhráin don Údarás um Ardoideachas 1971

Go bhféachfaí le timpeallacht Ghaeilge a chothú sna Coláistí Oiliúna más féidir.

Meabhráin don Údarás um Ardoideachas 1971

Gurb í an Ghaeilge is mó a úsáidfear mar mheán teagaisc, scrúdaithe, riaracháin agus cumarsáide sna coláistí oiliúna agus go mbunófaí coistí bainistíochta speisialta chun na críche sin.

Meabhráin don Údarás um Ardoideachas 1971

Go ndéanfaí staidéar agus cleachtadh ar leith ar an teagasc tríd an dara teanga le linn an chúrsa.

Meabhráin don Údarás um Ardoideachas 1971

Go ndéanfaí, sna Coláistí Oiliúna, staidéar ar leith ar an nGaeilge i gcomhthéacs an chultúir, an phobail, agus na staire, agus ar litríocht, ar bhéaloideas, agus ar fhealsúnacht na hathbheochana.

Meabhráin don Údarás um Ardoideachas 1971

Go socrófaí go bhféadfadh mic léinn atá ag freastal ar chúrsa ollscoile a n-oiliúint phrofisiúnta, agus teagasc na Gaeilge san áireamh, a shaothró fad atá siad san ollscoil, agus go mbeadh cuid dá gcúrsa ollscoile á dhéanamh trí Ghaeilge.

Meabhráin don Údarás um Ardoideachas 1971

Go mbeadh scrúdú na chéad bhliana agus an scrúdú cinn chúrsa ar bhunús teipe, pas agus ónóracha, arna reáchtáil ag scrúdaitheoirí seachtracha, agus scrúdú béil Gaeilge ina cuid bhunúsacha díobh.

Meabhráin don Údarás um Ardoideachas 1971

**Múinteoirí Iar-bhunoideachais**  
Go reáchtálfáí cúrsaí ar leith sa Ghaeltacht do mhúinteoirí iar-bhunoideachais Gaeilge agus go mbeadh cúnamh tarraingteach ar fáil acu chuige sin.

Meabhráin don Údarás um Ardoideachas 1971

Gurb í an Ghaeilge is mó a úsáidfear mar mheán teagaisc, riaracháin agus cumarsáide in aon fhorais nua oiliúna do mhúinteoirí a bhunófar faoi choimirce an Stáit, go dtabharfaí aird ar leith ar an teagasc trí Ghaeilge agus go dtabharfaí do na mic léinn tuiscint ar an mbaint atá ag a n-ábhair féin leis an gcultúr náisiúnta.

Meabhráin don Údarás um Ardoideachas 1971

Go ndéanfaí ar an gcúrsa seo staidéar, oiliúint agus cleachtadh sna modhanna is fearr chun teangacha a theagasc, agus chun teagasc tríd an dara teanga.

Meabhráin don Údarás um Ardoideachas 1971

Go mbeadh deis ag na mic léinn cúrsa an Ard-Diplóma, nó mórchuid de, a dhéanamh trí Ghaeilge sna hollscoileanna.

I dTreo Polasaí Gaeilge san Oideachas 1973

Múinteoirí oiriúnacha a chur ar fáil do na hiar-bhunscoileanna sa Ghaeltacht ar an mbonn go raibh ag teip ar chuid de na scoileanna sin múinteoirí a fháil atá inniúil ar mhúineadh trí Ghaeilge.

An Ghaeilge sa Chóras Oideachais 1974

Cibé fairsingiú is gá a dhéanamh ar Dhámh an Oideachais sna Coláistí Ollscoile, d'fhonn múinteoirí a chur ar fáil a mbeadh a gcúrsaí déanta trí Ghaeilge.

An Ghaeilge sa Chóras Oideachais 1974

Go mbeadh ar chumas na n-oidí iar-bhunoideachais a cháileofar in institiúidí oiliúna ar nós an Choláiste Corpoideachais, na hábhair speisialta a theagasc trí Ghaeilge.

Tuarascáil an Chomhchoiste um Oideachas sa Ghaeltacht 1986

Go rachadh an Roinn Oideachais i gcomhairle leis na heagrais a chuireann réamhoiliúint ar ábhair múinteoirí d'fhonn a chinntiú:

- Gur féidir le céimithe a mbeadh sé ar intinn acu an Ghaeilge a mhúineadh nó a úsáid mar mheán teagaisc, máistreacht a fháil ar an teanga labhartha le linn dóibh a gcúrsa bunchéime a dhéanamh.
- Go dtabharfaí sainoiliúint i modhanna teagaisc na Gaeilge mar mháthairtheanga agus mar dhara teanga le linn a gcuid oiliúna mar oidí proifisiúnta dóibh siúd ar mhian leo teanga na Gaeilge a mhúineadh agus oiliúint ar leith d'oidí ar mhian leo ábhair eile a mhúineadh trí mheán na Gaeilge.

Tuarascáil an Chomhchoiste um Oideachas sa Ghaeltacht 1986

Triail cháilithe speisialta sa Ghaeilge a thionscnamh do mhúinteoirí ar mhian leo dul ag múineadh trí Ghaeilge sa Ghaeltacht.

Tuarascáil an Chomhchoiste um Oideachas sa Ghaeltacht 1986

Go mbeadh an cúrsa don Ardeastas Oideachais ar fáil go hiomlán trí Ghaeilge i gColáiste na hOllscoile, Gaillimh

Tuarascáil an Chomhchoiste um Oideachas sa Ghaeltacht 1986

Go gcuirfí líon áirithe áiteanna in áirithe do chainteoirí dúchais Gaeilge i gColáiste Thuamhumhan agus sna Coláistí Eacnamaíochta Baile faoi mar a dhéantar sna Coláistí Oideachais do Bhunmhúinteoirí faoi láthair.

Coimisiún na Gaeltachta 1926

#### Liúntas

Go n-íocfaí liúntas speisialta le múinteoirí ag teagasc i nGaeilge sa Ghaeltacht.

Tuarascáil an Chomhchoiste um Oideachas sa Ghaeltacht 1986

An liúntas speisialta do mhúinteoirí atá fostaithe i scoileanna lán-Ghaelacha na nGaeltachtaí a mhéadú chuig leibhéal a mheallfadh oidí ardcháilithe le folúntais sna scoileanna seo a líonadh.

An Coimisiún um Athbheochan na Gaeilge 1964

#### Áiseanna Tacaíochta

Gur chóir don Roinn Oideachais Rannóg Taighde a bhunú chun scrúdú eolaíoch a dhéanamh ar an nGaeilge mar theanga labhartha, mar atá déanta thar lear i gcás teangacha eile, chun a fháil amach cad iad na gréasáin bhunaidh, na foirmeacha gramadaí agus an stór focal is bunúsaí sa teanga labhartha agus go n-ullmhófaí sraith de théacsleabhair chéimnithe mar threoir do na múinteoirí chun eolas cruinn iomlán a thabhairt ar éirim bhunúsach na teanga.

Meabhráin don Údarás um Ardoideachas 1971

Go gceapfaí daoine cáilithe, go lánaimseartha agus go speisialta, chun téacsleabhair i nGaeilge a chur ar fáil do na cúrsaí uile a luaitear sna moltaí faoi oiliúint múinteoirí.

An Ghaeilge sa Chóras Oideachais 1974

Láirionad acmhainní a bhunú chun freastal do gach gné den mhúineadh trí Ghaeilge.

- Maidir le dáileadh cúntóirí le haghaidh oideachais feabhais i scoileanna Gaeltachta go gcuirfí socrúite ar leith i bhfeidhm ag cur méid na scoileanna san áireamh.
- Go n-iarraí ar an Rannóg Oideachais Speisialta sa Roinn Oideachais fadhb na ndaltaí arb í an Ghaeilge an mháthairtheanga acu agus atá éislinneach nó mall-intinneach ar aon slí a iniúchadh agus socrúite cuí oideachais a mholadh ina leith.
- Comhairleoirí teagaisc a cheapadh a thabharfadh comhairle do na múinteoirí go rialta agus a sholáthródh cúrsaí oiliúna breise dóibh sna scoileanna sin.



## Comhtháthú le Gnéithe Eile den Phleanáil Teanga

Ainm na Tuarascála	Moladh/ Moltaí
An Coimisiún um Athbheochan na Gaeilge 1964	Scéimeanna/deontais Go ndéanfaí an deontas bliantúil £5, is iníoctha i leith páistí na Gaeltachta, a ardú go dtí £10.
An Coimisiún um Athbheochan na Gaeilge 1964	Go ndéanfaí coinníollacha na scéime a leasú chun gur féidir an deontas a íoc i leith ógánach os cionn 16 bliana, fad a bheidh siad ag freastal ar chúrsa lánaimseartha oideachais nó ar chúrsa lánaimseartha oiliúna le haghaidh fostaíochta.
Tuarascáil an Chomhchoiste um Oideachas sa Ghaeltacht 1986	Go mbreithneofaí go báuil iarratais ó dhaltá i gceantair laga Ghaeltachta nár thuill an deontas £10 d'fhonn glacadh leo mar fhoghlaimeoirí Gaeilge (Coláistí samhraidh).
Tuarascáil an Chomhchoiste um Oideachas sa Ghaeltacht 1986	Poiblíocht fhorleathan a thabhairt don choinníoll sa Scéim Saoriompair Iar-bhunscoile faoinar féidir le páistí lasmuigh de theorainn na Gaeltachta taisteal chuig scoileanna Gaeltachta le hoideachas trí mheán na Gaeilge a fháil.
Tuarascáil an Chomhchoiste um Oideachas sa Ghaeltacht 1986	Go mbreathnófaí ar luach na scoláireachtaí chun cúrsaí ollscoile a dhéanamh trí Ghaeilge le hintinn iad a dhéanamh níos tarraingtí do scoláirí.
Tuarascáil an Chomhchoiste um Oideachas sa Ghaeltacht 1986	Go méadófaí ar líon na scoláireachtaí Gaeltachta agus go gceadófaí do scoláirí leas a bhaint astu ag aon institiúid oideachais tríú leibhéal aitheanta.
Tuarascáil an Chomhchoiste um Oideachas sa Ghaeltacht 1986	Go leathnófaí an coinníoll faoi leith i leith na Gaeilge, agus é athraithe mar is cuí, atá i Scéim na nDeontas Ardoideachais chuig scéim na Scoláireachtaí Gairmoideachais.
Coimisiún na Gaeltachta 1926 & An Coimisiún um Athbheochan na Gaeilge 1964	<b>Riarachán Poiblí</b> Go n-íocfaí liúntas le státseirbhísigh ag obair trí Ghaeilge sa Ghaeltacht.
An Coimisiún um Athbheochan na Gaeilge 1964	Go ndéanfaidh an Stát deimhin de go mbeidh gach seirbhíseach poiblí, idir sheirbhísigh an rialtais láir agus seirbhísigh an rialtais áitiúil, a bheidh ag fónamh sa Ghaeltacht, inniúil ar a ngnóthaí le pobal na háite a dhéanamh i nGaeilge go saoráideach agus gan stró.
An Coimisiún um Athbheochan na Gaeilge 1964	Go mbainfeadh údarás áitiúla breis feidhmeas as an nGaeilge sna scríbhinní a eísíonn siad. Sna contaetha a bhfuil limistéar Gaeltachta iontu, ba ceart leagan Gaeilge de na scríbhinní sin a chur ar fáil agus an leagan sin amháin a úsáid sna limistéir sin.
An Coimisiún um Athbheochan na Gaeilge 1964	Go ndéanfaí Orduithe na nOifigí Áitiúla (Gaeltacht) 1928-1963, a chúlghairm agus Rialacháin na nOifigeach Áitiúil (An Ghaeilge), 1944-1964, a chur i bhfeidhm go hiomlán.
An Coimisiún um Athbheochan na Gaeilge 1964	I gcás aon phoist faoi údarás áitiúil ar sa Ghaeltacht nó i ndáil leis an nGaeltacht a bheidh dualgais an phoist sin le comhlíonadh, más rud é nach mbeadh duine le heolas inniúil ar an Ghaeilge ar fáil nach ndéanfaí ach ceapachán sealadach go ceann bliana agus go ndéanfaí an post a athfhógairt ansin.
Coimisiún na Gaeltachta 1926	<b>Polasaithe</b> Polasaí Stáit i leith Athbheochan na Gaeilge sa Ghaeltacht.
An Ghaeilge sa Chóras Oideachais 1974	Go mbeadh Bord na Gaeilge, ach a mbunófaí é, freagrach as clár taighde a thionscnamh, agus a choimeád ar siúl, i dtaobh buanna agus teipeanna gach gné de pholasaí Gaeilge an chórais oideachais.
Coimisiún na Gaeltachta 1926	<b>Struchtúr</b> Bunú Coimisiúin chun an Ghaeltacht a chaomhnú.

Institiúidí Rialtais Áitiúil agus Forbraíochta don Ghaeltacht Comhairle na Gaeilge 1971

Go rithfí Acht nua ag cumasú Coiste Ceantar Gaeltachta ar a mbeadh ionadaithe ó na toghcheantair áitiúla (na ceantair Ghaeltachta) agus go n-aistreofaí feidhmeanna na gComhairlí Contae chun na gcoistí Ceantar Gaeltachta (ar bhonn feidhmiúcháin) i leith a gceantar féin.

Institiúidí Rialtais Áitiúil agus Forbraíochta don Ghaeltacht Comhairle na Gaeilge 1971

Go mbunódh an tAire Rialtais Áitiúil, i gcomhairle le hAire na Gaeltachta, Lár-Chomhairle de na Coistí Gaeltachta agus de na Comhairlí, ar a mbeadh ionadaithe tofa mar aon le saineolaithe, agus go mbeadh mar phríomhfheidhmeanna ag an Lár-Chomhairle guth daonlathach a thabhairt don Ghaeltacht, cás na Gaeltachta a chur ar aghaidh in aon teagmháil leis an Stát, nó le comhlachtaí eile, go háirithe na comhlachtaí forbraíochta, agus moltaí a dhéanamh faoi na fadhbanna a bhaineann leis an nGaeltacht i gcoitinne.

Institiúidí Rialtais Áitiúil agus Forbraíochta don Ghaeltacht Comhairle na Gaeilge 1971

Go mbunófaí Meitheal Oibre chun córas forbraíochta a chur i bhfeidhm sa Ghaeltacht, chun an fhostaíocht sna ceantair a mhéadú, gan dochar do riachtanais na Gaeilge ach ar bhealach a chuirfeadh na cuspoirí teanga chun cinn.

Feidhmiú Polasaí Teanga 1972

Feidhm ghinearálta na hathbheochana i gcoitinne a shannadh do bhord reachtúil. Moladh gurb é an aidhm ghinearálta ba cheart a bheith ag Bord an Gaeilge leathnú na Gaeilge mar ghnáthmheán cumarsáide a chur chun cinn.

Feidhmiú Polasaí Teanga 1972

I measc a chuid fheidhmeanna, moladh go dtabharfadh Bord na Gaeilge comhairle don Roinn Oideachais maidir le polasaithe i leith na Gaeilge sa chóras oideachais.

Feidhmiú Polasaí Teanga 1972

Feidhmeanna uile forbartha na Gaeltachta a shannadh do bhord reachtúil ar leith ar a dtugtar Údarás na Gaeltachta.

Feidhmiú Polasaí Teanga 1972

Dhá mhórfheidhm na Gaeilge a chur i roinn nua – Roinn na Gaeilge

- An bord a bheidh freagrach as feidhmeanna ghinearálta na Gaeilge.
- An bord a bheidh freagrach as forbairt na Gaeltachta.
- Institiúid Teangeolaíochta Éireann.
- An t-eagras nó na heagrais a bheidh freagrach as foilseacháin ghinearálta i nGaeilge.

I dTeo Polasaí Gaeilge san Oideachas 1973; An Ghaeilge sa Chóras Oideachais 1974

Go mbeadh Bord na Gaeilge, ach a mbunófaí é, freagrach as measúnú a dhéanamh ar an bplean oideachais don Ghaeltacht a dheimhneodh go bhféadfadh páistí uile na Gaeltachta a gcuid oideachais a fháil trí Ghaeilge.

Plean Gníomhaíochta don Ghaeilge 1983-1985 (Bord na Gaeilge)

Socrú idir Bord na Gaeilge agus Údarás na Gaeltachta chun staid na gColáistí samhraidh a scrúdú go mion d'fhonn cuidiú leo na gnéithe éagsúla dá gcuid gníomhaíochta a thabhairt chun foirfeachta.

Go mbunófaí Grúpa Comhordaithe ar a mbeadh ionadaíocht ardleibhéil ó Roinn na Gaeltachta, ó Údarás na Gaeltachta, ó Bhord na Gaeilge agus ón Roinn Oideachais. Bheadh an Grúpa Comhordaithe seo freagrach as:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar scéimeanna uile na Gaeltachta sa réimse seo.
- A dheimhniú go bhfeidhmítear agus go gcomhordaítear na beartais atá sa phlean.
- A dheimhniú go mbeadh moltaí ar fáil maidir le seirbhís teilifíse a sholáthar.
- A dheimhniú go dtugtar faoi aon bheartas eile is gá, chun go gcoinneodh an Ghaeilge a hionad mar ghnáthurlabhra sa Ghaeltacht.

Coimisiún na Gaeltachta 2002	Go mbunófaí córas don Phleanáil Teanga chun Plean Náisiúnta don teanga a ullmhú agus a fheidhmiú ina mbeidh spriocanna cinnte sainithe agus a léireodh ról phobal na Gaeltachta san iarracht náisiúnta.
Coimisiún na Gaeltachta 2002	Bord Coimisinéirí neamhspleácha (cúigear ar a mhéid) le tacaíocht reachtaíochta agus údarás aige aon chéim is gá a ghlacadh lena chinntiú go bhfeidhmítear Plean an Stáit don Ghaeilge agus don Ghaeltacht.
Staid na Scoileanna Gaeltachta 2004	Go mbunófar struchtúr cuimsitheach de sheirbhísí óige a chuirfidh leis na deiseanna spraoi, caitimh aimsire, ceoil, spóirt, agus forbartha cultúrtha atá ar fáil trí Ghaeilge d'óige na Gaeltachta.
Staid na Scoileanna Gaeltachta 2004	Go ndéanfaid an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta taighde ar an gcineál struchtúir a bheadh de dhíth chun a leithéid de sheirbhís óige a chur ar fáil sa Ghaeltacht agus go rachaidís i bpáirt leis na páirtithe eile a bheadh sásta a bheith páirteach ina leithéid de sheirbhís.

## Stiúradh/Struchtúr Riaracháin

Ainm na Tuarascála	Moladh/ Moltaí
Coimisiún na Gaeltachta 1926	<b>Cigireacht don Ghaeltacht a bhunú</b> Oifigeach sinsearach a cheapadh sa Roinn Oideachais a mbeadh sé de chúram air, thar ceann Rúnaí na Roinne, polasaí oideachais don Ghaeilge a chomhordú agus a chur i bhfeidhm.
I dTreo Polasaí Gaeilge san Oideachas 1973	Go n-ainmneofaí cigire a mbeadh cúram ar leith air/uirthi i leith iar-bhunscolaíochta sa Ghaeltacht.
Tuarascáil an Chomhchoiste um Oideachas sa Ghaeltacht 1986	Go leathnófaí aon bhuntáiste speisialta chóras an n-aicmí atá i bhfeidhm faoi láthair sna meánscoileanna agus dátheangacha a thabhairt isteach sa Ghaeltacht – sna gairmscoileanna, sna scoileanna cuimsitheacha agus sna pobalscoileanna.
Tuarascáil an Chomhchoiste um Oideachas sa Ghaeltacht 1986	Go mbeadh an cigire freagrach as socruithe a mholadh maidir le raon feiliúnach ábhar a bheith ar fáil ag daltaí Gaeltachta laistigh de na tuiscintí seo: <ul style="list-style-type: none"> <li>● Ag an leibhéal sóisearach go gcuirfí réimse leathan ábhar ar fáil agus go mbeadh béim á cur ar ábhair theicniúla agus thráchtála.</li> <li>● Go gcuirfí san áireamh tosca an cheantair ó thaobh fhorbairt eacnamaíochta agus an réimse ábhar á mholadh.</li> <li>● Ag an ardleibhéal iar-bhunscoile go gcuirfí béim ar na deiseanna fostaíochta sa cheantar trí scéimeanna réamhfhostaíochta agus taithe oibre a chur ar fáil agus maidir le scoláirí ar mhian leo leanúint le hardoideachas go mbeadh réimse ábhar ar fáil dóibh a chuirfeadh ar a gcumas dul san iomaíocht le scoláirí Galltachta maidir le hionad a fháil i gcúrsaí gairmiúla agus i ndámha léinn.</li> </ul>
Staid na Scoileanna Gaeltachta 2004	Go mbunófar Sain-Chigireacht Ghaeltachta, eadhon, aonad ar leith den Chigireacht a bheidh ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge, a chuirfeadh cigirí bunleibhéil agus cigirí dara leibhéal agus ar a mbeidh an phríomhfhreagracht maidir le comhairle agus tacaíocht a chur ar scoileanna Gaeltachta maidir leis na dea-chleachtais a thacaíonn le múineadh trí mheán na Gaeilge agus trí mheán an dara teanga a threisiú.
Staid na Scoileanna Gaeltachta 2004	Moltar go mbeidh an t-aonad cigireachta seo ag feidhmiú faoi scáth na Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta chomh maith le bheith ag obair i gcomhar leis an gCigireacht agus ag tuairisciú di.

Staid na Scoileanna Gaeltachta 2004

Go mbunófar aonad ar leith de gach seirbhís eile atá ag cur tacaíochta ar fáil do scoileanna Gaeltachta agus go mbeidh na haonaid sin tiomanta do staidéar a dhéanamh ar ríachtanais scoileanna Gaeltachta agus na seirbhísí cuí tacaíochta a sholáthar dóibh trí mheán na Gaeilge.

Staid na Scoileanna Gaeltachta 2004

Go mbeidh na haonaid seo ag feidhmiú faoi scáth na Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, chomh maith le bheith ag tuairisciú agus ag obair i gcomhar leis an bpríomhsheirbhís lena mbaineann siad.

Staid na Scoileanna Gaeltachta 2004

Go mbunófar Ionad Réigiúnach de chuid na Comhairle i ngach mórcheantar Gaeltachta (le fo-ionaid i gceantair Ghaeltachta eile de réir mar is gá), as a mbeidh na seirbhísí seo agus an tSain-Chigireacht Ghaeltachta ag feidhmiú.

Tuarascáil an Chomhchoiste um Oideachas sa Ghaeltacht 1986

#### **Na Coistí Gairmoideachais**

Go n-iarrfaí ar na Coistí Gairmoideachais cúrsaí léinn a chur ar fáil do thuismitheoirí Gaeltachta trí mheán na Gaeilge.

## Tátal

Sa chaibidil seo, léirítear an réimse iomlán moltaí a bhaineann le córas oideachais na Gaeltachta a rinneadh i dtuarascálacha éagsúla ag comhairlí agus coimisiúin de chuid an Stáit ó Thuarascáil Choimisiúin na Gaeltachta (1926) i leith. Is deacair breithiúnas cothrom a dhéanamh ar a bhfuil curtha i láthair i gcáipéis ghearr den chineál seo. Ach is féidir an méid seo a leanas a rá: is léir go bhfuil go leor de na moltaí céanna ag teacht chun cinn i gcaitheamh na tréimhse ar fad. Dá mbeidís á gcur i bhfeidhm ag an am ar moladh iad, ní dócha go mbeidís ag teacht chun cinn arís agus arís eile. Is féidir a rá freisin nach bhfuil na moltaí a bhaineann le struchtúr an Oideachais Ghaeltachta líonmhar ná cuimsitheach in aon bhealach. Is cosúil gur feidhmíodh cuid de na moltaí ab éasca agus ba lú éifeacht agus gur fágadh ar lár na moltaí ba thábhachtaí. B'fhéidir gurbh é Rúnaí na Roinne Oideachais féin is fearr a thabharfadh léargas dúinn ar an scéal. Is tráthúil agus bailí a raibh le rá ag Iar-Rúnaí na Roinne Oideachais, Seán Ó Conchubhair, ina chuimhní cinn. Is mar seo a chuir sé síos ar an tionchar a bhí ag tuarascáil an Choimisiúin um Athbheochan na Gaeilge, (An Tuarascáil Deiridh), i 1964:

*"Altogether, the impact of the Commission's report on the education scene was small. Many of the recommendations were horatory, and those with any real bite were not accepted"* (O'Connor 1986).

## Geallsealbhóirí an Oideachais Ghaeltachta Réamhrá

Sa chaibidil seo, déantar léiriú ar na príomhgeallsealbhóirí a bhfuil páirt acu i gcóras oideachais na Gaeltachta. Roghnaíodh na geallsealbhóirí seo mar go bhfuil páirt lárnach acu i soláthar seirbhísí atá dírithe go sonrach ar an nGaeltacht, nó mar go bhfuil cúram ar leith orthu faoin reachtaíocht faoinar bunaíodh iad. De réir na slaite sin, is ag díriú ar chomhlachtaí poiblí a bunaíodh le reachtaíocht (agus a bhfuil foráil nó forálacha sa reachtaíocht sin a bhaineann go díreach nó go hindíreach leis an Oideachas Gaeltachta) a bheifear sa chaibidil seo. Déantar léiriú ar na polasaithe, gníomhaíochtaí agus beartais a bhíonn idir lámha ag an eagraíocht a bhaineann go díreach leis an gcóras oideachais Gaeltachta.

## An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

Tá cúram chóras oideachais an Stáit ina iomláine ar an Roinn Oideachais agus Eolaíochta. In 2000, rinne Iar-Rúnaí na Roinne Airgeadais, Seán Cromien, athbhreithniú ar chúraimí agus ar leagan amach na Roinne agus chuir sé tuarascáil ar fáil don Rialtas. Sa tuairisc chuimsitheach sin, déantar athbhreithniú ar an ról ba cheart a bheith ag an Roinn agus ar na gníomhaíochtaí ba cheart a bheith ar siúl ag feidhmeannaigh na Roinne mar thosaíochtaí ó lá go lá. Molann Cromien mar phríomhchúram don Roinn pleanáil a dhéanamh agus polasaí a shocrú do chóras oideachais na tíre agus feidhmiú an pholasaí a fhágáil faoi eagraíochtaí agus institiúidí eile de chuid an stáitchórais. Tá ráiteas misin agus sainordú na Roinne le fáil ar shuíomh idirlín na Roinne. Ar mhaithe le léargas a thabhairt ar obair an Roinne, déantar achoimre anseo ar na príomhréimsí.

### Misean

Léiríonn an Roinn Oideachais a misean mar seo a leanas:

"Is é misean na Roinne Oideachais agus Eolaíochta a chinntiú go soláthraítear córas oideachais den chaighdeán is airde, arna thomhas de réir caighdeán idirnáisiúnta, ar córas é atá cuimsitheach, cost-éifeachtach agus sorochtana agus ar córas é:

A chumasóidh daoine aonair chun a gcumas iomlán a bhaint amach mar dhaoine agus a bheith páirteach go hiomlán mar shaoránaigh sa tsochaí agus

A bheidh ina chabhair maidir le forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha na hÉireann."

### Sainordú na Roinne

Chun tacú leis na spriocanna ardleibhéil seo, clúdaíonn sainordú na Roinne na príomhréimsí seo: anailís ar bheartais, pleanáil agus meastóireacht, dearbhú cáilíochta, acmhainní agus rialáil, chomh maith le raon leathan seirbhísí a sholáthar don earnáil oideachais.

Pleanáil agus athbhreithniú beartais

Cuireann an Roinn comhairle ar fáil don Aire, don Rialtas agus do Thithe an Oireachtais maidir le beartais ardchaighdeáin. Déanann an Roinn beartais a fhorbairt agus a athbhreithniú i gcomhairle leis na príomhpháirtithe leasmhara san Oideachas. Aithníonn an Roinn go bhfuil roinnt réimsí freagrachta beartas ann a bhfuil baint ag ranna eile leo freisin, ar nós uilechuimsitheacht shóisialta agus oideachas luath-óige, agus cuirtear chun cinn iad sin trí rannpháirtíocht i ngrúpaí oibre agus i dtascfhórsaí.

## Dearbhú Cáilíochta

Aithníonn an Roinn go bhfuil dearbhú cáilíochta sa chóras oideachais ar cheann de phríomhchúraimí na Roinne. Tá ról tábhachtach ag an gCigireacht i dtaca le cáilíocht ag an gcéad agus ag an dara leibhéal, agus tá ról ag an Roinn, sa bhreisoidéachas agus san ardoideachas, in éineacht leis an Údarás um Ard-Oideachas, Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann, Comhairle na nDámhachtainí Breisoidéachais agus Oiliúna agus Comhairle na nDámhachtainí Ard-Oideachais agus Oiliúna.

## Leithdháileadh Acmhainní Daonna agus Airgeadais

Titeann raon leathan feidhmeanna a bhaineann le maoiniú na hearnála oideachais ar an Roinn. Áirítear orthu sin tuarastal na foirne teagaisc, íocaíocht na ndéontas caipitíochta le scoileanna ag an gcéad agus ag an dara leibhéal, agus riaradh ar shraith de dheontais atarlaithe, agus íocaíochtaí aon uaire eile. Cuireann sí maoiniú ar fáil do raon leathan comhlachtaí agus seirbhísí eile, lena n-áirítear Coistí Gairmoideachais agus seirbhísí ógra agus pobalbhunaithe. Cuirtear maoiniú don earnáil ardoideachais ar fáil go díreach ón Roinn, nó tríd an Údarás um Ard-Oideachas, a fhaigheann maoiniú ón Roinn chun na críche sin.

Is iomaí rud le cur san áireamh maidir le leithdháileadh na múinteoirí ag an gcéad agus ag an dara leibhéal den oideachas, agus ag leibhéal an bhreisoidéachais, ó líon na ndaltaí atá ar an rolla go dtí na riachtanais speisialta i scoileanna áirithe. Tá acmhainní teagaisc ar leithligh agus tacaíochtaí eile leagtha amach do leanaí aonair nó do ghrúpaí daltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu. Is réimse é sin a bhfuil leathnú suntasach tagtha air le blianta beaga anuas. Feasta, ní mór mórathruithe agus feabhsúcháin sna próisis leithdháilte a bhainistiú i gcomhthéacs bhunú na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta agus achtú an Achta um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta acu 2004. Chomh maith leis sin, cuireann an Roinn raon leathan d'fheidhmeanna a bhaineann le caidreamh foirne agus pearsanra ar fáil ag gach leibhéal den oideachas.

Bhí soláthar arbh fhiú €6.7 billiún é sa Phlean Forbartha Náisiúnta do 2000-2006, i gcomhair bearta éagsúla in earnáil an oideachais. Sa tréimhse chéanna (2000-2006), dáileadh níos mó ná €457 milliún trí Chreat Tacaíochta an Aontais Eorpaigh d'Éirinn ó Chistí Struchtúracha do bhearta in earnáil an Oideachais.

## Pleanáil agus Soláthar an Bhonneagair Oideachais

Tá an Roinn freagrach as bonneagar oideachais riachtanach a sholáthar d'fhonn tacú le hardchaighdeán oideachais a chur ar fáil ag gach leibhéal den chóras oideachais. Bíonn ar an Roinn an riachtanas maidir le soláthar oideachais a aithint, a chainníochtú, agus a chur mar thosaíocht d'fhonn ardchaighdeán cóiríochta a bheidh éifeachtúil ó thaobh costais de, a sholáthar le freastal ar an riachtanas sin. Deir an Roinn gur ar "ar leithdháiltí caipitil a chuirtear ar fáil a bheidh inmharthana agus cuí agus laistigh de chreat ilbhliantúil" a bhraitheann an soláthar.

## Oideachas a Threisiú trí Chomhoibriú

Tá ról tábhachtach le glacadh ag an Roinn i gcomhthéacs Chomhaontú Aoine an Chéasta chun comhchomhairle Thuaidh/Theas agus Thoir/Thiar agus comhoibriú agus comhghníomhaíocht

san oideachas a chur chun cinn, go háirithe tríd an gComhairle Aireachta Thuaidh/Theas. Glacann an Roinn páirt ghníomhach i ngníomhaíochtaí éagsúla an Aontais Eorpaigh (AE) i réimsí oideachais agus oiliúna, ag leibhéal forbartha beartas agus ag leibhéal bainistithe clár araon. Tá an Roinn páirteach go gníomhach le raon cuimsitheach gníomhaireachtaí idirnáisiúnta chomh maith, ina measc an OECD, UNESCO, agus Comhairle na hEorpa mar aon le líon mór tíortha aonair.

### **Áirítear ar fheidhmeanna agus seirbhísí a chuireann an Roinn ar fáil:**

Raon fairsing clár agus seirbhísí a sholáthar do mhic léinn ag gach leibhéal, go háirithe do mhic léinn a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, nó mic léinn atá faoi mhíbhuntáiste oideachais.

Seirbhísí iompair scoile a mhaoiniú, lena n-áirítear seirbhís do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu.

Deontais tacaíochta do mhic léinn a mhaoiniú.

Litearthacht d'Aosaigh agus oideachas pobail, cláir ghairmoideachais agus oiliúna do lucht luathfhágála scoile, do dhaoine dífhostaithe, don Lucht Siúil agus do rannpháirtithe ar chúrsaí Iar-Ardeistiméireachta a mhaoiniú.

Oideachas agus cúram a sholáthar d'ógchiontóirí atá i gcóiríocht chónaithe.

Tuarastal agus pinsean múinteoirí a íoc.

Acmhainní foirne agus airgeadais a sholáthar do scoileanna chéad leibhéal, do scoileanna dara leibhéal agus do Choistí Gairmoideachais.

Acmhainní foirne agus airgeadais a sholáthar d'fhorais tríú leibhéal.

Soláthar múinteoirí oilte a chinntiú.

Foráil d'fhorbairt ghairmiúil ionghairme múinteoirí.

Líonra Lárionad Tacaíochta Oideachais a fhorbairt agus a mhaoiniú.

Tacú le gníomhaíochtaí raon eagraíochtaí a bhfuil baint acu le hoideachas, oiliúint agus gníomhaíochtaí do dhaoine óga lasmuigh den scoil.

Raon leathan seirbhísí a sholáthar don Aire, d'Airí Stáit agus do Chomhaltaí Oireachtais, agus freagraí a thabhairt ar cheisteanna Dála agus ar chomhfhreagras, lena n-áirítear uiríolla, óráidí agus ábhar mionteagaisc.

Cuidiú leis an obair atá á déanamh ag raon leathan de ghrúpaí oibre agus coistí ag leibhéal náisiúnta agus leibhéal idirnáisiúnta, agus a bheith páirteach san obair sin.

Faisnéis agus comhairle a chur ar fáil do scoileanna, do thuismitheoirí, do mhúinteoirí, do mhic léinn agus do dhaoine eile.

## **An tAcht Oideachais 1998**

Cuireadh bonn reachtúil faoi chóras oideachais na tíre nuair a achtaíodh An tAcht Oideachais i 1998. Cuireann an tAcht cúraimí sonracha maidir le hoideachas trí mheán na Gaeilge agus maidir leis an Oideachas Gaeltachta ar an Roinn Oideachais agus ar institiúidí de chuid na Roinne. Aithnítear na forálacha atá in Alt 6 Cuspóirí an Achta, Alt 7 Feidhmeanna an Aire, Alt 9 Feidhmeanna Scoile, Alt 13 An Chigireacht, Alt 31 Múineadh na Gaeilge, Alt 41 (2) An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta mar mhíreanna ábhartha sa phlé seo.

## Alt 6 Cuspóirí an Achta

Gach duine a mbeidh baint aige nó aici leis an Acht seo a chur i ngníomh, beidh aird aige nó aici ar na cuspóirí seo a leanas ar dá mbun a d'achtaigh an tOireachtas an tAcht seo:

- (i) cuidiú le réadú beartas agus cuspóirí náisiúnta i ndáil le leathadh an dátheangachais i sochaí na hÉireann agus go háirithe go mbainfí úsáid níos mó as an nGaeilge ar scoil agus sa phobal;
- (j) cuidiú leis an nGaeilge a choinneáil mar phríomhtheanga an phobail i limistéir Ghaeltachta

## Alt 7 Feidhmeanna an Aire

Is feidhm de chuid an Aire faoin Acht seo gach ceann de na nithe seo a leanas:

- (d) seirbhísí taca trí Ghaeilge a sholáthar do scoileanna aitheanta a chuireann teagasc trí Ghaeilge ar fáil agus d'aon scoil aitheanta eile a iarrann soláthar den sórt sin.

## Alt 9 Feidhmeanna scoile

Cuirfidh scoil aitheanta oideachas ar fáil do mhic léinn ar oideachas é is cuí dá gcumas agus dá riachtanais agus, gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, úsáidfídh sí na hacmhainní a bheidh ar fáil di—

- (f) chun forbairt na Gaeilge agus thraidisiúin na hÉireann, litríocht na hÉireann, na healaíona agus nithe cultúrtha eile, a chur chun cinn.
- (h) i gcás scoileanna atá lonnaithe i limistéar Gaeltachta, chun cuidiú leis an nGaeilge a choinneáil mar phríomhtheanga an phobail.

## Alt 13 An Chigireacht

Tagraíonn Alt 13 den Acht do na feidhmeanna atá ag an gCigireacht agus léirítear i gCuid (3) (f) an fhoráil a bhaineann leis an nGaeilge sa chóras oideachais. Is iad feidhmeanna Cigire:

- (f) meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht mhúineadh, forbairt, chur chun cinn agus úsáid na Gaeilge i scoileanna agus i lárionaid oideachais agus tuarascáil a thabhairt don Aire maidir leis na nithe sin.

## Alt 31 Múineadh na Gaeilge

Alt 31 Bunóidh an tAire comhlacht daoine

- (a) (i) chun soláthar téacsleabhar agus áiseanna d'fhoghlaim agus do mhúineadh trí Ghaeilge a phleanáil agus a chomheagrú,
  - (ii) chun comhairle a thabhairt don Aire maidir le beartais a bhaineann le hoideachas trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil agus a chur chun cinn i scoileanna aitheanta i gcoitinne agus i scoileanna atá suite i limistéar Gaeltachta,
  - (iii) chun seirbhísí taca a chur ar fáil do na scoileanna sin trí mheán na Gaeilge, agus
  - (iv) chun taighde a sheoladh ar aon ní nó ar gach ní lena mbaineann an mhír seo, agus
- (b) chun soláthar téacsleabhar agus áiseanna d'fhoghlaim agus do mhúineadh na Gaeilge a phleanáil agus a chomheagrú agus chun taighde a sheoladh, agus comhairle a thabhairt don Aire, maidir le straitéisí a bhfuil de chuspóir leo feabhas a chur ar éifeachtacht mhúineadh na Gaeilge i scoileanna aitheanta agus i lárionaid oideachais.
- (2) Féadfaidh an tAire, le hordú arna dhéanamh le toiliú an Aire Airgeadais, aon cheann dá fheidhmeanna nó dá feidhmeanna i leith na nithe dá dtagraítear i bhfo-alt (1) a tharmligean chuig an gcomhlacht a bhunófar de réir an fho-ailt sin agus déanfaidh an comhlacht sin na feidhmeanna sin a chomhall faoi stiúradh agus faoi rialú an Aire.



- (3) Maidir leis an gcomhlacht a bhunófar de réir fho-alt (1)—
- (a) déanfaidh sé, le toiliú an Aire, coiste a bhunú chun cabhrú leis na feidhmeanna a thugtar dó faoi fho-alt (1)(b) a chomhlíonadh, agus
- (b) déanfaidh sé, le toiliú an Aire, coiste a bhunú chun cabhrú leis na feidhmeanna a thugtar dó faoi fho-alt (1)(b) a chomhlíonadh, agus
- (4) Déanfaidh an comhlacht a bhunófar de réir fho-alt (1), ó am go ham, de réir mar is cuí leis, comhairle a thabhairt don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta maidir le nithe a bhaineann—
- (a) le múineadh na Gaeilge,
- (b) le hoideachas a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge, lena n-áirítear nithe a bhaineann leis an gcuraclam do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna a chuireann oideachas trí mheán na Gaeilge ar fáil agus le nósanna imeachta measúnachta a úsáidtear sna scoileanna sin, agus
- (c) le riachtanais oideachais daoine a chónaíonn i limistéar Gaeltachta, agus beidh aird ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta ar aon chomhairle den sórt sin le linn di a feidhmeanna a fheidhmiú.
- (5) Féadfaidh an tAire, le hordú, aon ordú arna dhéanamh faoin alt seo, lena n-áirítear ordú arna dhéanamh faoin bhfo-alt seo, a leasú nó a chúlghairm.
- (6) I ngach bliain airgeadais, féadfaidh an tAire le comhthoiliú an Aire Airgeadais deontas nó deontais a thabhairt, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas, don chomhlacht a cheapfar de réir fho-alt (1) chun críocha caiteachais ag an gcomhlacht sin i gcomhlíonadh a feidhmeanna.
- (7) Féadfaidh an tAire cibé tacaíocht rúnaíochta agus riaracháin a mheasfaidh an tAire is gá a chur ar fáil do chomhlacht a bhunófar faoin alt seo.

#### Alt 41 2 An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

I measc chuspóirí agus fheidhmeanna an Achta, aithnítear faoi Alt 41(2) go bhfuil sé de chumas ag an gComhairle comhairle a chur ar an Aire maidir le múineadh na Gaeilge:

41 (2) (g) comhairle a thabhairt don Aire maidir le straitéisí a bhfuil de chuspóir leo feabhas a chur ar éifeachtacht mhúineadh agus úsáid na Gaeilge i scoileanna.

## Oiliúint Múinteoirí Bunscoile

Cuirtear oiliúint ar mhúinteoirí bunscoile i gcoláistí oiliúna atá aitheanta ag an Roinn Oideachais. Bíonn ar mhúinteoirí bunscoile a bheith inniúil ar pháistí ó 4 go 12 bliain a theagasc agus ní mór dóibh a bheith inniúil ar an nGaeilge féin a mhúineadh agus ábhair eile a mhúineadh i nGaeilge sula bhfaigheann siad lánaitheantas mar mhúinteoirí bunscoile. Seo a leanas na coinníollacha a bhaineann leis an nGaeilge nach mór a chomhlíonadh chun cáiliú mar mhúinteoir bunscoile

1. Pas a bheith faighte sa chuid scríofa, sa scrúdú cainte agus sa scrúdú cluas-éisteachta i Scrúdú Cáilíochta sa Ghaeilge (S. C. G.).
2. Dearbhú a sholáthar i bhfoirm teastais gur chónaigh an t-iarrthóir sa Ghaeltacht ag freastal ar chúrsa aitheanta trí seachtaine (nó a chomhionann de chúrsa i dtrí bhloc aon seachtaine, nó seachtain amháin agus coicís). Íocann an Roinn cuid de chostas an chúrsa seo.

Bíonn ar gach mac léinn cúrsa 3 seachtaine a dhéanamh sa Ghaeltacht mar chuid éigeantach de chúrsa oiliúna na chéad bhliana. Bíonn ar na mic léinn pas a fháil i scrúdú cainte Gaeilge ag deireadh na chéad bhliana le go mbeidh cead acu dul isteach sa dara bliain.

## Promhadh

Mar chuid den phróiseas chun lánaitheantas a bhaint amach mar mhúinteoir bunscoile, ní mór tréimhse phromhaidh a chríochnú go sásúil. I gcás oide a chríochnaigh an tréimhse taobh amuigh den tír, d'fhéadfadh go mbeidh air nó uirthi tréimhse phromhaidh a chomhlíonadh i dteagasc na Gaeilge.

Ón 1 Meán Fómhair 2000, tá scéim ar leith á feidhmiú ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta a cheadaíonn do mhúinteoirí a cáilíodh taobh amuigh den Aontas Eorpach múineadh i mbunscoileanna na tíre. Bronntar aitheantas orthu ar feadh tréimhse phromhaidh chúig bhliana. Le linn na tréimhse seo, bíonn orthu a bheith á réiteach féin chun riachtanais Ghaeilge na Roinne a chomhlíonadh agus beidh orthu a aontú go bhfreastalóidh siad ar chúrsa oiliúna, nuair is gá, mar ullmhúchán don Scrúdú Cáilíochta sa Ghaeilge.

## Scéimeanna agus Scoláireachtaí

Tá ceithre scéim scoláireachtaí ag an Roinn Oideachais is Eolaíochta a bhfuil feidhm leo i gceann amháin (nó níos mó) de na Coláistí Oiliúna. Tá scéim scoláireachta i gcuimhne Sheachtain na Cásca ann, agus scéim na Gaeltachta do na hOllscoileanna chomh maith le Scoláireachtaí Gaeilge Tríú Leibhéal ar fáil do na Coláistí Oiliúna ar fad. Chomh maith leis sin, tá scéim de chuid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta ann, atá dírithe ar mhic léinn atá ag déanamh a gcúrsa céime i nGaeilge i gColáiste Mhuire, Marino, Baile Átha Cliath.

Is féidir suas le 10% de na háiteanna atá ar fáil sna Coláistí Oideachais a chur ar leataobh do mhic léinn ón nGaeltacht .i. mic léinn atá ina gcónaí sa Ghaeltacht Oifigiúil agus arb í an Ghaeilge teanga an teallaigh. Déantar an iontráil do na cúrsaí seo trí chóras an CAO ach bíonn cód ar leith ann do mhic léinn Ghaeltachta.

## Scéim Scoláireachtaí Tríú Leibhéal do Scoláirí ón nGaeltacht

Cuireann an Roinn cúig cinn déag de scoláireachtaí tríú leibhéal (€12,700 in 2006), ar fáil faoin scéim seo atá bunaithe ar thorthaí Scrúdú na hArdteistiméireachta.

Seo a leanas na hiarrthóirí a ndéanfar measúnú orthu agus a bheidh i dteideal iarratas a dhéanamh ar scoláireacht faoin scéim seo. Iarrthóirí

- (a) a bhí ina n-iarrthóirí sa Scrúdú Ardteistiméireachta, [2006], de réir Riall 35 de Rialacha agus Clár na Scoileanna Dara Leibhéal.
- (b) a raibh gnáthchónaí orthu sa Ghaeltacht ar an 1 Eanáir, 2007 agus ar feadh trí bliana as na cúig bhliana díreach roimhe sin. Chun críche na scéime seo, is ionann an Ghaeltacht agus na ceantair a aithnítear mar Ghaeltacht faoi Ordú a rinneadh faoi Alt 2 de Acht na nAírí agus Rúnaithe (Leasú), 1956.
- (c) a bhfuil Gaeilge líofa acu agus a úsáideann an Ghaeilge mar ghnáth-theanga baile.
- (d) atá tar éis a gcuid oideachais dara leibhéal, blianta athdhéanamh na hArdteistiméireachta san áireamh, a fháil trí Ghaeilge.
- (e) a bhfuil deimhniú acu ó Phríomhoide/Bainisteoir a n-iar-bhunscoile go ndearna siad staidéar ar chúrsa na hArdteistiméireachta [2006] trí Ghaeilge ar íosmhéid de thrí cinn de na hábhair (gan Gaeilge a chur san áireamh), a d'fhreagair siad i Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2006.

(f) a fuair ar a laghad Grád C3 nó níos airde ar Pháipéar Ardleibhéil i nGaeilge agus in dhá ábhar eile, agus Grád D3 Ardleibhéal nó Gnáthleibhéal in dhá ábhar eile.

(g) a d'fhreagair trí ábhar ar a laghad, gan Gaeilge a chur san áireamh, trí Ghaeilge i Scrúdú na hArdteistiméireachta, [2006] agus atá cáilithe do mharc bónais sna hábhair sin faoi Alt VI de Rialacha agus Clár na Scoileanna Dara Leibhéal.

### Liúntais ar leith do Mhúinteoirí

Glacann an Roinn Oideachais agus Eolaíochta leis go bhfuil gach múinteoir atá aitheanta go hoifigiúil ag an Roinn mar mhúinteoir bunscoile inniúil ar theagasc i nGaelscoil nó i scoil Ghaeltachta. Ag an am céanna, cuireann an Roinn scéim liúntais i bhfeidhm ar mhaithe le múinteoirí atá ag teagasc i nGaelscoil nó i Scoil Ghaeltachta.

**Tábla 5**  
Liúntais

LIÚNTAS	Ó 1/12/2004	Ó 1/6/2005
(i) Múineadh trí Ghaeilge	€1,389	€1,450
(ii) Deontas Gaeltachta	€2,687	€2,807
(iii) Liúntas Teagaisc ar Oileáin	€1,615	€1,689

### Scéim na nDearthóirí

Bhunaigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta Scéim na nDearthóirí in 2001, tionscnamh deartha agus forbartha le haird ar leith a thabhairt ar riachtanais a bhaineann le teagasc na Gaeilge i mbunscoileanna sa Ghaeltacht agus i Scoileanna lán-Ghaeilge. Is iad an Chigireacht a dhear an scéim. Scaoileadh 4 mhúinteoir ó ghnáthdualgais le dul i mbun oibre ar an scéim chun áiseanna teagaisc a fhorbairt de réir riachtanais Churaclam na Bunscoile (1999). Tá seachtar ag obair ar an scéim anois (comhordaitheoir náisiúnta ina measc) agus tá an scéim faoi stiúir coiste stiúrtha ar a bhfuil beirt chigirí ón Roinn agus ar a bhfuil Príomhfheidhmeannach COGG mar chathaoirleach. Déantar cúram ar leith de riachtanais na bpáistí ar cainteoirí dúchais iad. Is cosúil go bhfuil sé i gceist cúram iomlán na scéime seo a thabhairt don Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta go luath.

### Ardteastas sa Ghaeilge

Is ardcháilíocht sa Ghaeilge é an tArdteastas sa Ghaeilge atá dírithe ar dhaoine a bhfuil bunchéim acu cheana féin. Is forbairt atá san Ardteastas ar an gcáilíocht is airde a bhí ar fáil do bhunmhúinteoirí a bhí ag freastal ar chúrsaí inseirbhíse i gColáistí Gaeilge sna 1920aidí. Is í an Chigireacht a riarann an scrúdú ar fad .i. a shocraíonn na páipéir, a cheartaíonn iad, agus a riarann na scrúduithe cainte. Dearbhaíonn an Roinn gurb ionann an tArdteastas agus léiriú go bhfuil caighdeán an-ard sa Ghaeilge agus i Litríocht na Gaeilge bainte amach ag an iarrthóir. Bronntar liúntas breise pá ar mhúinteoirí a bhfuil an tArdteastas bainte amach acu. Ní bhíonn ach líon an-bheag daoine (níos lú ná deichniúr) i mbun an chúrsa seo gach bliain.

## An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta COGG

Bunaíodh An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta faoi réir fhorálacha Alt 31 Acht Oideachais na bliana 1998 (feic thuas). Bunaíodh an Chomhairle ionas go mbeadh sainstruchtúr ann le freastal a dhéanamh ar riachtanais oideachais na scoileanna Gaeltachta

agus na scoileanna lán-Ghaeilge. Tá feidhmeanna maidir le múineadh na Gaeilge i scoileanna eile na tíre ag an gComhairle chomh maith. Baineann ról na Comhairle leis an mbunoidéachas agus leis an iar-bhunoidéachas agus díríonn sí ar thrí mhór-réimse oibre: soláthar acmhainní teagaisc; seirbhísí taca; agus taighde. Ceapadh comhaltaí na Comhairle i Márta 2002 agus comhaltaí nua i Meitheamh na bliana 2006. Tá ionadaíocht ar an gComhairle ag tuismitheoirí, múinteoirí agus saineolaithe eile (22 comhalta). Tá cigire ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta mar chomhalta den Chomhairle.

Seo a leanas cúraimí agus feidhmeanna na Comhairle de réir mar atá siad leagtha amach in Alt 31 (Múineadh na Gaeilge) san Acht Oideachais:

### Alt 31 Múineadh na Gaeilge

Alt 31 (i) Bunóidh an tAire comhlacht daoine

- a) (i) chun soláthar téacsleabhar agus áiseanna d'fhoghlaim agus do mhúineadh trí Ghaeilge a phleanáil agus a chomheagrú,
  - (ii) chun comhairle a thabhairt don Aire maidir le beartais a bhaineann le hoideachas trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil agus a chur chun cinn i scoileanna aitheanta i gcoitinne agus i scoileanna atá suite i limistéar Gaeltachta,
  - (iii) chun seirbhísí taca a chur ar fáil do na scoileanna sin trí mheán na Gaeilge, agus
  - (iv) chun taighde a sheoladh ar aon ní nó ar gach ní lena mbaineann an mhír seo, agus
- b) chun soláthar téacsleabhar agus áiseanna d'fhoghlaim agus do mhúineadh na Gaeilge a phleanáil agus a chomheagrú agus chun taighde a sheoladh, agus comhairle a thabhairt don Aire, maidir le straitéisí a bhfuil de chuspóir leo feabhas a chur ar éifeachtacht mhúineadh na Gaeilge i scoileanna aitheanta agus i lárionaid oideachais.
- (2) Féadfaidh an tAire, le hordú arna dhéanamh le toiliú an Aire Airgeadais, aon cheann dá fheidhmeanna nó dá fheidhmeanna i leith na nithe dá dtagraítear i bhfo-alt (1) a tharmhligean chuig an gcomhlacht a bhunófar de réir an fho-ailt sin agus déanfaidh an comhlacht sin na feidhmeanna sin a chomhall faoi stiúradh agus faoi rialú an Aire.
- (3) Maidir leis an gcomhlacht a bhunófar de réir fho-alt (1)—
  - (a) déanfaidh sé, le toiliú an Aire, coiste a bhunú chun cabhrú leis na feidhmeanna a thugtar dó faoi fho-alt (1)(b) a chomhlíonadh, agus
  - (a) déanfaidh sé, le toiliú an Aire, coiste a bhunú chun cabhrú leis na feidhmeanna a thugtar dó faoi fho-alt (1)(b) a chomhlíonadh, agus
- (4) Déanfaidh an comhlacht a bhunófar de réir fho-alt (1), ó am go ham, de réir mar is cuí leis, comhairle a thabhairt don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta maidir le nithe a bhaineann—
  - (a) le múineadh na Gaeilge,
  - (b) le hoideachas a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge, lena n-áirítear nithe a bhaineann leis an gcuraclam do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna a chuireann oideachas trí mheán na Gaeilge ar fáil agus le nósanna imeachta measúnachta a úsáidtear sna scoileanna sin, agus
  - (c) le riachtanais oideachais daoine a chónaíonn i limistéar Gaeltachta, agusbeidh aird ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta ar aon chomhairle den sórt sin le linn di a feidhmeanna a fheidhmiú.
- (5) Féadfaidh an tAire, le hordú, aon ordú arna dhéanamh faoin alt seo, lena n-áirítear ordú arna dhéanamh faoin bhfo-alt seo, a leasú nó a chúlghairm.
- (6) I ngach bliain airgeadais, féadfaidh an tAire le comthoiliú an Aire Airgeadais deontas nó deontais a thabhairt, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas, don chomhlacht a

cheapfar de réir fho-alt (i) chun críocha caiteachais ag an gcomhlacht sin i gcomhlíonadh a fheidhmeanna.

(7) Féadfaidh an tAire cibé tacaíocht rúnaíochta agus riaracháin a mheasfaidh an tAire is gá a chur ar fáil do chomhlacht a bhunófar faoin alt seo.

## Na Coistí Gairmoideachais

Is Coistí reachtúla iad na Coistí Gairmoideachais a bunaíodh faoin Acht Gairmoideachais 1930. Cuireadh an leasú deiridh ar an Acht seo in 2001. Tá 33 coiste gairmoideachais ag feidhmiú i gceantair ar leith ar fud na tíre agus é mar fheidhm acu feabhas a chur ar theacht an phobail sin ar chúrsaí oideachais. Tá stádas dlíthúil ar leith ag gach coiste gairmoideachais. Tá ceantar Gaeltachta mar chuid de cheantar na gcoistí seo a leanas: Contae na Gaillimhe, Cathair na Gaillimhe, Contae Chorcaí, Contae Chiarraí, Contae Dhún na nGall, Contae Mhaigh Eo, Contae Phort Láirge agus Contae na Mí. Cuireann na coistí réimse seirbhísí oideachais, traenála agus seirbhísí tacaíochta ar fáil lena n-áirítear seirbhísí d'iar-bhunscoileanna, don Lucht Siúil, seirbhísí pobail agus seirbhísí don dara deis. Cuireann siad seirbhísí Iar-Ardteistiméireachta ar fáil agus riarann siad cláir Eorpacha. Déanann siad scoileanna gairmoideachais agus scoileanna pobail a bhainistiú agus fostaíonn siad foireann riaracháin agus foireann teagaisc. Cuireann siad seirbhísí oideachais fadsaoil ar fáil. Is as foinsí airgid an Stáit, go príomha, as rátaí áitiúla den chuid eile, a mhaoinítear na Coistí.

## An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta

Sa bhliain 1956 a bunaíodh Roinn na Gaeltachta. Níor aistríodh cúraimí oideachais na Gaeltachta chuig an roinn nua ach fágadh faoin Roinn Oideachais iad mar a bhí. Is i 1974 a d'fhógair an Rialtas go raibh Bord na Gaeilge le bunú faoi chúram na Roinne (chomh maith le hÚdarás na Gaeltachta). Bhí an leagan amach seo ag teacht leis an leagan amach a bhí molta ag Comhairle na Gaeilge. Is iomaí athrú curtha ar chomhdhéanamh na Roinne ó shin i leith (ó rialtas go rialtas) agus athruithe ar leagan amach na Ranna Stáit freisin. D'athraigh an Rialtas seo an comhdhéanamh chun ceangal a dhéanamh idir gnóthaí pobail, tuaithe agus Gaeltachta.

### Ráiteas Misin na Roinne:

"Chun forbairt inmharthana agus chuimsitheach pobail, uirbeach agus tuaithe, a chur chun cinn agus a thacú, lena n-áirítear pobail Ghaeltachta agus oileáin, ag cothú réigiúin níos cothroime tríd sin agus míbhuntáistí a mhaolú agus cur le húsáid na Gaeilge."

I measc na gceithre phríomhearnáil atá aitheanta ag an Roinn, tá Forbairt Tuaithe, Gaeltachta agus Oileán agus é mar sprioc daonra bríomhar a chothú agus a chaomhnú i gceantair tuaithe agus Ghaeltachta agus ar na hoileáin, trí chuidiú leo pobail inmharthana, a bhfuil cultúr fuinniúil acu, a chothú sna ceantair seo. Luaitear freisin An Ghaeilge a chothú agus a chur chun cinn ina bhfuil sé mar sprioc níos mó Gaeilge a chur á labhairt ar fud na tíre agus tacú le caomhnú na Gaeilge sa Ghaeltacht.

Is iad seo a leanas príomhchúraimí an Rannáin a bhaineann le scéimeanna Gaeltachta a bhfuil baint acu le cúrsaí oideachais sa Ghaeltacht.

### Scéim Labhairt na Gaeilge

Faoin scéim seo, féadfaidh an Roinn deontas €260 in aghaidh na scoilbhliana a íoc le teaghlaigh sa Ghaeltacht má shásaítear an Roinn gurb í an Ghaeilge a ngnáth-theanga labhartha agus go bhfuil an líofacht nádúrtha dá réir acu. Mura sroicheann an teaghlach an caighdeán atá riachtanach

faoin scéim, féadfaidh an Roinn deontas laghdaithe 50% a íoc, más deimhin léi gur féidir leis an teaghlach an caighdeán iomchuí a bhaint amach taobh istigh de thréimhse trí bliana.

**Tábla 6**  
Scéim Labhairt na Gaeilge

Bliain	Meastachán	Caiteachas
2004	€700,000	€560,687
2005	€700,000	€722,800
2006	€875,000	

Seo leanas líon na dteaghlach a rinne iarratas faoin scéim de réir contae sna scoilbhlianta 2003/04 agus 2004/05 (clúdaíonn na scoilbhlianta sin cuid de na blianta airgeadais atá i gceist) – agus an méid díobh a thuill an deontas, agus an méid ar diúltaíodh an deontas dóibh. Mar gur ar scoilbhlianta atá na hiarratais bunaithe, tugann na figiúirí sin léargas níos fearr ar an scéim.

**Tábla 7**  
Scéim Labhairt na Gaeilge

Contae	Iomlán na iarratas a íocadh agus a diúltaíodh		An líon a thuill Deontas Iomlán		An líon a thuill Deontas Laghdaithe		Líon na nIarratas a diúltaíodh	
	03/04	04/05	03/04	04/05	03/04	04/05	03/04	04/05
Dún na nGall	1,142	1,078	727	697	345	279	70	102
Maigh Eo	211	268	74	88	87	101	50	79
Gaillimh	1,415	1,410	1,168	1,151	184	199	63	60
Ciarraí	382	378	196	197	148	158	38	23
Corcaigh	167	171	37	35	104	112	26	24
Port Láirge	65	68	20	20	43	43	2	5
An Mhí	47	44	20	21	23	18	4	5
<b>Iomlán</b>	<b>3,429</b>	<b>3,417</b>	<b>2,242</b>	<b>2,209</b>	<b>934</b>	<b>910</b>	<b>253</b>	<b>298</b>

### Scéim na bhFoghlaimoírí Gaeilge

Faoin scéim seo, íoctar deontas le teaghlaigh cháilithe as an nGaeltacht a chuireann cóiríocht oiriúnach ar fáil d'fhoghlaimoírí Gaeilge le linn dóibh a bheith ag freastal ar chúrsaí Gaeilge i gColáistí Gaeilge Samhraidh aitheanta. Fanann roinnt bheag de na foghlaimoírí i mbrúna/coláistí cónaithe agus tá trí cinn díobh siúd seanbhunaithe lasmuigh den Ghaeltacht (Gleann Maghair, Baile an Bhuinneánaigh agus Carraig an Chobhaltaigh).

In 2005, méadaíodh an deontas laethúil a íoctar le teaghlaigh faoin scéim ó €8 go €9, méadaíodh arís é in 2006 ó €9 go €9.50, agus méadaíodh arís é go €10.50 i 2007. Tá socrú déanta leis na coláistí, ó 2003 i leith, nach mbeidh aon íocaíocht laethúil a dhéanann na coláistí leis na teaghlaigh níos lú ná €1.20 in aghaidh gach €1 a íocann an Roinn. Go ginearálta, bíonn an íocaíocht ó na coláistí níos mó ná sin.

I mbuiséad na bliana 2003, fógraíodh go mbeadh teacht isteach na dteaghlach (mná tí) ó bheith ag coinneáil foghlaimoírí Gaeilge ar íostas saor ó cháin ioncain. Deonaíodh an stádas seo nuair a áitíodh gur chóir don Rialtas aitheantas a thabhairt don obair a dhéanann na mná tí i leith chaomhnú na Gaeilge.

**Tábla 8**  
Meastacháin agus  
Caiteachas Scéim  
na bhFoghlaimoírí  
Gaeilge

Bliain	Meastachán	Caiteachas
2004	€3,800,000	€3,638,030
2005	€4,250,000	€4,260,626
2006	€4,250,000	

### Scéim Cúrsaí Gaeilge sa Ghaeltacht do Dhaoine Fásta

Faoin scéim seo (cuid de Scéim na bhFoghlaimoírí Gaeilge), íocann an Roinn deontais le coistí iontaofa a eagraíonn cúrsaí Gaeilge sa Ghaeltacht dírithe ar dhaoine fásta a bhfuil suim acu sa teanga agus sa chultúr Gaelach. Íoctar deontas de €19.05 i leith gach rannpháirtí a fhreastalaíonn ar chúrsa nach lú ná 6 lá, agus €38.10 i leith cúrsa nach lú ná 12 lá. Is ar dhaoine fásta a bhfuil cónaí orthu lasmuigh den Ghaeltacht go príomha atá an scéim seo dírithe ach is féidir glacadh le daoine ón nGaeltacht chomh maith.

Bhí 1,249 duine i gceist in 2004 (caiteachas iomlán de €27,680) agus 1,250 duine in 2005 (caiteachas iomlán de €26,194). Is i gcontaetha Dhún na nGall, na Gaillimhe agus Chiarraí a bhíonn na cúrsaí ar siúl.

### Scéim na gCampáí Samhraidh d'Óige na Gaeltachta

Tacaíonn an Roinn le coistí a eagraíonn campáí samhraidh i measc óige na Gaeltachta go háirithe chun cabhrú le leathnú na Gaeilge go ginearálta agus chun í a neartú mar theanga labhartha i measc óige na Gaeltachta, agus le coistí atá ag iarraidh an Ghaeilge a neartú trí imeachtaí oideachasúla a eagrú (ríomhaireacht, ceardlanna, drámaíocht srl san áireamh).

**Tábla 9**  
Méid  
Campáí  
Samhraidh 2005

Contae	Méid Campa	Méid Páistí	Méid a íocadh	Le hÍoc	Méid a diúltaíodh
Ciarraí	6	271	€10,840.00	0	0
Corcaigh	4	225	€9,000.00	0	0
Dún na nGall	39	1798	€74,800.00	0	2
Gaillimh	55	2587	€124,280.00	2	6
Maigh Eo	13	353	€16,360.00	0	0
An Mhí	2	223	€17,440.00	0	0
Port Láirge	2	114	€4,560.00	0	0
<b>Iomlán</b>	<b>121</b>	<b>5571</b>	<b>€257,280.00</b>	<b>2</b>	<b>8</b>
<b>Caiteachas 2004</b>			<b>€ 224,770.00</b>		

### Scéim na gCúntóirí Teanga

Bunaíodh Scéim na gCúntóirí Teanga i 1999 ar bhonn píolótach chun an Ghaeilge a neartú mar theanga labhartha i measc aos óg na Gaeltachta agus chun iompar teanga scoláirí scoile a chur i dtreo na Gaeilge. Tá an scéim ag dul ó neart go neart ón am sin. Faoin scéim, cuirtear cainteoirí líofa Gaeilge chuig scoileanna Gaeltachta chun cuidiú le páistí nach bhfuil an Ghaeilge

mar phríomhtheanga acu nó i gcásanna a dteastaíonn a thuilleadh cabhrach uathu. Rinneadh athbhreithniú neamhspleách ar an scéim in 2003 agus cuireadh treoirlínte nua i bhfeidhm do Scéim bhuan i gcomhairle leis na heagraíochtaí atá ag riaradh na scéime agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

Tá deontas de €223,864 ceadaithe do CUMAS Teo., Ros Muc, Contae na Gaillimhe chun Scéim na gCúntóirí Teanga i nGaeltacht na Gaillimhe, Mhaigh Eo agus na Mí a riaradh don scoilbhliain 2006-07.

**Tábla 10**  
Cúntóirí Teanga do  
2004/2005

Ainm	Méid Cúntóirí	Méid Scoileanna	Costas
Cumas	28	40	228,053
Gael Uladh	20	29	249,587
Oidhreacht Chorca Dhuibhne	19	26	195,000

**Tábla 11**  
Cúntóirí Teanga do  
2005/2006

Ainm	Méid Cúntóirí	Méid Scoileanna	Costas
Cumas	33	53	243,410
Gael Uladh	23	33	177,000
Oidhreacht Chorca Dhuibhne	22	24	195,000

### Scéim Spreagtha na Gaeilge

Faoin Scéim seo, cuirtear cúnamh ar fáil (uasdeontas €1,040) do dhaoine ar diúltaíodh deontas dóibh chun teach nua a thógáil, má shásaíonn siad an Roinn go bhfuil na coinníollacha faoi Ghaeilge agus gnáthchónaí comhlíonta acu laistigh de thréimhse ceithre bliana.

## Foras na Gaeilge

Ar an dara lá de mhí na Nollag 1999, bunaíodh Foras na Gaeilge, an comhlacht atá freagrach as an nGaeilge a chur chun cinn ar fud oileán na hÉireann. Faoi réir Chomhaontú Aoine an Chéasta, bunaíodh An Foras Teanga, Comhlacht Forfheidhmithe Thuaidh/Theas, chun an Ghaeilge agus an Ultais a chur chun cinn. Faoi choimirce an chomhlachta sin, déanfaidh Foras na Gaeilge na freagrachtaí go léir i dtaca leis an nGaeilge a chur i gcrích. I measc na bhfreagrachtaí sin, tá labhairt agus scríobh na Gaeilge sa saol poiblí agus sa saol príobháideach i bPoblacht na hÉireann. Tá an fhreagracht chéanna ann i leith Thuaisceart Éireann, sa chás go mbíonn an t-éileamh cuí ann agus i gcomhthéacs Chuid III de Chairt Chomhairle na hEorpa um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh.

Aistríodh foireann Bhord na Gaeilge, an Ghúm (Foilsitheoirí) agus an Choiste Téarmaíochta (Forbairt Téarmaíochta) agus a ngníomhaíochtaí ar fad chuig an gcomhlacht nua. Tá ról ag Foras na Gaeilge i dtaca le comhairle a chur ar lucht rialtais, Thuaidh agus Theas, agus ar chomhlachtaí poiblí agus grúpaí eile sna hearnálacha príobháideacha agus deonacha i ngach gnó a bhaineann leis an nGaeilge. Ina theannta sin, cuireann an Foras tionscadail tacaíochta ar bun agus tugann sé cúnamh deontais do chomhlachtaí agus do ghrúpaí ar fud na hÉireann.



## Feidhmeanna Fhoras na Gaeilge:

An Ghaeilge a chur chun cinn.

Úsáid na Gaeilge a éascú agus a spreagadh sa chaint agus sa scríbhneoireacht sa saol poiblí agus sa saol príobháideach sa Deisceart agus, i gcomhthéacs Chuid III den Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh, i Tuaisceart Éireann mar a mbeidh éileamh cuí ann.

Comhairle a thabhairt don dá lucht riaracháin, do chomhlachtaí poiblí agus do ghrúpaí eile san earnáil phríobháideach agus dheonach.

Tionscadail tacaíochta a ghabháil de láimh, agus cúnaimh deontais a thabhairt do chomhlachtaí agus do ghrúpaí de réir mar a mheasfar is gá.

Taighde, feachtais tionscnaimh, agus caidreamh poiblí agus caidreamh leis na meáin, a ghabháil de láimh.

Téarmaíocht agus foclóirí a fhorbairt.

Tacú le hoideachas trí mheán na Gaeilge agus le múineadh na Gaeilge.

Is é misean Rannóg Oideachais an Fhorais a chinntiú go bhfuil an Ghaeilge agus ábhair trí Ghaeilge á múineadh go héifeachtach ar fud an oileáin ar gach leibhéal agus tacaíocht chuí a chinntiú d'earnáil na Gaelscolaíochta. Is iad rólanna na rannóige céanna:

- Comhairle i leith na Gaeilge i réimse an oideachais a chur ar an dá Rialtas, ar na ranna oideachais agus ar a n-ionadaithe agus ar an bpobal i gcoitinne.
- Áiteamh agus, nuair is gá, brú a chur ar eagraíochtaí oideachais chun áit na Gaeilge sa réimse a dhaingniú idir mheon agus pholasáí.
- Comhoibriú le, éascú a dhéanamh ar agus feidhmiú mar idirghabhálaí agus mar chomhairleoir d'eagraíochtaí agus do dhaoine a bhfuil an Ghaeilge á cur chun cinn acu i réimse an oideachais mar phróiseas fadsaoil.
- Cabhrú le forbairt agus le soláthar
  - cúrsaí foghlama Gaeilge agus cúrsaí trí mheán na Gaeilge ar gach leibhéal,
  - acmhainní oideachasúla ar gach leibhéal.

## Freagrachtaí:

An Ghaeilge a chur chun cinn i ngach gné den réimse oideachais mar phróiseas fadsaoil.

Ionadaíocht a ghlacadh ar agus aighneachtaí a chur faoi bhráid Coistí agus Fóraim Rialtais a bhfuil téarmaí tagartha oideachasúla acu.

Tacú agus cabhrú le chur chun cinn, foghlaim agus úsáid na Gaeilge i ngach gné den phróiseas oideachais fadsaoil.

## Tionscadail agus scéimeanna

Foghlaim agus úsáid na Gaeilge a chur chun cinn i measc daltaí, mac léinn, múinteoirí agus aosach ar gach leibhéal, mar shampla, agus iad ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí chun an Ghaeilge a 'normalú' - drámaíocht, aclaíocht, fiontraíocht, Cumainn Ghaeilge, imeachtaí agus gníomhaíochtaí sóisialta, srl.

Cuirtear deontais agus cúnamh eile ar fáil do chlár chun

- Forbairt a dhéanamh ar chúrsaí agus acmhainní foghlama/teagaisc na Gaeilge ar gach leibhéal.
- Imeachtaí agus gníomhaíochtaí lárnacha Gaeilge a reáchtáil i réimse an oideachais.
- Glactar páirt i scéim phíolótach chun gaol níos dlúithe a chothú idir bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna.

Tá cúnamh den chineál seo ar fáil go príomha do chlár a bhfuil tionchar náisiúnta, uile-oileánda agus/nó idirnáisiúnta acu. Braitheann na deontais atá ar fáil ar shrianta buiséid.

## An Gúm

Bunaíodh An Gúm i 1926. Is é an foilsitheoir leabhar Gaeilge is mó sa tír é. Ba chuid den Roinn Oideachais é go dtí gur bunaíodh na forais trasteorann i mí na Nollag 1999 agus is cuid d'Fhoras na Gaeilge ó shin é. Tá thart ar 2,500 leabhar agus 350 píosa ceoil foilsithe ag an nGúm ó bunaíodh é. Tá sé d'fhís ag an nGúm foilseacháin agus áiseanna a chur ar fáil a thacóidh leis an oideachas trí mheán na Gaeilge agus le húsáid na Gaeilge i gcoitinne.

## Údarás na Gaeltachta

Bhí sé mar pholasaí luaite ag gach Rialtas i ndiaidh a chéile ó bunaíodh an Stát úsáid na Gaeilge a chaomhnú agus a leathadh. Ag teacht leis an bpolasaí seo, bunaíodh Údarás na Gaeltachta i 1980 mar ghníomhaireacht fhorbartha réigiúnach don Ghaeltacht. Tá gníomhaíochtaí an Údaráis dírithe tríd is tríd ar leas phobal na Gaeltachta a fheabhsú, agus ar an gcaoi sin, ar a chinntiú go gcaomhnófar an Ghaeltacht. Tá Údarás na Gaeltachta luaite le ról forbartha eacnamaíochta .i. poist mharthanacha a chruthú agus infheistíocht a mhealladh go dtí na réigiúin Ghaeltachta chomh maith le gníomhaíochtaí forbartha pobail, cultúrtha agus teanga, agus é ag obair i bpáirtíocht le pobail agus le heagraíochtaí áitiúla. Déanann an tÚdarás infheistíocht shuntasach in oideachas na Gaeltachta go háirithe sa luathoideachas agus sa tríú leibhéal.

### An Luathoideachas/Naíonraí/Naíolanna

Cuirtear tacaíocht agus maoiniú ar fáil faoi choinníollacha aontaithe do ghrúpaí pobalbhunaithe atá ag iarraidh naíonra/seirbhís luathoideachais trí Ghaeilge a chur ar fáil sa Ghaeltacht. Is tríd an struchtúr Cúram Leanaí na Gaeltachta Teo. a dhéantar riarachán ar naíonraí na Gaeltachta.

Tá 85 naíonra lán-Ghaeilge ag feidhmiú sna ceantair Ghaeltachta cheana féin agus iad ag freastal ar bhreis agus 1,000 páiste réamhscoile. Bíonn comhairle le fáil freisin maidir le bunú agus riaradh naíolann/áiseanna cúraim leanaí lán-Ghaeilge.

Tá ionadaithe ó gach réigiún Gaeltachta ar Bhord Stiúrtha Chúram Leanaí na Gaeltachta Teo. agus tá oifig riaracháin an Bhoird lonnaithe ar an gCeathrú Rua, Contae na Gaillimhe.

### An Bunleibhéal

Is beag plé díreach a bhíonn ag an Údarás leis an mbunleibhéal cé is moite den chúnamh urraíochta a chuireann sé ar fáil d'áiseanna tacaíochta agus tionscnaimh ar nós [www.tobar.ie](http://www.tobar.ie), junior achievement 7rl.

## An tIar bhunoideachas

### Scéim na bPrintíseachtaí

Tá sé mar aidhm ag Scéim na bPrintíseachtaí deiseanna a thabhairt do mhuintir na Gaeltachta cáilíocht a bhaint amach mar cheardaithe aitheanta. Cuireann Údarás na Gaeltachta 50 scoláireachtaí printíseachta ar fáil gach bliain. Is féidir tairbhe a bhaint as scoláireacht phrintíseachta trí leanúint de cheann ar bith de na ceirdeanna aitheanta. De ghnáth, maireann printíseacht ceithre bliana agus bíonn an printíseach ag obair le duine cáilithe/comhlacht aitheanta. Caitheann sé/sí trí thréimhse foghlama in Ionad FÁS nó in Institiúid Teicneolaíochta le linn a p(h)rintíseachta chomh maith.

Roghnaítear daoine do na scoláireachtaí ar bhonn agallaimh, teisteanna praiticiúla/teoirice agus torthaí scrúduithe. Ansin, bíonn orthu comhlacht/conraitheoir aitheanta a aimsiú atá sásta iad a fhostú don thréimhse phrintíseachta. Cabhraíonn an tÚdarás le duine áit a aimsiú má bhíonn deacracht aige/aici. Nuair a chríochnaíonn sé/sí a p(h)rintíseacht go sásúil, tugtar an Teastas Ceardaíochta Náisiúnta dó/di, teastas a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta ag dul leis.

Tá na scoláireachtaí teoranta d'iarrthóirí Gaeltachta a bhfuil líofacht Ghaeilge acu agus atá sé bliana déag d'aois ar a laghad. Ní mór go mbeadh iarrthóirí incláraithe mar phrintíseach faoin Scéim Náisiúnta Printíseachta faoi stiúir FÁS. Chuige sin, teastaíonn pas i gcúig ábhar sa Teastas Sóisearach nó a chomhionann (i gceirdeanna ar leith, bíonn caighdeán áirithe matamaitice riachtanach le scoláireacht an Údaráis a ghnóthú); nó réamhchúrsa aitheanta a bheith críochnaithe aige/aici; nó, i gcás duine atá os cionn 25 bliain d'aois, taithí oiriúnach trí bliana a bheith aige/aici sa cheird.

Faoi scoláireacht an Údaráis, tugtar cabhair airgid don phrintíseach agus don chomhlacht/conraitheoir lena bhfuil sé/sí fostaithe ag céimeanna éagsúla le linn na printíseachta.

Sa bhliain 2005, bronnadh 72 scoláireacht phrintíseachta i gceirdeanna éagsúla .i. siúinéireacht, pluiméireacht, pláistéireacht agus leictreachas. Faoi dheireadh na bliana, bhí 277 duine Gaeltachta ag staideanna éagsúla dá gcuid printíseachta faoi scáth an Údaráis.

### Gairmthreoir

Cuireann an tÚdarás seirbhísí gairmthreorach ar fáil do na scoileanna iar-bhunscoile. Déantar é seo trí chuariteanna scoile, bréag-agallamh, cur i láthair, agus scrúdú mianaigh (Holland Self Directed Search). Déantar iarracht tacú leis an tseirbhís ghairmthreorach sna scoileanna chomh fada agus is féidir.

### Ríomhaireacht

Tugtar tacaíocht do mhúinteoirí i múineadh an ECDL le deis a thabhairt do dhaltaí, roimh fhágáil na scoile dóibh, an teastas aitheanta seo a bhaint amach.

### Físeán

Faigheann daltaí léargas ar bhunscoileanna físeáin agus tugtar deis dóibh na scoileanna sin a chleachtadh trí fhíseán gearr a chur le chéile.

## Fiontraíocht

Scéim Fiontraíochta le cabhair airgid í seo. Lámhleabhar Fiontar Óige. Déantar spiorad na fiontraíochta a chur chun cinn i gcomhthéacs na scoile.

## Scileanna Staidéir

Cúrsa chun cur le foghlaim (Cúrsa leathlae). Breathnaítear ar mhodhanna éagsúla chun an staidéar a dhéanamh níos éasca agus níos éifeachtaí.

## Réamhphrintíseacht

Tugtar deis taithí oibre samhraidh (tréimhse 24 seachtaine) do chailíní roimh an Ardteistiméireacht, nó ina diaidh, i gceird aitheanta ar bith is mian leo. Cuireann an tÚdarás cúnamh ar fáil do mhúinteoirí gairmthreorach le bréag-agallaimh agus teisteanna mianaigh agus a leithéid a réachtáil. Ní ghearrtar aon chostas ar an tacaíocht seo ach cosnaíonn na seirbhísí thart ar €80,000 sa bhliain. Chomh maith leis sin, cuireann an tÚdarás urraíocht ar fáil do ghníomhaireachtaí eile chun cabhrú le háiseanna a chur ar fáil atá úsáideach do na scoileanna: chuir an tÚdarás, mar shampla, urraíocht ar fáil do ICOG le leagan Gaeilge de Captains of Enterprise/Captaein Fiontar a chur ar fáil ar dhlúthdhiosca.

## Gníomhaíochtaí Óige

Ag éirí as staidéar cuimsitheach a rinneadh ar riachtanais óige na Gaeilge, a foilsíodh sa tuarascáil 'Ógshaothar' sa bhliain 2003, cinneadh ar struchtúr óige Gaeltachta a mhaoiniú. I rith 2005, toghadh ionadaithe ar Bhord Stiúrtha na cuideachta Óige na Gaeltachta Teo. ó ionadaithe na n-ógeagras atá ag feidhmiú sna réigiúin éagsúla, mar chuid den réamhullmhúchán do bhunú na cuideachta nua a tháinig ar an bhfód i 2005. Tá sé beartaithe go mbeidh raon leathan de sheirbhísí tacaíochta á chur ar fáil ag an struchtúr nua seo do na hógeagrais sa Ghaeltacht.

## Muintearas

Tionscadal oideachais agus oiliúna is ea Muintearas a chuireann seirbhísí tacaíochta ar fáil do bhunscoileanna agus do phobail sa Ghaeltacht. Cuireann Údarás na Gaeltachta maoiniú bliantúil ar fáil don tionscadal atá ag feidhmiú ar bhunús fochuideachta. Cuireann an tionscadal béim ar leith ar dhaoine óga, ar leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu agus ar réimse leathan cúrsaí a thugann deis do dhaoine sa phobal forbairt a dhéanamh ar a gcuid scileanna pearsanta. Réachtáladh réimse leathan scéimeanna oideachais agus oiliúna in 2005.

## Tátal

Léiríonn an chaibidil seo an réimse leathan gníomhaíochtaí atá ar siúl ag réimse leathan institiúidí agus eagraíochtaí i dtaca leis an Oideachas sa Ghaeltacht. Is ábhar iontais a laghad polasaithe atá ar fáil maidir leis na ceisteanna sonracha a mbíonn pátrúin, múinteoirí agus tuismitheoirí Gaeltachta ag stracadh leo ó lá go lá. Tá infheistíocht bhreise shuntasach á déanamh, tríd an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus trí Údarás na Gaeltachta ach go háirithe, ach is iad pointí tuis agus deiridh an chórais (.i. an réamhscolaíocht agus an tríú leibhéal) is mó a fheiceann an infheistíocht seo. Ar an drochuair, níl an leas céanna le fáil ag an mbunscolaíocht ná ag an iar-bhunscolaíocht as an infheistíocht seo ó tharla nach orthusan atá mórán den infheistíocht chéanna sin dírithe. Cé go bhfuil cúram oideachais na Gaeltachta ar an Roinn Oideachais mar chuid dá hollchúram, ní féidir a rá go bhfuil aon dream fostaithe a bhfuil freagracht ar leith orthu maidir le hoideachas Gaeltachta.

## Moltaí agus Tatal

Ar iniúchadh an ábhair sin a bhaineann le córas oideachais na Gaeltachta agus a bhfuil fáil air i dtuairiscí a chuir institiúidí éagsúla de chuid an Stáit ar fáil ó 1926 i leith, is díol suntais an méid seo a leanas:

A laghad aird a thugtar ar cheisteanna a bhaineann le cearta daonna agus le cearta pobail ar chóras oideachais a fháil ina dteanga féin, tráth a mbíonn córas oideachais na Gaeltachta á phlé

A laghad aird a thugtar ar chóras oideachais na Gaeltachta agus a laghad tábhacht a leagtar air i mbuanú na Gaeilge ná i gceist na Gaeilge go náisiúnta

A laghad taighde atá déanta ar cheist an oideachais sa Ghaeltacht

A laghad moltaí sonracha a dhéantar a bhaineann le struchtúr an oideachais sa Ghaeltacht

A laghad aird a thugtar ar chur i bhfeidhm na moltaí ná ar aithint cúraimí agus freagrachtaí feidhmiúcháin

A laghad infheistíocht bhreise atáthar tar éis a dhéanamh sa chóras bunscolaíochta ná sa chóras iar-bhunscolaíochta

A laghad saineolas atáthar tar éis a fhorbairt sna réimsí seo den oideachas in Éirinn

Léiríonn an taighde a rinneadh mar chuid den tuairisc seo gur beag an tábhacht a leagadh ar chóras oideachais Gaeltachta ó bhunú an Stáit i leith, tráth ar bith a raibh plé ar siúl ná moltaí á ndéanamh maidir le todhchaí na Gaeilge go náisiúnta, ná maidir le háit na Gaeilge sa chóras oideachais. Chonacthas an Ghaeltacht mar cheantar a chuirfeadh dóthain daoine ar fáil a mbeadh líofacht Ghaeilge acu. Is ar éigean Dé go ndéantar tagairt ar bith do chearta mhuintir na Gaeltachta féin ar chóras oideachais cuimsitheach ina dteanga féin.

Is minic a luaitear nach dteastódh ó mhuintir na Gaeltachta, iad féin, go gcaithfí leo ar bhealach ar leith, agus dá réir sin, nach chun a leasa é go gcuirfí córas nó struchtúr ar leith oideachais ar fáil dóibh. Nuair a bunaíodh an Stát nua, bhí daoine ann a cheap gur ghearr arís go mbeadh an Ghaeilge ar ais mar theanga ag an bpobal, agus go bhféadfaí an t-athrú teanga seo a bhaint amach, den chuid is mó, tríd an gcóras oideachais. Aithnítear go coitianta anois gur dearcadh míréadúil rómánsúil a bhí anseo. De réir a chéile, cuireadh an córas oideachais a bhí ar fáil do phobal na tíre in oiriúint do chúinsí teanga an phobail .i. is i dteanga an phobail a cuireadh an soláthar ar fáil (Béarla mar T1) agus an Ghaeilge mar an teanga fhoghlamtha (Gaeilge mar T2). Dá gcuirfí na slata tomhais céanna i bhfeidhm ar chóras oideachais na Gaeltachta, is trí theanga an phobail (an Ghaeilge mar T1) agus an Béarla mar theanga fhoghlamtha (Béarla mar T2) a bheifí ag cur an chórais ar fáil. Sna 1930idí, bhí suas le 50% de pháistí na Gaeltachta á dteagasc trí mheán an Bhéarla (Kelly 2002). Chuir na Coláistí Ullmhúcháin soláthar múinteoirí ar fáil a bhí inniúil ar theagasc trí Ghaeilge nó gur dúnadh iad sa bhliain 1960. Fiú nuair a bhí an teagasc féin á chur ar fáil i nGaeilge, is minic gur i mBéarla a bhí na córais agus na seirbhísí tacaíochta ar fáil. Ina theannta sin, ní dheanadh cúram de na cainteoirí dúchais mar nár cuireadh curaclam ar fáil sna scoileanna a bhí feiliúnach dá gcumas teanga. Dá bhrí sin, is é fírinne an scéil gur ar bhealach ar leith a caitheadh le muintir na Gaeltachta.

Is deacair gan a cheapadh gur cur chuige leatromach míchothrom a bhí anseo a raibh impleachtaí móra aige do phobal na Gaeltachta agus do staid na teanga sa Ghaeltacht. Ní mór

an cur chuige seo a thabhairt san áireamh agus measúnú á dhéanamh againn ar na moltaí sin (a bhain le córas oideachais Gaeltachta) atá le fáil i dtuairiscí nó in obair na gcoimisiún éagsúil a d'fhiosraigh áit na teanga sa chóras oideachais.

Fiú nuair a cuireadh moltaí ar fáil, is féidir a rá go bhfuil siad teoranta ó thaobh scóipe agus doimhneachta de mar nach ndéantar ach tagairt fhánach do struchtúr eagrúcháin ná do chóras feidhmiúcháin. Dá dhonacht sin, is léir go ndéantar na moltaí ceannann céanna arís agus arís eile agus nach mbaineann aon mhachnamh lena gcur i bhfeidhm. Anuas air sin, is léir nach ndearnadh aon athbhreithniú ar pé dul chun cinn a tharla ó rinneadh an moladh céanna an chéad lá.

Is iondúil gur i bhfolús a dhéantar na moltaí agus gan aon socruithe institiúideacha á gceangal leo a chinnteodh go ndéanfaí iad a chur i bhfeidhm. Má ghlacaimid leis gurbh é an tuiscint choitianta a bhí ann gur ar an Roinn Oideachais a bhí an dualgas maidir le córas oideachais na tíre ina iomláine, agus go raibh córas oideachais na Gaeltachta ina chuid de seo, fágтар na moltaí crochta san aer agus is ar éigean a dhéantar tagairt ar bith do na socruithe institiúideacha ba ghá le go bhféadfaí na moltaí a chur i bhfeidhm.

Ba é príomhfhócas an taighde seo féachaint ar cheist seo struchtúr an Oideachais Ghaeltachta. Ar iniúchadh na ceiste, is léir go bhfuil gá le bunmhachnamh nua agus le hathrú fealsúnta chun treise más áil linn go gcuirfí córas oideachais ar fáil do mhuintir na Gaeltachta a thabharfadh a gceart ar chóras oideachais ina dteanga féin dóibh, rud a bheadh ina thaca le cur chun cinn na teanga ar fud na tíre. Ó tharla an scéal amhlaidh, feictear don tuairisc seo gur beag an fiúntas a bheadh le sraith eile fós de mholtaí a chur leis an gcarn atá againn cheana féin ó bhunú an Stáit i leith.

Thar aon ní eile, is léir gur den riachtanas anois é gur ar aon institiúid amháin a leagfaí freagracht iomlán an Oideachais Ghaeltachta agus go mbeadh cumhacht ag an institiúid sin polasaithe a cheapadh agus a chur i bhfeidhm, polasaithe a thiocfadh le polasaithe ginearálta náisiúnta na Roinne Oideachais agus Eolaíochta. Mura ndéantar a leithéid de shocrú, ní ar aon institiúid ar leith a thitfidh an fhreagracht ach déanfar í a scaipeadh ar shraith institiúidí – faoi mar atá i láthair na huaire. Lena chur ar a mhalairt de chaoi, beidh freagracht ar chuile dhream, rud a fhágfaidh nach mbeidh freagracht ar aon dream ar leith, rud a chiallóidh go leanfaidh an staid reatha ar aghaidh mar atá.

Dá réir sin, baineann práinn leis anois go leagfaí cúram iomlán an Oideachais Ghaeltachta ar aon eagraíocht nó institiúid amháin, a mbeidh de chumhacht aici pleanáil a dhéanamh, polasaithe oideachais don Ghaeltacht a cheapadh agus a fheidhmiú, beartais ar leith a chur chun cinn, agus comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí eagrúcháin leasmhara eile.

Aithnítear gurb iad na príomhchúraimí a bheadh ar an struchtúr nua seo polasaithe a cheapadh agus a fheidhmiú (arna mbunú ar thaighde agus ar dhea-chleachtais idirnáisiúnta); seirbhísí cuí a sholáthar mar thacaíocht leis an méid sin, chun a chinntiú gur féidir na polasaithe a fheidhmiú; agus córas oideachais cuí a sholáthar do mhuintir na Gaeltachta. Is gá réimse leathan polasaithe a cheapadh agus a fheidhmiú a dhíreodh ar chur chuige mar seo a leanas:

## Polasaithe a bhaineann le Struchtúr

- Soláthar foirgneamh agus cóiríochta
- Soláthar múinteoirí Gaeilge agus múinteoirí atá inniúil ar mhúineadh i nGaeilge
- Polasaí maidir le painéal múinteoirí
- Polasaí maidir le háiseanna teagaisc

## Polasaithe a bhaineann le Próiseas

- Múineadh na chéad agus an dara teanga
- Múineadh ábhar eile i nGaeilge
- Forbairt áiseanna teagaisc
- Forbairt ghairmiúil múinteoirí
- Forbairt deiseanna sealbhaithe teanga do thuismitheoirí
- Polasaithe nach gcinnteodh ach an caighdeán is airde

## Polasaithe a bhaineann le Rochtain

- Cónascadh scoileanna
- Seirbhísí tacaíochta oideachais agus leighis
- Seirbhísí spóirt is caithimh aimsire
- Seirbhísí gairmthreorach
- Seirbhísí leabharlainne

Is léir ón taighde seo chomh maith nach mór go mbeadh pé struchtúr a chuirfí ar fáil ag comhoibriú leis na geallsealbhóirí éagsúla a bhfuil páirt dhíreach nó indíreach acu san Oideachas Gaeltachta. Ina measc siúd, áirítear an Roinn Oideachais; an Chigireacht; an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta; Údarás na Gaeltachta; an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG); na Pátrúin; na Coistí Gairmoideachais; Ceardchumainn na Múinteoirí, agus na Tuismitheoirí.

Mar a luadh thuas, bheadh sé de phríomhchúram ar an institiúid polasaithe don Oideachas Gaeltachta a cheapadh agus a chur i bhfeidhm. Chomh maith leis sin, bheadh sé de chúram ar an institiúid guth na Gaeltachta a chur chun cinn ag an leibhéal náisiúnta, agus i measc na bpáirtneoirí oideachais ag an leibhéal náisiúnta agus áitiúil. Bheadh sé de chúram ar an institiúid seirbhísí a chur ar fáil chun an tOideachas Gaeltachta a chur chun cinn agus idirbheartaíocht a dhéanamh le hinstitiúidí eile a bhfuil sainchúram nó sainréimsí an oideachais faoina gcúram. Is faoi réir ag an taighde agus ag an dea-chleachtas is fearr agus is nuálaí dá bhfuil le fáil go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta a bheadh cur chuige na hinstitiúide nua seo agus pé taighde a chuirfeadh sí ar fáil. Bheadh sé de chúram ar an institiúid a chinntiú go mbeadh ardchaighdeán oideachais á chur ar fáil do na ceantair Ghaeltachta.

## Rogha Múnlaí do Bhord Oideachais Gaeltachta

Sa chuid seo den tuairisc, díreofar ar mhúnlaí éagsúla a d'fhéadfaí a chur san áireamh. Pléitear anseo leis na struchtúir atá ag feidhmiú sa réimse seo nó i réimse gaolmhar i láthair na huaire.

## Cúram Oideachais na Gaeltachta a chur ar an Roinn Oideachais agus Eolaíochta

Is ar an Roinn Oideachais agus Eolaíochta atá cúraimí oideachais na tíre ar fad, agus cúraimí oideachais na Gaeltachta mar chuid díobh sin. Le blianta beaga anuas, tá cóir nua faoin gcaoi a ndéanann an státchóras a chuid oibre .i. gurb é cúram a bhíonn ar roinn Stáit polasaithe a cheapadh, agus a chinntiú go ndéantar iad a chur i bhfeidhm seachas a bheith ag plé le gníomhaíochtaí feidhmiúcháin ar bith dá mbaineann leis na polasaithe sin ó lá go lá. Níl san Oideachas Gaeltachta ach cuid fíorbheag de mhórchúram oideachais an Stáit ina iomláine. Níl aon struchtúr ar leith taobh istigh den Roinn Oideachais agus Eolaíochta le cúram a dhéanamh den Oideachas Gaeltachta. De réir na fianaise a bailíodh in imeacht na mblianta, agus de réir na dtreochtaí atá ann faoi láthair maidir le riaradh agus bainistíocht an chórais riaracháin phoiblí sa tír seo, ní dócha gur féidir a bheith ag súil leis go ndéanfadh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta aon chúram breise (anuas ar a bhfuil de chúram uirthi cheana féin) a chaitheamh leis an Oideachas Gaeltachta. Tagann seo le héirim a bhfuil á rá ag Cromien (2000). Dá bhrí sin, is beag an mhaith a bheith ag déanamh moltaí atá dírithe go ginearálta ar an Roinn Oideachais agus Eolaíochta. D'fhéadfaí, mar sin féin, fo-struchtúr riaracháin agus feidhmiúcháin a mbeadh cúram sonrach air i leith an Oideachais Ghaeltachta a bhunú sa Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Níor mhór cuóta foirne de státseirbhíshigh a chur i leataobh le feidhmiú sa rannóg seo. Bheadh sé de bhuntáiste ag an struchtúr seo gur taobh istigh den Roinn Oideachais agus Eolaíochta féin a bhunófaí an rannóg nua seo. Ach ina choinne sin, bheadh an rannóg seo ag síorchoimhlint le rannóga eile de cuid na Roinne agus í ag lorg acmhainní foirne agus maoine. Chomh maith leis sin, ba dhodhéanta an ní é foireann (a mbeadh an saineolas cuí aici agus a gcaithfí blianta fada a thabhairt á forbairt) a choinneáil le chéile taobh istigh de roinn mhór Stáit. Ina theannta sin, is ag teacht faoi thionchar díreach Aire Oideachais na linne a bheadh rannóg den chineál seo, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí an rannóg a neartú nó a laghdú faoi réir ag an tábhacht a leagfadh an tAire sin ar an Oideachas Gaeltachta.

## Cúram Oideachais na Gaeltachta a chur ar Údarás na Gaeltachta

D'fhéadfaí cúram oideachais na Gaeltachta a chur ar Údarás na Gaeltachta. Ar an gcéad amharc, is ciallmhar agus réadúil an cinneadh a bheadh anseo. Tá struchtúr riaracháin agus bainistíochta ag an Údarás atá bunaithe le blianta agus tá an eagraíocht ag feidhmiú sna ceantair Ghaeltachta uile. Tá buiséad maith aige ón Státchiste cheana féin agus d'fhéadfaí cur leis an mbuiséad sin agus tiachóg ar leith a chur i leataobh le cúram a dhéanamh de réimse an oideachais. Ach níor mhór rialacha agus nósanna fostaíochta na heagraíochta a scaoileadh ionas go bhféadfaí meitheal a cheapadh a mbeadh saineolas agus sainspéis aici i gcúrsaí oideachais go ginearálta agus i gcúrsaí oideachais na Gaeltachta ach go háirithe. Tá sé de mhíbhuntáiste ag an moladh seo gur fánach a cheapadh go mbeadh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta sásta cúraimí oideachais na Gaeltachta a ligean le bord Stáit atá ag feidhmiú faoi chúram Roinn Stáit eile. Fíú dá ndéanfaí an cinneadh ag an leibhéal polaitiúil, is dócha go mbeadh teannas idir an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus an tÚdarás, a leanfadh ar feadh na mblianta. Ina theannta



sin, is dócha go gcaithfí Acht Údarás na Gaeltachta a leasú ionas go bhféadfadh an eagraíocht cumhacht agus cúraimí oideachais na Gaeltachta a ghlacadh chuici féin. Ní bac dosháraithe é seo ann féin agus d'fhéadfaí an leasú a chur i gcrích mar chuid den athbhreithniú atá ar siúl i láthair na huairé ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta ar ghnóthaí an Údaráis. D'fhéadfaí a fhiosrú chomh maith céanna cén deis a bheadh ann cumhachtaí oideachais a thabhairt don Údarás le hOrdú Aire. Ó tharla gur sna ceantair oifigiúla Ghaeltachta amháin a fheidhmíonn an tÚdarás, mhaolófaí ar chumas an Údaráis tionchar náisiúnta á imirt ar an oideachas trí mheán na Gaeilge, rud a d'fhágfadh go mbeadh air dul i muinín an chomhoibríthe le hinstiúid nó le hinstiúidí eile. Ní miste tagairt a dhéanamh freisin don chóras daonlathach áitiúil trína dtoghtar tromlach Bhord an Údaráis. Ar thaobh amháin, d'fhéadfaí féachaint air seo mar dhearud, ar an ábhar go mbeadh ionchur láidir áitiúil ann i gceapadh agus i bhfeidhmiú polasaithe oideachais. Ar an taobh eile, is minic a ghineann an córas polaitiúil áitiúil céanna amhras i measc geallsealbhóirí profiisiúnta.

## Bord Oideachais Gaeltachta a dhéanamh as COGG

Is mar ghrúpa comhairleach a bunaíodh, de bhun reachtaíochta, an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG). Tá ionadaíocht leathan ar choiste stiúrtha na Comhairle cé nach bhfuil aon ionadaí air ó Údarás na Gaeltachta ná ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Ó bunaíodh an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, tá éirithe léi páirtíocht leathan a thabhairt le chéile agus tá an-dul chun cinn déanta aici maidir le soláthar téacsleabhar agus áiseanna oideachais, agus i dtaca le cúrsaí taighde ach go háirithe. D'fhéadfaí a áiteamh gur ábhar nirt í an ionadaíocht leathan atá ag an eagraíocht chomhairleach, ach ba dheacair ag COGG feidhmiú mar bhord feidhmiúil oideachais agus ionadaíocht na Comhairle chomh leathan is atá i láthair na huairé. Ó tharla earnáil na Gaelscolaíochta a bheith faoi bhorradh i gcónaí, agus príomhoifig COGG a bheith lonnaithe i mBaile Átha Cliath, mhaithfí don té a cheapadh gur mó d'fhócas Gaelscolaíochta seachas Gaeltachta a bhí (agus atá) ag an eagraíocht go dtí seo. Ach ar an taobh eile den scéal, tá tréanarrachtaí ar siúl ag an eagraíocht an taobh Gaeltachta agus Gaelscolaíochta a chomhdhlúthú agus a thabhairt le chéile.

Is léir go bhfuil gaol maith á fhorbairt ag an eagraíocht leis na príomhgeallsealbhóirí, ach go háirithe leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Ó tharla gur grúpa comhairleach í COGG, níl de chumhacht aici polasaí a cheapadh ná a chur i bhfeidhm, agus dá réir sin, dá mbeifí le cúram oideachais na Gaeltachta a leagan uirthi, níor mhór féachaint cé acu an mbeadh gá leis an reachtaíocht faoinar bunaíodh í a leasú. Dá ndéanfaí sin, agus cúram chóras oideachais na Gaeltachta a leagan uirthi, níor mhór ceist eile arís a fhreagairt .i. an mbeadh sé d'acmhainn ag COGG an ról atá á chomhlíonadh aici faoi láthair (ach go háirithe i dtaca le teagasc na Gaeilge), a choinneáil agus, sa chás nach mbeadh, an gcaithfí na cúraimí reatha atá uirthi a leagan ar ghrúpa comhairleach éigin eile, sin, dá gceapfaí gá a bheith lena leithéid de ghrúpa eile?

## Cúram Oideachais na Gaeltachta a chur ar an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta

Mar a léiríodh sa taighde seo, tá an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltacht ar cheann de na príomhgeallsealbhóirí a bhaineann leis an gcóras oideachais sa Ghaeltacht. Déanann an Roinn maoiniú ar réimse leathan gníomhaíochtaí agus scéimeanna a bhfuil ról lárnach acu i gcóras oideachais na Gaeltachta. Bíonn iarrachtaí leanúnacha ar siúl ag an Roinn chun tionchar a imirt ar an gcóras sin. Ó tharla gur an nGaeltacht atá an Roinn dírithe, d'fhéadfaí a áiteamh gur cheart gur uirthi a bhronnfaí cumhachtaí agus cúraimí oideachais na Gaeltachta. De bharr

gur Roinn Stáit í, tá seasamh aici agus í ag déileáil le ranna eile Stáit, seasamh nach mbeadh eagraíocht fo-stáit, cuirim i gcás, in ann a bhaint amach. Tá taithí ag an Roinn ar fheidhmiú na struchtúr réigiúnach atá dírithe ar na réigiúin Ghaeltachta, agus dá bharr seo, tá sí le fáil sna réigiúin sin. Ní gnáthnósmhaireacht riaracháin phoiblí go mbeadh cúram réigiúnach ar Roinn amháin Stáit as sainréimse atá mar príomhchúram ar Roinn eile Stáit, agus dá réir sin, ní dócha go mbeadh aon ghlacadh ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta leis go leagfaí cúraimí oideachais na Gaeltachta ar an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Anuas air sin, ní mór a rá gurb é tuiscint lucht bainistíochta sinsearach chóras riaracháin phoiblí an Stáit ar an scéal gurb é príomhchúram na rann Stáit polasaí a cheapadh, agus gur faoi bhoird Stáit (nó faoi struchtúir dá leithéid) a fhágtar an polasaí sin a chur i bhfeidhm. Fiú dá gcuirfí cúraimí oideachais na Gaeltachta ar an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, is faoin Roinn Oideachais agus Eolaíochta a d'fhanfadh ceapadh an pholasaí náisiúnta oideachais. Chomh maith leis sin, ba dheacair ag Roinn Stáit foireann le sainscileanna oideachais a earcú agus a choinneáil slán taobh istigh de chóras earcaíochta agus acmhainní daonna an stáitchórais.

## Cúram Oideachais na Gaeltachta a chur ar na Coistí Gairmoideachais

Tá ról agus feidhmiú na gCoistí Gairmoideachais faoi bhreithniú le tamall de bhlianta anuas. I dtaca le córas oideachais na Gaeilge de, tá ról lárnach á imirt ag na Coistí Gairmoideachais taobh istigh agus taobh amuigh den Ghaeltacht i gcúrsaí iar-bhunoideachais agus san oideachas fadsaoil. Sa Ghaeltacht, tá cúram iar-bhunscoileanna ar na Coistí Gairmoideachais cheana féin. Tá foráil in Acht na gCoistí Gairmoideachais a cheadaíonn do choistí comhoibriú le chéile chun beartais ar leith a chur chun cinn. Cé go bhféadfaí beartais ar leith a chur chun cinn a rachadh chun leasa an Oideachais Ghaeltachta, ní thugann an fhoráil sin dóthain scóipe, ná fiú an deis, chun córas oideachais Gaeltachta a bhunú air. An mbeadh ciall leis, mar sin, coiste gairmoideachais ar leith a bhunú chun cúram a dhéanamh den Oideachas Gaeltachta? Ní bheadh de thoradh ar an mbeartas sin, is dócha, ach dul chun cinn ar bhonn teoranta. Dá ndéanfaí amhlaidh, bheifí ag teacht salach agus trasna ar chuid de na coistí atá ag feidhmiú sna Gaeltachtaí cheana féin. Ina theannta sin ní chuimseofaí faoina leithéid de shocrú ach leibhéal amháin den chóras oideachais .i. an Iar-bhunscolaíocht.

## Cúram Oideachais na Gaeltachta a chur ar Fhoras na Gaeilge

Bunaíodh Foras na Gaeilge mar institiúid trasteorann chun an Ghaeilge a chur chun cinn ar oileán na hÉireann. De bhun reachtaíochta a bunaíodh an Foras, agus leagann an tAcht cúraimí éagsúla ar an bhForas, agus tugann sé freagracht agus cumhachtaí dó ar fud an oileáin. Cé go gcuimsítear leis sin na ceantair Ghaeltachta, tá socrú déanta ag an bhForas leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus le hÚdarás na Gaeltachta nach bhfeidhmeoidh an Foras sna ceantair Ghaeltachta. Mar sin féin, tá cúraimí ar an bhForas a thrasnaíonn príomhréimsí an oideachais agus a d'imreodh tionchar ar pé socruithe struchtúir don Oideachas Gaeltachta a dhéanfaí sa deireadh. Is cuid den Fhoras é an Gúm, a bhfuil freagracht air téascleabhair agus ábhair oideachais a chur ar fáil. Cé nach ndéanann an Gúm aon soláthar ar leith don Oideachas Gaeltachta, bíonn fáil ag na scoileanna Gaeltachta ar an soláthar áiseanna a chuireann an Gúm amach. Tá cúraimí téarmaíochta ar an bhForas chomh maith, cúraimí a leagadh ar an gCoiste Téarmaíochta. Is ar an mbealach seo a chruthaítear téarmaí oifigiúla sa teanga. Tá stádas oifigiúil ag na téarmaí sin sna ceantair Ghaeltachta chomh maith leis an gcuid eile den tír. De thoradh comhthuisctint seo an Fhorais agus na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta,

i dteannta an Údaráis, ní dócha go mbeadh mórán bunúis leis an moladh go leagfaí cúraimí oideachais na Gaeltachta ar Fhoras na Gaeilge.

## Moltaí

Ar scrúdú na dtuairiscí sin a phléigh leis an nGaeltacht agus le cúrsaí oideachais na Gaeltachta ó 1926 anuas, níl sé i gceist liosta fada eile de mholtaí a chur ar fáil anseo. Is léir nach easpa moltaí atá orainn ná, go deimhin, nach shin é atá ag cur bac ar dhul chun cinn an oideachais sa Ghaeltacht. Ba léir an méid sin don té a léifeadh an tuairisc seo, ina ndéantar achoimre ar na príomh-mholtaí a tháinig ón státchóras, gan trácht ar an té a léifeadh na tuairiscí iomlána. Mar bharr air sin, tá sraith mhór eile moltaí ar fáil i dtuairiscí a d'fhoilsigh eagrais dheonacha neamhstáit ach ar fágadh ar lár iad sa saothar seo. Ní hé gur síleadh gur lú a bhfiúntas mar mholtaí; níl ann ach gur ar an méid a bhí á mholadh ag an státchóras féin maidir leis an gcóras oideachais Gaeltachta a díriodh sa tuairisc seo.

Ní mian leis an tuairisc seo ach moladh amháin a dhéanamh, moladh a bhfuil dhá chuid ann:

**1 A. Go mbunófaí Bord Oideachais Gaeltachta, bord feidhmeach ar a leagfaí cúram iomlán an Oideachais Ghaeltachta, agus go dtabharfaí don Bhord sin na cumhachtaí reachtúla agus na hacmhainní cuí a chuirfeadh ar a chumas na cúraimí sin a chur i bhfeidhm.**

**1 B. Go gcuirfí cúram an Oideachais Ghaeltachta agus an lán-Ghaeilge ar Aire Stáit de chuid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta.**

## Moladh 1A

**Go mbunófaí Bord Oideachais Gaeltachta feidhmeach ar a leagfaí cúram iomlán an Oideachais Ghaeltachta, agus go dtabharfaí don Bhord sin na cumhachtaí reachtúla agus na hacmhainní cuí a chuirfeadh ar a chumas na cúraimí sin a chur i bhfeidhm.**

### Feidhmeanna agus Cúraimí Bord Oideachais Gaeltachta

Aithnítear gur tar éis próiseas idirbheartaíochta agus comhchomhairle leis na geallsealbhóirí uile a chuirfí le chéile leagan iomlán críochnaithe d'Fheidhmeanna agus Cúraimí an Bhoird Oideachais. Is ar mhaithe le tús a chur leis an bpróiseas sin atáthar ag cur na moltaí seo a leanas i láthair.

Bheadh réamhphleanáil, chomh maith le ceapadh agus feidhmiú polasaí, comhordú agus cúraimí tacaíochta agus soláthar seirbhísí de chúram ar Bhord Oideachais na Gaeltachta fad a bhainfeadh leis an oideachas réamhscoile, leis an mbunoideachas, iarbhuideoachas, oideachas pobail agus oideachas fadsaoil sa Ghaeltacht. Chuirfeadh an Bord leis an dea-obair atá ar siúl ag na scoileanna cheana féin, agus leanfadh Bord Bainistíochta na scoile ag feidhmiú maidir lena fhreagracht as riaradh na scoile. Is leis an mBord Bainistíochta a d'fhanfadh cumhacht ceapacháin múinteoirí (mar atá an scéal go dtí seo) ach go mbeadh ar an mBord Bainistíochta aird a thabhairt ar pholasaithe Bhord Oideachais Gaeltachta agus baill foirne nua á gceapadh aige.

### Ceapadh agus Feidhmiú Polasaí

Thar aon ní eile, is den riachtanas é go dtabharfadh an Bord Oideachais Gaeltachta faoi cheapadh polasaithe maidir le cleachtais agus modhanna cuí chun oideachas na Gaeltachta a chur chun cinn. Níor mhór don Bord Oideachais cloí le próiseas comhchomhairliúcháin idir na geallsealbhóirí uile, ach go háirithe idir tuismitheoirí, múinteoirí agus saineolaithe eile san

oideachas dátheangach. Dar ndóigh, is ag teacht le polasaithe náisiúnta oideachais (arna sainiú ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta) a bheadh na polasaithe a cheapfaí.

### Comhordú

Thabharfaí ról comhordúcháin maidir leis an gcóras oideachais Gaeltachta don Bhord Oideachais. Leanfadh an gnáthchóras maoinithe do na scoileanna ar aghaidh mar atá. Bheadh ciste tacaíochta ar leith ar fáil don Bhord Oideachais a chuirfeadh ar a chumas maoiniú ar leith a dhéanamh ar scoileanna agus ar aonaid eile, agus ar ghníomhaíochtaí ba ghá chun polasaithe an Bhoird a chur i bhfeidhm.

### Ceapadh Múinteoirí

Leanfadh an córas náisiúnta ceapacháin múinteoirí ar aghaidh mar atá, agus an fhreagracht (mar atá) ar na Boird Bhainistíochta. Bheadh ar na Boird Bhainistíochta aird ar leith a thabhairt ar na polasaithe a leagfadh an Bord Oideachais Gaeltachta síos agus ceapacháin á ndéanamh acu. Cheapfaí cuóta breise múinteoirí faoi chúram an Bhoird nua, agus dháilfí an cuóta sin de réir riachtanais, agus de réir critéar aitheanta, agus mar chabhair le cur i bhfeidhm pholasaithe an Bhoird.

### Ceapadh Foireann Tacaíochta

Dhéanfaidh an Bord Oideachais Gaeltachta foireann tacaíochta dá chuid féin a fhostú. Áirítear síceolaithe, teiripeoirí teanga, sainmhúinteoirí múinte teanga, comhairleoirí teanga, comhairleoirí ar an oideachas dátheangach, agus múinteoirí tacaíochta mar bhaill thábhachtacha den ghrúpa seo.

D'aithneodh an Bord Oideachais Gaeltachta riachtanais cháilíochta na múinteoirí Gaeltachta, idir mhúinteoirí teanga agus mhúinteoirí a bheadh ag múineadh as Gaeilge, agus is é an Bord a chuirfí i bhfeighil ar an bpainéal múinteoirí a bhunófaí (de réir critéar a d'aontófaí leis na páirtneirí cuí). Ar mhaithe leis an neamhspleáchas (ar den riachtanas é sna cúrsaí seo), moltar nach mbeadh cigirí fostaithe go díreach ag an mBord Oideachais Gaeltachta ach go mbeadh ar chumas an Bhoird socruithe a dhéanamh (trí chóras iasachta nó trí chóras eile dá leithéid) leis an gCigireacht, chun a chinntiú go mbeadh an tseirbhís seo ar fáil sa Ghaeltacht.

### Soláthar Seirbhísí Tacaíochta

Leagfaí ról lárnach ar an mBord Oideachais Gaeltachta maidir le soláthar seirbhísí tacaíochta do na scoileanna Gaeltachta agus don chóras oideachais Gaeltachta go ginearálta.

**Seirbhísí Bainistíochta:** chuirfeadh an Bord seirbhísí comhairliúcháin ar fáil do na Boird Bhainistíochta i dtaca le bainistíocht; bainistíocht acmhainní daonna; airgeadas agus buiséadú, agus teicneolaíocht na faisnéise.

**Seirbhísí Tacaíochta Curaclaim:** bheadh obair mhór le déanamh ag an mBord sa réimse seo. Aithnítear go bhfuil géarghá ag múinteoirí agus ag tuismitheoirí le sainchomhairle maidir leis an oideachas dátheangach ach go háirithe. Bheadh ar chumas an Bhoird taighde a dhéanamh agus tarraingt ar shaineolas náisiúnta agus idirnáisiúnta, rud a chuirfeadh ar a chumas labhairt le húdarás ar chúrsaí oideachais sa Ghaeltacht.

Bheadh sé de chúram ar an mBord pleanáil a dhéanamh d'fhorbairt foirne trí chúrsaí aitheanta a chur ar fáil nó a choimisiúnú le go mbeadh ar chumas na ndaoine ar fad a bhfuil oideachas na Gaeltachta faoina gcúram an cúram sin a chur i gcrích go proifisiúnta. Chuige seo, b'innholta an rud é gur faoi chúram an Bhoird a d'fheidhmeodh ionaid nó fo-ionaid Mhúinteoireachta sna ceantair Ghaeltachta.

Bheadh ról láidir tacaíochta agus comhordaithe ag an mBord maidir le seirbhísí leabharlainne a chur ar fáil (i gcomhar leis na leabharlanna contae), chun a chinntiú go mbeadh fáil ag páistí na Gaeltachta ar raon leathan ábhar léitheoireachta agus go mbeadh fáil ag na múinteoirí ar raon leathan ábhar oideachais a chuideodh lena bhforbairt ghairmiúil féin.

**Seirbhísí Síceolaíochta:** Is ar an mBord a leagfaí an fhreagracht as comhordú a dhéanamh ar na seirbhísí síceolaíochta agus ar sheirbhísí tacaíochta eile. Bheadh ar chumas an Bhoird idirghabháil a dhéanamh le soláthróirí na seirbhísí seo mar chuid dá chuid cumhachtaí pleanála. Dar ndóigh, bheadh ar chumas an Bhoird saineolaithe sna réimsí seo a fháil "ar iasacht" le tacú le foireann an Bhoird féin.

**Seirbhísí Gairmoideachais, Seirbhísí Oideachais Óige agus Oideachais Fadsaoil:** Glactar leis go coitianta go mbaineann tábhacht ar leith le seachadadh teanga ó ghlúin amháin cainteoirí go dtí an chéad ghlúin eile má tá beatha i ndán don teanga sin mar theanga phobail. Fágann seo go mbaineann tábhacht ar leith don Bhord Oideachais Gaeltachta leis na réimsí seo. Déanfaidh an Bord Oideachais Gaeltachta cúram ar leith de na réimsí seo, agus déanfaidh sé comhordú ar an soláthar seirbhísí atá ann ó ghníomhairí eile, nó sin, déanfaidh an Bord féin cúram de sholáthar na seirbhíse sa chás nach bhfuil a leithéid ar fáil cheana féin.

**An Limistéar Tíreolaíochta:** B'ionann limistéar dlínse an Bhoird Oideachais agus na limistéir a leagtar amach do na ceantair Ghaeltachta faoin reachtaíocht. I láthair na huair, fágann seo gur i seacht gcinn de chontaetha éagsúla a bheadh an Bord ag feidhmiú. Cé nach mbeadh cúram na Gaelscolaíochta ar an mBord, ba bheag an chiall gan riachtanais na Gaelscolaíochta a chur san áireamh. B'innholta, mar sin, an struchtúr a eagrú ionas gur chun leasa na Gaelscolaíochta freisin a rachadh forbairt an Oideachais Ghaeltachta, agus go gcuirfí an méid seo san áireamh agus an cinneadh deiridh á dhéanamh maidir le tarmligean na gcumhachtaí oideachais.

**Foireann agus Nósanna Imeachta:** Bheadh Príomhfheidhmeannach agus foireann le fostú ag an mBord Oideachais. Bheadh nósanna oibre agus dualgais riaracháin phoiblí eile le sainiú, agus is léir go mbeadh cúram le caitheamh ionas go bhféadfaí na córais seo a aontú agus a leagan síos. Bheadh gá le foireann shainoilte a bheadh inniúil agus ábalta feidhmiú i suíomh dátheangach, foireann a bheadh eolach ar an dea-chleachtas sa teangeolaíocht, sa tsocheolaíocht agus sa bhainistíocht. Ba chóir go mbeadh sé mar sprioc ag an mBord a bheith ina cheannródaí idirnáisiúnta sa réimse seo taobh istigh de bheagán blianta. Níor ghá go mbeadh foireann an Bhoird, í féin, i mbun gach seirbhíse ná clár gníomhaíochta ó lá go lá, agus moltar go láidir, dá bhrí sin, gur trí chur chuige coimisiúnaithe agus comhpháirtíochta le heagrais phoiblí eile, le heagraíochtaí pobail agus le comhlachtaí príobháideacha a mbeadh ar a gcumas seirbhísí agus saothar ardchaighdeáin a chur ar fáil, a d'fheidhmeodh an Bord. Leis an gcur chuige seo, ba bheag an gá foireann mhór a bheith fostaíthe (go díreach) ag an mBord ó tharla go mbeadh leas á bhaint as cuid seirbhísí comhlachtaí agus institiúidí eile atá ar an bhfód cheana féin, agus go mbeadh tionchar na hoibre á scaipeadh ar fud na bpobal éagsúil. Chinnteodh an cur chuige seo freisin go mbeadh ardchaighdeán, ar bhonn leanúnach, ag baint le hobair an Bhoird.

# Moladh 1B

**Go gcuirfí cúram an Oideachais Ghaeltachta agus an lán-Ghaeilge ar Aire Stáit de chuid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta.**

Maidir le Moladh 1, is den tábhacht é go gceapfaí duine ar leith ar a leagfaí iomlán na freagrachta ó thaobh an chóras rialtais de i leith an Oideachais Ghaeltachta. Is le dhá Roinn Stáit a bhaineann Oideachas na Gaeltachta – leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta go príomha, agus leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta ina dhiaidh sin. Tá de thoradh air seo go mbíonn deacrachtaí ag an státchóras déileáil le réimse den saol poiblí nach dtagann go díreach faoi aon Roinn Stáit amháin. Tá roghanna éagsúla struchtúir curtha i bhfeidhm le blianta beaga anuas maidir le cásanna den chineál seo, ina mbíonn dhá roinn ar leith ag teacht salach agus trasna ar a chéile. Maidir le ceist an Oideachais Ghaeltachta, ba dhea-thoradh ar an scéal é an cúram sin a chur ar Aire Stáit a bheadh bunaithe sa Roinn Oideachais agus Eolaíochta, ach go mbeadh comhloagaíocht i gceist leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.

## Cur chuige agus cur i bhfeidhm

### Bord Oideachais Gaeltachta

Ó tharla an oiread sin eagraíochtaí Stáit (idir ranna Stáit, bhoird Stáit, eagraíocht trasteorann amháin, údarás forbartha réigiúnach, choistí comhairleacha Stáit &rl) a bheith "ag plé" leis an Oideachas Gaeltachta, níl cúram ná freagracht dhíreach as an Oideachas Gaeltachta ar aon dream ar leith seachas an ollfhreagracht sin atá ar an Roinn Oideachais agus Eolaíochta as córas oideachais na tíre ina iomláine. Ní dócha go mbeadh aon ghlacadh mór leis gur chóir struchtúr eile Stáit a bhunú le cúram a ghlacadh as córas oideachais na Gaeltachta sa bhreis ar an iliomad dream atá ag plé leis an gceist i láthair na huaire.

Rinneadh scrúdú sa tuairisc seo ar na roghanna éagsúla a d'fhéadfadh cúraimí Bhord Oideachais Gaeltachta a chomhlíonadh. Is den riachtanas é go mbeadh oideachas na Gaeltachta mar chúram ar aon eagraíocht nó institiúid amháin agus go gcuirfí na cumhachtaí agus na hacmhainní ar fáil a chuirfeadh ar a cumas a cuid dualgas a chomhlíonadh.

Dá réir sin, cuirtear i láthair anseo na múnlaí éagsúla a d'fhéadfadh cúram Bhord Oideachais Gaeltachta a ghlacadh nó a d'fhéadfaí a chur in oiriúint ionas go mbeadh ar a gcumas na cúraimí sin a ghlacadh. As na roghanna éagsúla a cuireadh san áireamh níos luaithe, cuirtear ceithre rogha shonracha i láthair anseo. Ach ghlacadh leis gurb é an Rialtas a dhéanfaidh an roghnú deiridh, cuirtear na múnlaí seo i láthair anois mar chlár oibre a bhféadfaí tosnú láithreach ar a chur i bhfeidhm.

Ach na struchtúir atá ann cheana féin a chur san áireamh, is é tuairim údar na tuairisce seo go bhféadfaí súil a chaitheamh i dtreo na gCoistí Gairmoideachais, na Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, agus Údarás na Gaeltachta chun cúraimí Bhord Oideachais na Gaeltachta a ghlacadh. Socrú é seo ar dheacair a chur le chéile agus a fheidhmiú. Dá nglacfaí le socrú den chineál seo, chaithfí bainistiú a dhéanamh ar réimse casta de ghaoil idireagraíochtúla. Ba den riachtanas é, i socrú den chineál seo, go ndéanfaí eagraíocht cheannasach amháin a ainmniú agus a aithint, agus gur ar an eagraíocht sin, agus ar an eagraíocht sin amháin, a leagfaí iomlán na freagrachta, i ndeireadh na dála. Is é an chéad rogha áfach struchtúr nua .i. Bord Oideachais Gaeltachta, a bhunú faoin Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

## Struchtúr Nua a ghlacadh Cúram Bhord Oideachais Gaeltachta

Faoin socrú seo, bhunófaí struchtúr nua dá ngairfí An Bord Oideachais Gaeltachta, faoi chúram na Roinne Oideachais agus Eolaíochta. Níor mhór go mbeadh cumhachtaí reachtúla ag an mBord agus go mbeadh comhpháirtíocht ar siúl idir é agus na geallsealbhóirí éagsúla. Thabharfaí líne buiséid dá chuid féin don Bhord, agus foireann a mbeadh saineolas aici ar an Oideachas. Níor mhór réimsí den Oideachas atá á láimhseáil ag codanna eile den státchóras a aistriú chuig an mBord seo. Bheadh an réiteach seo ar an réiteach is glaine, agus bheadh deis ag an mBord nua fás agus forbairt a dhéanamh, agus saineolas ar leith a bhailiú i measc a chuid fostaithe.

## Mar mhalairt, moltar an cur chuige seo a leanas, mar an dara rogha:

### Cúram Bord Oideachais Gaeltachta a leagan ar na Coistí Gairmoideachais

Mar a léiríodh roimhe seo, d'imir na Coistí Gairmoideachais páirt thábhachtach san Oideachas Gaeltachta. Is fíor go raibh agus go bhfuil ceangal láidir idir cuid de na coistí agus córas oideachais na Gaeltachta sna contaetha ina bhfuil limistéir Ghaeltachta. Is fíor freisin gur bunaithe cuid mhaith ar dhearcadh agus ar chur chuige an Phríomhfheidhmeannaigh, ach go háirithe, agus ar dhearcadh agus ar chur chuige an Choiste agus an Phríomhfheidhmeannaigh i gcásanna eile atá fiúntas an cheangail seo.

Is díol suntais é nach bhfuil aon fhorbairt polasaí déanta ag na Coistí Gairmoideachais maidir leis an Oideachas Gaeltachta le blianta fada anuas agus gur beag é líon na mbeartas comhoibritheach a rachadh chun leasa na Gaeltachta ina hiomláine atá curtha i bhfeidhm ag na Coistí sin.

Tá struchtúr maith forbartha ag na Coistí agus tá siad gníomhach i measc an phobail i ngach contae ina bhfuil ceantar Gaeltachta. Chomh maith leis an gcóras foirmiúil oideachais dara leibhéal, tá na coistí gníomhach i bhforbairt a dhéanamh ar sheirbhís chuimsitheach oideachais don phobal uile m.sh. oideachas do dhaoine óga agus oideachas fadsaoil. Níl aon chúram ná aon smacht ag na Coistí Gairmoideachais ar bhunscoileanna na Gaeltachta áfach, agus d'fhágfadh seo deacrachtaí móra le sárú ag na Coistí dá gcuirfí cúram oideachais na Gaeltachta orthu.

Níl aon dabht ach go bhfuil na Coistí Gairmoideachais ag smaoineamh go straitéiseach anois ar an ról a d'imreoidís amach anseo i gcóras oideachais na hÉireann, agus go dtiocfadh sé i gceist go sanntóidís aitheantas dóibh féin mar chóras oideachais áitiúil náisiúnta (ar bhonn contae), agus go dtiocfadh na bunscoileanna agus na hiar-bhunscoileanna agus an tseirbhís oideachais phobail faoina mbrat. Ó tharla meath ag teacht ar chumhacht agus ar acmhainní daonna na hEaglaise Caitlicí, agus fás ag teacht ar an Iolrachas sna pobail éagsúla, agus go bhfuil imirceoirí agus sainghrúpaí reiligiúnda i dteideal oideachais (dá rogha féin) faoi Bhunreacht na hÉireann, tuartar anseo gur ceist í seo a bheas ina cnámh spairne idir na hEaglaisí, an Stát, an feachtas don oideachas neamh-shainchreidmheach, ceardchumainn na múinteoirí agus na pobail áitiúla sna blianta beaga seo romhainn. D'fhéadfaí, mar sin, féachaint ar cheist na Gaeltachta ar bhonn píolótach agus struchtúr a shocrú idir na páirtithe éagsúla, faoi chúram na gCoistí Gairmoideachais, a d'fheidhmeodh mar scéim píolótach do chóras oideachais na

tíre ina iomláine. Is faoi chúram na gCoistí Gairmoideachais atá cuid de na hiarbhunscoileanna cheana féin, agus ní dodhéanta a cheapadh go mbeadh ról díreach nó indíreach ag na coistí i reáchtáil agus i mbainistiú na meánscoileanna eile i bhfianaise an mheatha atá ag teacht ar na hOird Rialta. Ní bheadh sé chomh furasta céanna scéal an bhunoideachais a réiteach áfach. Mar sin féin, má thagann forbairt ar mhúnla éigin do "bhunscoil phobail" mar leagan amach don ghnáth-bhunscoil amach anseo, bheadh na coistí réidh le ról gníomhach a bheith acu sa chóras bunscolaíochta ag an tráth sin.

Ní dóigh go mbeadh aon ghá le hathrú a dhéanamh ar an reachtaíocht chun cúraimí Bhord Oideachais Gaeltachta a chur ar na Coistí Gairmoideachais. Tá de chumhacht ag an Aire Oideachais cúraimí breise a chur ar na Coistí, de réir alt 10 den Acht um Ghairmoideachas (arna leasú) 2001. Chomh maith leis sin, seans go bhféadfaí struchtúir a chur ar bun a d'fheidhmeodh ar bhonn réigiúnach (Gaeltachta) agus a bheadh ag teacht le halt 9 agus alt 21 den Acht sin.

### **Cúram Bord Oideachais Gaeltachta a chur ar an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta**

Bunaíodh an Chomhairle, de bhun reachtaíochta, faoi chúram na Roinne Oideachais agus Eolaíochta. Is eagraíocht sách nua í an Chomhairle agus tá sí gann ar acmhainní foirne agus ar mhaoiniú. Mar sin féin, tá dea-chaidreamh aici leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus ní chaitear léi mar a bheadh bagairt ann ar aon struchtúr eile atá ag feidhmiú faoi láthair. Cé go n-aithnítear an Chomhairle mar ghrúpa ar tréine a fhréamha sa Ghaelscolaíochta ná sa Ghaeltacht, tá ionadaíocht uirthi ag tuismitheoirí agus múinteoirí Gaeltachta. Chomh maith leis sin, tá fócas nua curtha ag an gComhairle ar cheist an oideachais sa Ghaeltacht, go háirithe trí thacú le hEagraíocht na Scoileanna Gaeltachta, agus trí na beartais éagsúla taighde atá á gcur i láthair an phobail aici.

Ní léir fós ar ghá aon athrú a chur ar an reachtaíocht faoinar bunaíodh an Chomhairle ach is cinnte go gcaithfí atheagar ó bhonn a chur ar an gComhairle dá mbeifí le cúraimí Bhord Oideachais Gaeltachta a leagan uirthi. Go bunúsach, is ról comhairleach atá ag an gComhairle i láthair na huair, agus chaithfí an ról seo a athrú ina ról feidhmeach. Níor mhór an struchtúr atá sannta don Chomhairle faoin Roinn Oideachais agus Eolaíochta a athrú freisin. Aithnítear an Chomhairle faoi Alt 31 den Acht Oideachais sna focail "bunóidh an tAire comhlacht daoine" – is ionann an Chomhairle agus comhlacht daoine atá bunaithe ag an Aire. Níor mhór struchtúr na Comhairle a shocrú ionas go mbeadh ar a cumas feidhmeanna Bord Oideachais Gaeltachta a chomhlíonadh ó lá go lá. D'fhéadfaí sin a dhéanamh faoi Alt 31 (2) den Acht Oideachais. Ina theannta sin, chaithfí ionadaíocht na Comhairle a athrú ionas go mbeadh ionadaíocht uirthi ag na príomhgheallsealbhóirí oideachais sa Ghaeltacht, mar a pléadh thuas. Bheadh céim mhór ghasta chun cinn le tógáil ag an gComhairle i dtaca le hacmhainní foirne agus le struchtúr feidhmiúcháin.

### **Cúram Bhord Oideachais Gaeltachta a chur ar Údarás na Gaeltachta**

Déanann Údarás na Gaeltachta cúram d'fhorbairt eacnamaíochta na Gaeltachta den chuid is mó. Le blianta beaga anuas, tá an tÚdarás ag leathnú a chuid réimsí oibre agus ag díriú ar an Luathoideachas agus ar fhorbairt na heacnamaíochta sóisialta ach go háirithe. D'iarr an tÚdarás cumhachtaí oideachais Gaeltachta ar an rialtas sna blianta a raibh an plé ar fad ar siúl maidir le Boird Réigiúnacha Oideachais, le linn do Niamh Bhreathnach T.D. a bheith ina hAire Oideachais. Mar is eol dúinn anois, níor bunaíodh na boird réigiúnacha oideachais sin, tráth a bpléite, ná ó



shin. Bunaíodh an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta is Gaelscolaíochta ó shin áfach.

Le gairid, chuir an tÚdarás iarratas faoi bhráid an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta ag iarraidh go leasófaí Ailt 8, 9 agus 10 d'Acht Údarás na Gaeltachta 1979. Dá ndéanfaí na leasuithe a mhol an tÚdarás, is faoi chúram an Údaráis a bheadh cumhachtaí oideachais uile na Gaeltachta feasta (Feic cóip de na leasuithe atá á moladh ag an Údarás in Aguisín 1).

I láthair na huair, tá idirbheartaíocht ar siúl idir an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus Údarás na Gaeltachta maidir lena bhfuil i ndán don Údarás. Ní léir ag an bpointe seo cén toradh a bheas ar an bpróiseas sin ná cén cineál athruithe (maidir le ról agus leagan amach feidhmiúil) a dhéanfar ar an Údarás, sin má dhéantar athrú ar bith.

## **Roghanna eile maidir le Struchtúr, Riarachán agus Bainistíocht**

Moltar sa tuairisc seo go leagfaí freagracht chóras oideachais na Gaeltachta ar aon eagraíocht reachtúil amháin.

Chuirge seo, is é an chéad rogha Bord nua reachtúil a bhunú faoin Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Mar gheall ar an bpráinn agus ar an tábhacht a bhaineann leis an gceist seo, moltar go dtabharfaí faoi bhunú an Bhoird nua seo láithreach bonn. Seo é an bealach is glaine agus is ciallmhaire, agus an modh is mó a thabharfadh toradh ar shaothar agus ar infheistíocht an Stáit.

Luaifear sampla amháin anseo de shocrú tánaisteach, ach dar ndóigh, is iomaí rogha eile ar fáil. Abair go leagfaí cúram oideachais na Gaeltachta ar an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta. D'fhéadfadh an Chomhairle rannóg ar leith a bhunú a dhíreodh ar an Oideachas Gaeltachta. B'indéanta an ní é obair na Rannóige seo a mhaoiniú tríd an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta nó trí Údarás na Gaeltachta, agus chaithfí, sa chás seo, ionadaithe ón Roinn/Údarás a chur ar Choiste Feidhmiúcháin na Rannóige seo. D'fhéadfaí roghanna den chineál céanna a fhorbairt dá mba rud é gur ar na Coistí Gairmoideachais nó ar Údarás na Gaeltachta a chuirfí cúram an Oideachais Ghaeltachta.

# Tagairtí

**An Coimisiún um Athbheochan na Gaeilge**, 1964. Rialtas na hÉireann.

**Bord na Gaeilge**, Plean Gníomhaíochta don Ghaeilge 1983-1985.

**Central Statistics Office**, 2004. Census 2002. Volume 11: The Irish Language. Cork: Central Statistics Office. Ar fáil: [www.cso.ie](http://www.cso.ie).

**Coimisiún na Gaeltachta**, 2002. Tuarascáil. Dublin: Department of Arts, Heritage, Gaeltacht and the Islands.

**Comhairle na Gaeilge**, 1971. Meabhráin don Údarás um Ardoideachas.

**Comhairle na Gaeilge**, 1971. Institiúidí Rialtais Áitiúil agus Forbraíochta don Ghaeltacht.

**Comhairle na Gaeilge**, 1972. I dTreo Polasaí Teanga.

**Comhairle na Gaeilge**, 1973. I dTreo Polasaí Gaeilge san Oideachas.

**Coolahan, J.** 1981. Irish Education History and Structure. Dublin: Institute of Public Administration (Eagrán 2005).

**Commins, P.** 1988. "Socioeconomic development and Language maintenance in the Gaeltacht", International Journal of the Sociology of Language, (70).

**Cromien, S.** 2000. Review of Department's Operations, Systems and Staffing Need. An Roinn Oideachais. (Tuairisc neamhfhoilsithe).

**Government of Ireland**, 1926. Gaeltacht Commission: Report. Dublin: Stationery Office.

**Hindley, Reg.** 1990. The Death of the Irish Language: a qualified obituary. Routledge: London and New York.

**Jones, V.** 2006. A Gaelic Experiment: The preparatory system 1926-1961 and Coláiste Móibhí

**Kelly, A.** 2002. Compulsory Irish: Language and Education in Ireland. BÁC: Irish Academic Press.

**Mac Donnacha, S., Ní Chualáin, F., Ní Shéaghda, A., & Ní Mhainín, T.** 2004. Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta. An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta is Gaelscolaíochta.

**Ó Buachalla, S.** 1977. "Education as an Issue in the First and Second Dáil," Administration, XXV (1), 57-75.

**Ó Buachalla, S.** 1984. "Educational Policy and the Role of the Irish Language from 1831-1981", European Journal of Education, 19 (1).

**Ó Buachalla, S.** Education Policy in Twentieth Century Ireland, Wolfhound Press, Dublin, 1988.

**Ó Cinnéide, M., Mac Donnacha, S., & Ní Chonghaile, S.** 2001. Polasaithe agus Cleachtais Eagraíochtaí Éagsúla le Feidhm sa Ghaeltacht. An tIonad Taighde sna hEolaíochtaí Sóisialta, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

**O'Connor, S.** 1986. A Troubled Sky: reflections on the Irish Educational Scene 1957-1968. Education Research Centre, St Patrick's College.

**Ó hÉallaithe, D.** "Athrú Suntasach Tagaithe ar Dhaonra na Gaeltachta", Foinse, 06/08/2006.

**Ó Gadhra, N.** 1989. An Ghaeltacht (Oifigiúil) – agus 1992? Baile Átha Cliath: Coiscéim.

**Ó Murchú, M.** 1970. Urlabhra agus Pobal. Comhairle na Gaeilge. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

**Ó Murchú, M.** 1984. "Pobal i mBaol a Leáite", Scríobh 6, 63-69.

**Ó Murchú, M.** 2001. Cumann Buan-Choimeádta na Gaeilge: Tús an Athréimnithe. Baile Átha Cliath: Cois Life Teoranta.

**Ó Riagáin, P.** 1997. Language Policy and Social Reproduction: Ireland 1893-1993. Oxford University Press.

**Ó Riain, S.** 1994. Pleanáil Teanga in Éirinn 1919-1985. Baile Átha Cliath: Carbad.

**Rialtas na hÉireann 1986.** Tuarascáil an Chomhchoiste um Oideachas sa Ghaeltacht.

**Roinn Gnothaí Pobail**, Tuaithe agus Gaeltachta, 2004. "Conradh i ndáil le Staidéar Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht Fógraithe ag Ó Cuív", Ráiteas Nuachta 31.01.04, feic [www.pobail.ie](http://www.pobail.ie).

**Walsh, J., Mc Carron, S., & Ní Bhrádaigh, E.** 2005. "Mapping the Gaeltacht: Towards a Geographical Definition of the Irish-Speaking Districts", Administration, 53, (1).

**Walsh, J.** 2002. Díchoimisiúnú Teanga: Coimisiún na Gaeltachta 1926. Baile Átha Cliath: Cois Life Teoranta.

## Aguisín I

# Leasú atá á mholadh ag Údarás na Gaeltachta ar Acht an Údaráis 1979.

### Leasú ar Acht Údarás na Gaeltachta, 1979

Alt 8 – (i) Chun caomhnú agus leathadh na Gaeilge mar phríomh-mheán cumarsáide sa Ghaeltacht a spreagadh agus chun forbairt na Gaeltachta a chur chun cinn ó thaobh cultúir, sóisialachta, geilleagair, pobail agus ionannais beidh ag an Údarás na feidhmeanna agus na cumhachtaí seo a leanas

- (a) Buanú agus sealbhú na Gaeilge a chur chun cinn tríd an luathoideachas
- (b) An bonneagar gnó agus sóisialach atá riachtanach d'fhorbairt chomhtháite na Gaeltachta a chur chun cinn agus spreagadh a thabhairt dá sholáthar
- (c) Oideachas agus oiliúint pobail ar a n-áirítear an t-oideachas aosach, gairme agus fadsaoil agus an ollscolaíocht trí Ghaeilge a spreagadh agus a chur chun cinn
- (d) Forbairt pobail, na healaíona dúchasacha agus comhaimseartha, an geilleagar sóisialta agus an cultúr Gaelach i gcoitinne a spreagadh agus a chur chun cinn trí pé meáin agus i pé slí is oiriúnach
- (e) Tionscail seirbhísí trádáilte, scéimeanna táirgiúla fostaíochta, agus an turasóireacht chultúrtha a chothú agus a chur chun cinn
- (f) An Ghaeltacht a mhargú mar limistéar tarraingteach gnó agus turasóireachta cultúrtha
- (g) Polasaí agus clár gníomhaíochta forbartha oileánda a thionscnamh agus a chur chun cinn in oiriúint do riachtanais ar leith na n-oileán mara Gaeltachta.
- (h) Feidhmíú ar bhonn comhpháirtíochta leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta i gcothú soláthar oideachais Gaeltachta agus feidhmíú mar chomhlacht comhairleach sainithe maidir le cur i bhfeidhm Alt 9 (h) den Acht Oideachais, 1998 [Uimhir 51 de 1998]<sup>2</sup>.
- (i) Seirbhísí a chur ar fáil ar chonradh don Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta faoi réir nach dtagann a leithéid sin salach ar fhreagrachtaí reachtúla aon chomhlachta eile stáit

Alt. 9 (i) Chun forbairt na Gaeltachta a chur chun cinn ó thaobh teanga, cultúir, sóisialachta, ionannais agus geilleagair beidh ag an Údarás, i dteannta na bhfeidhmeanna a shonraítear san Acht seo ar leith ón alt seo, na cumhachtaí a thabharfar dó le hordú ón Rialtas.

(2) Maidir le hordú faoin alt seo –

- (a) Féadfaidh sé cibé feidhmeanna a shonróidh sé de chuid údaráis áitiúil – pleanáil fhisiciúil, soláthar tithíochta nó eile - nó Choiste Gairmoideachais a thabhairt don Údarás;

<sup>2</sup> 9. Cuirfidh scoil aitheanta oideachas ar fáil do mhic léinn ar oideachas é is cúí dá gcumais agus dá riachtanais agus, gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, úsáidfidh sí na hacmhainní a bheidh ar fáil di

(h) i gcás scoileanna atá lonnaithe i limistéar Gaeltachta, chun cuidiú leis an nGaeilge a choinneáil mar phríomhtheanga an phobail,

- (b) Féadfaidh cíbe forálacha teagmhasacha nó iarmhartacha a bheith ann is dóigh leis an Rialtas is gá, lena n-áirítear modhnú ar fhorálacha reachtúla;
  - (c) Féadfaidh sé coinníollacha a fhorchur i ndáil le haon chumhacht a thugann sé a fheidhmiú;
  - (d) Féadfaidh sé socrú a dhéanamh le haghaidh íocaíochtaí ag an Údarás;
  - (e) Féadfar é a leasú nó a chúlghairm le hordú ón Rialtas.
- (3) I gcás a mbeartófar ordú faoin alt seo a dhéanamh, leagfar dréacht den ordú faoi bhráid gach Tí den Oireachtas agus ní dhéanfar an t-ordú go dtí go mbeidh rún ag ceadú an dréachta rite ag gach Teach?

Alt.10(1):Chun na feidhmeanna atá leagtha amach in Alt 8 a chur i bhfeidhm beidh cumhacht ag an Údarás, faoi réir an ailt seo, caiteachas a dhéanamh nó cúnamh airgid a thabhairt (lena n-áirítear deontais a thabhairt, scaireanna a cheanach agus caiteachas a thabhu ar fhoirgnimh nó eile) ar cibé téarmaí agus faoi réir cibé coinníollacha is cúil leis.

- (2) Féadfaidh an tÚdarás comhoibriú agus cabhrú le haon daoine, fhorais, ghníomhaireachtaí nó chomhlachtaí ag a mbeidh baint, go díreach nó go neamhdhíreach, le caomhnú agus leathadh na Gaeilge mar phríomh-mheán cumarsáide sa Ghaeltacht, agus féadfar a áireamh sa chabhair sin íocaíochtaí nó deontais ag an Údarás ar pé téarmaí agus coinníollacha is oiriúnach leis.



